

louth oca authorities



Tuarascáil Bhliantúil 2008



“CEANNASAÍOCHT A SHOLÁTHAR
AGUS SEIRBHÍS ÉIFEACHTACH AR
ARDCHAIGHDEÁN A SHEACHADADH
DO MHUINTIR LÚ”

Comhairle Chontae Lú

Telefón: (042) 933 5457

Facs: (042) 933 4549

info@louthcoco.ie

www.louthcoco.ie

LoCall: 1890 202303

Comhairle Thoghlach Dhroichead Átha

Telefón: (041) 987 6100

Facs: (041) 983 9306

info@droghedaboro.ie

www.droghedaboro.ie

Comhairle Bhaile Dún Dealgan

Telefón: (042) 933 2276

Facs: (042) 933 6761

info@dundalktown.ie

www.dundalktown.ie

Baile Bhaile átha Fhirdhia

Telefón: (041) 685 8191

Ashville Media Group

Telefón: (01) 432 2200; Facs: (01) 672 7100

info@ashville.com; www.ashville.com



CLÁR

Comhóráid ón mBainisteoir Contae, ó na Cathaoirligh agus ón Mhéara	2
Toghcheantair	3
Baill Chomhairle Contae Lú 2008	4
Foireann – Comhairle Contae Lú	6
Baile Chomhairle Baile Dhún Dealgan	7
Baill Chomhairle Baile Dhroichead Átha	8
Baill Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia	9
Seirbhísí Corparáideacha & Stiúrthóireacht Tithíochta	10
Stiúrthóireacht Iompair & Phleanála	13
Stiúrthóireacht Comhshaoil & Seirbhísí Uisce	18
Stiúrthóireacht Pobail & Fiontraíochta	26
Comhairle Baile Dhún Dealgan	35
Comhairle Baile Dhroichead Átha	41
Aguisín	46
Príomhtháscairí Feidhmíochta	46
Ionadaíocht ar CBS/CBC	52
Comhdhálacha & Seimineáir	57
Figiúirí Airgeadais	61

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

“Ceannasaíocht a sholáthar agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sheachadadh do mhuintir Lú.”



Tír na bhFíncéalta

Conn Murray,
Bainisteoir Contae, Údarás Áitiúla Lú



Declan Breathnach,
Cathaoirleach, Comhairle Contae Lú



Seamus Keelan,
Cathaoirleach, Comhairle Baile Dhún Dealgan



Cúis áthais is ea é dúinn Tuarascáil Bhliantúil 2008 a chur i láthair thar ceann Údarás Áitiúla Lú. Doiciméad tábhachtach is ea an Tuarascáil Bhliantúil maidir le hathbheithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na n-údarás áitiúil. Foinse eolais is ea í chomh maith don phobal ar ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí éagsúla na n-údarás áitiúil.

Lean Údarás Áitiúla Lú orthu ag díriú, i gcaitheamh na bliana, ar fhorbairt eacnamaíochta agus bhrosáigh roinnt tionscnamh eacnamaíochta a ceapadh chun láthair ghnó níos insroichte agus níos tarraingtí a dhéanamh de Lú. Comhlánfar sin le hathbheithniú ar an bPlean Forbartha reachtúil le haghaidh Co. Lú agus Dún Dealgan, a thosaigh ag deireadh 2008. Is dóigh linn go dtreoróidh an plean seo forbairt an chontae sa todhchaí.

Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal i gcaitheamh na bliana ar a n-áirítear:

- Tabhairt chun críche Pháirc an Athar Finn, Sráidbhaile Lú.
- Tabhairt chun críche Stáisiún Dóiteáin Dhroichead Átha.
- Seoladh Thionscnamh Contae Lú um Dhaoine Scothaosta.
- An rath a bhí ar Bhaile an Tallúnaigh sa chomórtas Eorpach Entente Florale.
- Seoladh rathúil bhanda nua Dhún Dealgan mar aon leis an obair leanúnach atá ar siúl ag Grúpa Forbartha Eacnamaíochta Dhún Dealgan.

Ar an drochuair cuireadh tús sa bhliain 2008 le meathú sa gheilleagar domhanda agus sa gheilleagar náisiúnta araon a mbeidh tionchar aige, gan amhras, ar obair Údarás Áitiúla Lú sa bhliain 2009 agus ina dhiaidh.

Cúis bhróin dúinn gur bhásaigh iar-Chathaoirleach Chomhairle Contae Lú, John McConville, Uasal, agus roinnt ball foirne, Paul Taaffe, Paddy Duffy agus Brian Mulholland, i gcaitheamh na bliana. Suaimhneas síoraí dá n-anamnacha.


Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun moladh a thabhairt do thiomantas agus d'obair fhoireann agus bhaill tofa Údarás Áitiúla Lú, do bhaill na gCoistí Beartais Straitéisí éagsúla agus do bhaill an Bhoird Forbartha Contae le dhá mhí dhéag anuas. Tá síúil againn go leanfar den dul chun cinn sa bhliain 2009 i gcomhar leis na gníomhaireachtaí éagsúla Stáit, an earnáil phríobháideach agus ár bpobail áitiúla.

Frank Maher,
Méara, Comhairle Baile Dhroichead Átha



Tom Minogue, Cathaoirleach, Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdbia





AN TOGHCHLÁR

Aithníonn an chomhairle an cúram atá uirthi a chinntiú go mbíonn deis ag saoránaigh incháilithe a vóta a chaitheamh. Gach bliain tiomsaítear clár de na saoránaigh go léir atá i dteideal vótála i dtoghcháin áitiúla, ghinearálta nó uachtaránachta agus i reifrinn.

TOGHCHEANTAIR

Ceantar	Líon na ndaoine ar an Toghchlár
Baile Átha Fhirdhia	17,366
Droichead Átha Thoir	19,453
Droichead Átha Thiar	13,467
Dún Dealgan/Cairlinn	18,376
Dún Dealgan Theas	20,153



Dún Dealgan/Cairlinn

Fine Gael

Terry Brennan



Fianna Fáil

Seamus Keelan



Sinn Féin

Jim Loughran



Non Party

Jim Ryan



Fianna Fáil

Peter Savage



Sinn Féin

Tomás Sharkey



Dún Dealgan Theas

Non Party

Martin Bellew



Fianna Fáil

Declan Breathnach



Fine Gael

Jim D'Arcy



Non Party

Mary Grehan



Fianna Fáil

Donal Lynch



Sinn Féin

Kevin Meenan



Baile Átha Fhirdhia

Fine Gael
Finnan McCoy



Fianna Fáil
Thomas Clare



Fine Gael
Jim Lennon



Sinn Féin
Pearse McGeough



Fianna Fáil
Liam Reilly



Droichead Átha Thoir

Fianna Fáil
Jacqui McConville



Fianna Fáil
Jimmy Mulroy



Sinn Féin
Imelda Munster



Fine Gael
Michael O'Dowd



Fine Gael
Oliver Tully



Droichead Átha Thiar

Fine Gael
Anthony Donohoe



Fianna Fáil
Frank Maher



Labour
Gerald Nash



Non Party
Ken O'Heiligh



Foireann – Comhairle Contae Lú

CONN MURRAY – Bainisteoir Contae

M CURRAN – Stiúrthóir Seirbhíse

J MARTIN – Stiúrthóir Seirbhíse

J MCGUINNESS – Stiúrthóir Seirbhíse

E WALSH – Stiúrthóir Seirbhíse

B WOODS – Ceannasaí Airgeadais

OIFIGH FEIDHMIÚCHÁIN SHINSEARACHA

C MOSS (Seirbhís Chorparáideach)

M MURTAGH (Comhshaol)

P FITZSIMONS (Tithíocht & Seirbhísí Éigeandála)

P DONNELLY (Bóithre & Muirí)

W WALSH (Pleanáil & Forbairt)

E MULHOLLAND (Teicneolaíocht na Faisnéise)

B LYNCH (Cuntasóir Airgeadais)

R MCAULEY (Cuntasóir Airgeadais)

A WARD (Leabharlannaí Contae)

INNEALTÓIRÍ SINSEARACHA

R MCKENNA (Tithíocht)

G KELLY (Bóithre & Muirí)

P FINN (Seirbhísí Comhshaoil)

M O'CALLAGHAN (Seirbhísí Sláintíochta)

PLEANÁLAÍ SINSEARACH

G DUFFY (Pleanáil)

Baill Chomhairle Baile Dhún Dealgan

Non Party
Martin Bellew




Fianna Fáil
Seamus Keelan



Green Party
Mark Dearey



Sinn Féin
Ian Dooley



Non Party
Mary Grehan



Fianna Fáil
Seamus Byrne




Sinn Féin
Harry Todd



Fianna Fáil
Noel Lennon



Sinn Féin
Kevin Meenan



Fine Gael
Jim D'Arcy



Fine Gael
Eamonn O'Boyle



Non Party
Jim Ryan



COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN - FOIREANN

Gonn Murray Bainisteoir Contae

F Pentony Cléireach an Bhaile

David Storey Príomhoifigeach Fheidhmiúcháin

Catherine Duff Innealtóir an Bhaile

Baill Chomhairle Baile Dhroichead Átha

Fianna Fáil
Tommy Murphy



Fine Gael
Michael O'Dowd



Sinn Féin
Dom Wilton



Labour
Gerald Nash



Non Party
Malachy Godfrey



Fianna Fáil
Jimmy Mulroy



Fine Gael
Anthony Donohoe



Fianna Fáil
Tommy Byrne



Labour
Paul Bell



Sinn Féin
Mathew Coogan



Fianna Fáil
Frank Maher



Non Party
Ken O'Heiligh



COMHAIRLE BAILE DHROICHEAD ÁTHA - FOIREANN

Conn Murray Bainisteoir Contae

D Foley Cléireach an Bhaile

Mary T Daly Príomhoifigeach Fheidhmiúcháin

Dermot Agnew Innealtóir an Buirge

Baill Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Fine Gael
Niall Carberry



Sinn Féin
Seamus Gaffney



Labour
Leonard Hatrick



Fianna Fáil
Padraig McKenny



Fianna Fáil
Fintan Malone



Non Party
Jim Tenanty




Fine Gael
Finnan McCoy



Fine Gael
Fionnán McCoy



Labour
Tom Minogue



COMHAIRLE BAILE BHAILE ÁTHA FHIRDHIA - FOIREANN

Conn Murray Bainisteoir Contae

Mairead Duffy Cléireach an Bhaile

Seirbhísí Corparáideacha & Stiúrthóireacht Tithíochta

RIARACHÁN CRUINNITHE 2008

Thionóil Comhairle Contae Lú gach ceann dá cruinnithe reachtúla míosúla agus cruinnithe buiséid. Tionóladh trí cinn de Chruinnithe Speisialta i gcaitheamh 2008. Tá miontuairiscí chruinnithe na comhairle ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Lú.

Tionóladh trí chruinniú den Ghrúpa Beartais Chorparáideach i gcaitheamh na bliana.

Chuaigh an Comhairleoir Tommy Reilly ar scor an 30 Meitheamh 2008 tar éis ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Thoghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia ar feadh seacht mbliana déag. Guíodh gach rath air féin agus ar a theaghlach ar ócáid a scoir.

COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH

Bhí cúig chruinniú ag an **CBS TITHÍOCHTA** i gcaitheamh 2008. Ar na míreanna a bhí ar chlár oibre bhí:

- Scéim chun ranníocaíochtaí airgeadais a éileamh ar iarrthóirí áirithe ar thithíocht údarais áitiúil.
- Poir áirithe madraí a mheastar atá dainséarach a chosc ó eastáit tithíochta na n-údarás áitiúil.
- Moltaí a rinneadh lena n-áirítear cistiú le haghaidh DPGanna agus EFGanna, Clár Shíocháin III, An Clár um Chóiríocht Taistealaithe 2005-2008.
- Straitéis Tithíochta.
- Ceisteanna dearaidh in eastáit údarais áitiúil.
- Dréachtphlean Feidhmithe um Míchumas.
- Straitéis um Dhaoine gan Dídean.

Bhí ceithre chruinniú ag an **CBS PLEANÁLA** i gcaitheamh 2008. Ar na míreanna a bhí ar chlár oibre bhí:

- Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae: Cur i láthair Páipéar Saincheisteanna agus ceardlann, breithniú ar shaincheisteanna criticiúla (roinnte ina dhá ghrúpa oibre).
- Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae: Breithniú ar cheist na tithíochta tuaithe (roinnte ina dhá ghrúpa oibre).
- Tuairisc ar ailtireacht na Príomhshráide, Na Creagacha Dubha.
- An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte: Dréacht-Threoirlínte Comhairliúcháin.
- An Plean Bithéagsúlachta: Cur i láthair ó Breandan McSherry, Uasal, Oifigeach Oidhreachta.
- Straitéis miondíola: Tuairisc ón bPleanálaí Sinsearach ar an stádas reatha.

Bhí cúig chruinniú ag an **CBS SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL** i gcaitheamh 2008. Ar na míreanna a bhí ar chlár oibre bhí:

- Pleananna Bainistíochta d'Abhainntraigh.
- Cur i láthair na bhFodhlíthe Dramhaíola.
- Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae.
- Rialacháin Ceadra Dramhaíola.
- Beartas Táillí um Bailiú Dramhaíola.
- Treoir um Thorann Comhshaoil.
- Straitéis um Athrú Aeráide.
- Dearadh Láithreacha Beir Leat.

Bhí crunniú amháin ag an **CBS CORPARÁIDEACH I** i gcaitheamh 2008. Ar na míreanna a bhí ar chlár oibre bhí:

- Beartas Súgartha.

Spríoc 1 – An tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí agus dár gcliainnt.

CÚRAM DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá Cairt ar leith do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochtaí ag Údarás Áitiúla Lú chun freastal ar riachtanais gach custaiméara. Sa bhliain 2008:

- Rinneadh cúig cinn de ghearáin chustaiméara tríd an gcóras foirmeálta.
- Tarraingíodh seacht ábhar anuas le Fear an Phobail.

Tá ár n-uimhir ar leith ÍosGhlao 1890 202 303 ar fáil 24 uair sa lá, seacht lá na seachtaine agus le linn 2008 fuarthas 4,416 glao le linn na tréimhse iar-ama. Coimeádtar taifead de shonraí gach glao agus glaoitear ar bhaill den fhoireann éigeandála más gá. I ngach cás eile réitítear an cheist le linn an lae oibre.

Rinneadh 17 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997/2003 sa bhliain 2008.

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA

Cheadaigh an tAire scéim sa bhliain 2007 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a thugann sonraí na seirbhísí a chuirfeair ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ar iarratas an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, d'ullmhaigh Comhairle Contae Lú Scéim Ghaeilge a glacadh mí na Samhna 2007. Leagtar amach sa Scéim seo, a bheidh in éifeacht go ceann trí bliana go Samhain 2010, na seirbhísí a bhfuil sé i gceist ag Comhairle Contae Lú a sholáthar i nGaeilge amháin agus i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá an Scéim Ghaeilge á cur chun feidhme ag Comhairle Contae Lú i láthair na huairé agus tá an Chomhairle tiomanta do

chomhlíonadh a hoibleagáidí reachtúla maidir leis na gealltanais atá leagtha amach sa Scéim.

I measc na ngealltanais sa Scéim a comhlíonadh go dtí seo tá:

- Bunú Coiste Logainmneacha, chun treoirínite a cheapadh agus comhairle a sholáthar maidir le hainmneacha cuí d'fhorbairtí nua.
- Seoladh cineálach ríomhphoist Gaeilge a cheapadh le haghaidh comhfhreagrais Ghaeilge.
- Cur chun cinn agus rannpháirtíocht i Seachtain na Gaeilge.
- Iniúchadh Gaeilge a dhéanamh i measc na foirne.
- Freagraí i nGaeilge a thabhairt ar chomhfhreagras a fhaighear i nGaeilge.
- Baill foirne a bheadh in ann ceisteanna a láimhseáil agus agallaimh a dhéanamh le heagraíochtaí sna meáin Ghaeilge a aithint agus a sonraí teagmhála a chur ar fáil do na heagraíochtaí sin.

Tá Comhairle Contae Lú ag obair i láthair na huaire chun na gealltanais seo a leanas sa Scéim a chur chun feidhme:

- Seirbhís iomlán dhátheangach a sholáthar sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha.
- A chinntiú go mbíonn gach foirm iarratais agus bileoga eolais gaolmhara a úsáideanna an pobal i gcoitinne ar fáil sa dá theanga.
- A chinntiú go mbeidh foirmeacha iarratais ar fáil sa dá theanga ar láithreán gréasáin na Comhairle.
- Baill foirne a bhfuil scileanna réasúnta Gaeilge acu a aithint agus teacht ar chomhaontú leo chun go soláthróidh siad seirbhís Ghaeilge.
- Oiliúint sa Ghaeilge a sholáthar don fhoireann.
- Feasacht teanga a chur san áireamh in oiliúint ionduchtúcháin agus in oiliúint seirbhíse do chustaiméirí.

Leanfaidh Comhairle Contae Lú de bheith ag brostú chur chun feidhme na Scéime Gaeilge go lánchríoch. Aithníonn Comhairle Contae Lú an tábhacht a ghabhann le húsáid na Gaeilge agus tá sí tiomanta d'úsáid na Gaeilge a mhisniú i measc na foirne agus do sheirbhís Ghaeilge a sholáthar don phobal, nuair a iarrtar í.

AN TOGHCHLÁR

D'fhoilsigh Comhairle Contae Lú a Toghchlár ar an 14 Feabhra 2008. Bhí 87,188 toghthóir ar an gClár. Rinneadh athbhreithniú i gcaitheamh na bliana ar na toghcheantair agus athdháileadh suíochán amháin ó Dhún Dealgá/Cairlín go ceantar Dhroichead Átha Thoir/Thiar. Sa cheantar céanna rinneadh roinnt athruithe ar theorainneacha idir Dún Dealgán Theas agus Dún Dealgán/Cairlín i gContae Lú agus athruithe sna teorainneacha laistigh de cheantair uirbeacha Dhún Dealgán agus Dhroichead Átha.

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

I gcaitheamh 2008 íocadh €2,887,166.88 san iomlán le hiarrthóirí ar Dheontas Ardoideachais mar a mhiondealaítear sna táblaí thíos:

Fochéimí	Iarratais
1ú Bliain	79
2ú Bliain	55
3ú Bliain	206
4ú Blain	248

Iarchéimí	Iarratais
1ú Bliain	22
2ú Bliain	19
3ú Bliain	11
4ú Blain	3

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACTH

Leanadh den dul chun cinn sa bhliain 2008 ar chleachtas Sláinte & Sábháilteachta a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud Údarás Áitiúla Lú.

Sa tréimhse seo bunaíodh Coiste Bainistíochta Sábháilteachta nua maidir leis an tSeirbhís Dóiteáin. Cuireadh an Plean um Chóras Sábháilte Oibre le haghaidh obair ar na bóithre ar fáil sa bhliain 2008.

I measc an obair eile a tugadh chun críche i gcaitheamh na bliana:

- Thug Údarás Áitiúla Lú measúnachtaí chun críche ar thorann agus ar chreathanna ar fud raon de ghníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil.
- Rinneadh iaracht measúnachtaí rioscaí a cheapadh i gcás gach gníomhaíochta. Tugadh roinnt mhaith de na measúnachtaí seo chun críche.
- Ceannaíodh roinnt gléasanna d'oibríthe aonair chun cabhrú le sábháilteacht, sláinte agus leas oibríthe aonair a chosaint agus úsáidfead iad i gcomhar leis an mBeartas d'Oibríthe Aonair.

Spríoc 5 – Comhaontais agus comhpháirtíochta oibre a fhorbairt, laistigh den eagraíocht agus le heagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse eile chun spriocanna agus tosaíochtaí eagrúcháin a shroicheadh.

COMHPHÁIRTÍOCHT SAN IONAD OIBRE

Tá na Coistí Comhpháirtíochta san Ionad Oibre seo a leanas i bhfeidhm in Údarás Áitiúla Lú agus bhí cruinnithe acu mar seo a leanas:

	Líon na gCruinnithe in 2008
Coiste Údarás Áitiúla Lú um Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre	12
Coiste Comhpháirtíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgán	5
Coiste Comhpháirtíochta Chomhairle Contae Lú	6
Coiste Comhpháirtíochta Sheirbhís Dóiteáin Údarás Áitiúla Lú	10
Coiste Comhpháirtíochta Chomhairle Baile Dhroichead Átha	4

Bealach torthúil is ea comhpháirtíocht i gcónaí chun dul i mbun oibre leis na páirtithe ar fad chun spriocanna Údarás Áitiúla Lú a bhaint amach.

Spric 1 – An tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí agus dár gcliaint.

ACMHAINNÍ DAONNA

Is iad an Roinn Pearsanra i gComhairle Contae Lú a dhéileáilann le riachtanais Daonacmhainní Údaráis Áitiúla Lú. Tháinig líon na foirne chun buaice in Údaráis Áitiúla Lú le linn 2008 le breis is 720 ball foirne. Sa tréimhse seo tháinig 130 ball foirne nua isteach in Údaráis Áitiúla Lú agus d'fhag 48. Tugadh lear mór oibreacha chun críche sa tréimhse seo, lena n-áirítear foilsíú lámhleabhair nua foirne, ceapadh roinnt beartas chomh maith le réiteach a fháil ar cheisteanna a thagann chun cinn go tipiciúil sa réimse seo.

Cuireadh tús leis an obair chomh maith chun córas nua Daonacmhainní, Pároll agus Aoisliúntais a chur i bhfeidhm in 2009 i Lú.

OILIÚINT & FORBAIRT

Tá ÚÁL tiomanta don tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí ar fad agus tá tábhacht le hoiliúint agus d'fhorbairt na foirne chun feabhas a chur ar leibhéal feidhmithe agus éifeachtachta na heagraíochta.

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha oiliúna ar fáil sa bhliain 2008 chun a chumasú dóibh seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí agus do chliaint araon. Orthu seo bhí:

- Forbairt Bhainistíochta.
- Feasacht Idirchultúrtha.
- Scileanna TFC.
- Cúram do Chustaiméirí.
- Oiliúint do Spásanna Comhdhúnta.
- Scileanna Tiomána.
- Bainistíocht Conarthaí.
- Reachtaíocht Comhshaoil.
- Oiliúint maidir le Rochtain.
- Soláthar Poiblí.

Spric 3 – Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiochfaidh inár ndiaidh.

TITHÍOCHT

MEASÚNACHT RIACHTANAS TITHÍOCHTA

Tugadh an Mheasúnacht Riachtanas Tithíochta chun críche sa bhliain 2008 agus tá sé bailí anois go ceann tréimhse trí bliana. Léirigh sé go raibh 2,904 iarrthóir san iomlán ar liosta feithimh an chontae. Soláthroidh an Mheasúnacht Riachtanas Tithíochta na bunsonraí ar a mbunófar soláthar tithíochta sna blianta romhainn.

SOLÁTHAR TITHÍOCHTA

Bainistítear soláthar tithíochta trí an bPlean Gníomhaíochta um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne. Aontáíodh é leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Ba í an bhliain 2008 bliain dheiridh an bhorradh eacnamaíochta agus de bharr na hinfheistíochta móire a rinneadh i dtithíocht cuireadh breis is 500 aonad nua tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar fáil ar fud an chontae ag costas caipitil foriomlán de €100,000,000, nach mór.

I gcás Chomhairle Contae Lú tugadh forbairtí tithíochta ag Sráidbhaile Lú agus ag Clós na Manach i gCairlinn chun críche. Cuireadh tús le hoibreacha ag Baile Átha Fhirdhia agus ag Collann.

TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Ba mhó an líon sóisialta a sholáthair Comhairle Contae Lú anuraidh ná in aon bhliain go dtí sin. Tá breis is 840 aonad sa stoc. I gcaitheamh 2008 d'fhaomhaigh an tAire Comhshaoil, ar deireadh, an scéim um leithdháileadh tosaíochtaí tithíochta agus is í sin an scéim atá in úsáid anois i ngach leithdháileadh.

TITHÍOCHT INACMHAINNE

Cuireadh ocht n-aonad is fiche ar fáil faoi scéim '1999' nó go deimhin trí phróiseas Chuid V sa reachtaíocht phleanála. Lean Comhairle Contae Lú uirthi ag obair leis an gComhpháirtíochta Tithe Inacmhainne chun ár ról mar sholáthraithe agus mar éascaitheoirí soláthar tithe inacmhainne a leathnú agus a bhuanú.

TITHÍOCHT DHEONACH

Tá taifead den scoth ag Údaráis Áitiúla Lú maidir le comhar le comhlachtaí deonacha chun aonaid tithíochta deonacha a sholáthar. Leanadh den obair sin sa bhliain 2008 agus i gcás Chomhairle Contae Lú cuireadh tús le hobair, ag Collann le Clúid agus Sráid Uí Thighearnaigh agus ag Baile Átha Fhirdhia le Oaklee, agus beidh na haonaid sin ar fáil sa bhliain 2009.

TITHÍOCHTA RIACHTANAS SPEISIALTA

Is de bharr riar cásanna agus gealltans náisiúnta suntasach a bainistíodh na scéimeanna éagsúla deontais le haghaidh tithíocht riachtanas speisialta. Sa bhliain 2008 tugadh isteach Deontais Oiriúnaithe Tithíochta, Scéimeanna Deontais Tithíochta le haghaidh Daoine Scothaosta agus Áiseanna Gluaisteachta a bhí ceaptha chun áit na Scéime Deontais le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas agus an Deontais Deisithe Riachtanacha a ghlacadh. Ba mhór an t-éileamh sa réimse seo agus go deimhin íocadh líon mór deontas ar luach nár bheag.

Íocadh 156 deontas sa bhliain 2008 faoin Scéim Deontais le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas arbh fhiú €1.9m iad. Sa tréimhse chéanna íocadh 66 deontas arbh fhiú €500,000 iad i dtaca le scéimeanna nua. Le cois cuidí le húinéirí ar sealbhóirí iad leas a bhaint as an deontas sin, rinne an Chomhairle 15 oiriúnú ar thithe ina soláthar tithíochta féin i bhfoirm leathnuithe, athsoláthar folcadán, srl.

Dearadh agus tógadh na tithe sa scéim nua shóisialta i bPáirc an Athar Uí Fhinn chun freastal ar thionóntaí faoi mhíchumas.

COTHABHÁIL AGUS FEABHSÚ AN TSOLÁTHAIR TITHÍOCHTA

Fuarthas 787 iarratas sa bhliain ar chothabháil i gcás tithe de chuid an tsoláthair tithíochta sóisialta a bhí cheana ann. Tugadh an Scéim Teasa Lárnaigh chun críche mar chuid d'oibreacha beartaithe cothabhála agus athchóiríodh breis is 30 teach tar éis do thionóntaí iad a fhágáil.

CÍOSANNA TITHÍOCHTA

Soláthraíonn an Scéim Cíosanna Tithíochta le haghaidh cíosanna gaolmhar le hioncam agus athbhreithnítear í gach bliain. Socraítear cíosanna difreálacha anois ag íosmhéid de €25 sa tseachtain.

Stiúrthóireacht Iompair & Phleanála

AN ROINN IOMPAIR

Spric 2 – Forbairt eacnamúil a éascú agus ár suíomh straitéiseach ag lárphointe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a uasmhéadú.

MÓRTHIONSCADAIL BÓITHRE 2008

CONAIR EACNAMAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH-BHÉAL FEIRSTE

Osclaíodh Nascbhóthar an A1/N1 An Iúir go Dún Dealgan go hoifigiúil do thrácht ar 2 Lúnasa, 2007. Is mór mar a laghdaigh an bóthar nua an tréimhse taistil idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus cuireann sé córas bóthair níos sábháilte ar fáil le haghaidh breis is 20,000 feithicil a bhaineann úsáid as gach lá.

Sa bhliain 2008 tugadh oibreacha a bhí fós le déanamh, tírdhrechtú, seandálaíochta agus oibreacha cóiríochta chun críche nach mór. Tá talamh á cheannach an t-am ar fad ó úinéirí éagsúla talún ar chuir an scéim isteach orthu.

Nochtadh dealbh álainn, nua-aimseartha i gcruach dhosmálta de Tharbh Donn Chuailgne le linn 2008. Tá an tarbh ina sheasamh go mórtasach os cionn an charrbhealaigh ó thuaidh den M1 ar an mbealach suas go hIdirmhalartán Bhaile Mhic Scanláin. Maoiníodh an dealbhóireacht seo faoi Scéim an Cheatadán don Ealaín mar chuid den thionscal bóthair iomlán.

BONNEAGAR THIAM DHÚN DEALGAN

NA RANNA THEAS AGUS THOIR

Tugadh na hoibreacha bóthair a theastaigh chun teacht a thabhairt ar láthreán nua straitéiseach an IDA ag Mullaigh Chairlinn chun críche sa bhliain 2008. Ina measc bhí timpeallán nua neamhchoitianta le tírdhrechtú ailtireachta ar an Nascbhóthar Theas mar aon le roinn den Bhóthar Bonneagair Thiar. Tugadh cead pleanála don IDA chomh maith le linn 2008 le haghaidh forbairt Ollionad Bio Pharma ar a láithreán siúd.

Tá súil go gcruthófar líon mór post sa cheantar sna blianta romhainn dá bharr. Cuireadh míreanna eile den Roinn Theas agus Thoir den bhóthar ar fáil chomh maith i ndiaidh comhaontaithe leis an mhórfhorbróir tithíochta ag Baile Hagaird. Bhí forbairtí móra ar sheirbhísí uisce san áireamh chomh maith.

AN ROINN THUADH AGUS THIAM

Ceapadh comhairligh chun roinn de Bhóthar Bonneagair Dhún Dealgan Thiar a dhearadh idir Bhóthar Ard Mhacha agus Bóthar an Iúir a bhí mar chuid den iarratas faoi Chiste Nuála an Gheata. Cé nár chuir an Ciste Nuála aon mhaoiniú ar fáil go dtí seo, tá dearadh an bhóthair ag dul ar aghaidh agus tá cainteanna ar siúl le forbróirí agus le húinéirí talún féachaint an féidir meicníocht eile maoinithe a fháil chun íoc as an roinn seo.

NAISC LE GEATA – DÚN DEALGAN GO CARRAIG MHACHAIRE ROIS

Cuireadh tús i mí na Nollag 2008 le tógáil roinn an Phortaigh Dheirg de Bhóthar Dhún Dealgan/Charraig Mhachaire Rois. Beidh mórfheabhsú ar fhorhóir an bhóthair ó Bhaile Uí Cheallaigh ags beidh sé mar chuig go Droim Muirbhígh i gceist sa tionscadal agus beidh sé mar chuid chomh maith den bhealach beartaithe idir Dhún Dealgan Soir Siar-Sligeach.

Tá Comhairle Contae Lú, mar aon le Comhairlí Contae an Chabháin agus Muineacháin ag brostú an roinn iomlán Dhún Dealgan-An Cabhán den bhealach beartaithe Soir-Siar ó Dhún Dealgan go Sligeach. Fuarthas tairiscintí ó chomharlaigh le haghaidh réamhdhearadh an bhealaigh, agus le haghaidh athbhreithniú ar na tuairiscí a fuarthas go dtí seo ar an scéim seo. Tá súil comhairligh a cheapadh sa chéad ráithe de 2009.

DROICHEAD UISCE CHÚNG

Tugadh an réamhdhearadh agus roghnú an bhealaigh chun críche sa bhliain 2008 agus roghnaíodh droichead staghcháblaí mar an rogha ab fhearr. Chuathas i gcomhairle le gach páirtí leasmhar agus réitíodh doiciméid le haghaidh na nósanna imeachta reachtúla ar dhá thaobh na teorann. Tá formheas agus maoiniú ag teastáil anois ón Roinn Iompair le gur féidir leis an bpróiseas dul ar aghaidh chuig céim an phleanála agus an mhiondearaigh sa bhliain 2009.

FEABHAS A CHUR AR BHONNEAGAR BÓITHRE SEACHBHÓTHAR BHAILE ÁTHA FHIRDHIA – AN ROINN THIAM

Seirbheáladh Fógra Gnóthaíochta ar gach úinéir talún ar cuireadh isteach air ar an 21 Bealtaine 2007 agus ceannaíodh formhór na talún a bhí de dhíth le linn 2008. Ceannaíodh na tailte ar fad le comhaontú agus níor ghá aon chás a tharchur chun eadrána. Beidh dul chun cinn ar an scéim seo ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil ón NRA sa bhliain 2009 agus ina dhiaidh.

N53 BÓTHAR DHÚN DEALGAN BHAILE NA LORGAN – ROINN BHAILE BHARÚIN GO BAILE NUA DEALGAN

I ndiaidh fógra ceapadh comhairligh le linn 2008 chun dearadh na scéime feabhúcháin bhóthair seo a bhrostú. Tá beartaithe gur carrbhealach aonair 3.5 cileaméadar a bheidh sa tionscadal. Breithníodh roinnt roghanna bealaí agus roghnaíodh an rogha ab fhearr. Cuirfear tús le nós imeachta pleanála Chuid 8 go luath sa bhliain 2009.

SCÉIM FHEABHSÚCHÁIN BHÓTHAR CHILL AN CHURRAIGH

Tugadh chun críche go luath sa bhliain 2008 athailíniú agus uasghrádú roinn aon cileaméadair den R177 trí shráidbhaile Chill an Churraigh. Sholáthair an scéim leagan amach feabhsaithe ar an mbóthar sa cheantar lena n-áirítear cosáin, soilsiú poiblí agus draenáil i lár an tsráidbhaile agus lána ina gcastar ar dheis ag acomhal Bhóthar Fhoircheall agus gnéithe sábháilteachta eile. Is mór mar a chuir caighdeán na saoirseachta, na n-ábhar agus an tírdhreachaithe ar an scéim le timpeallacht iomlán an tsráidbhaile ó críochnaíodh an scéim.

FEABHSUITHE AR AN IONAD FORBARTHA

BÓTHAR NA GCREAGACHA DUBHA-NA GCREAGACHA

Deimhníodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don scéim seo agus seirbheáladh fógraí ar na húinéirí talún a gcuirfear isteach orthu. Tá doiciméid chonartha do Chuid 1 den scéim, a chlúdaíonn an t-achar idir Achomhal Lána an Ghainimh agus Achomhal an tSeanbhóthair Mhachaire Gailf, á n-ullmhú i láthair na huair.

SCÉIM FEABHSÚCHÁIN SHRÁIDBHAILE AN TULAIGH ÁLAINN

Cuireadh tús mí Lúnasa 2008 le huasghrádú an phríomhbhóthair trí Shráidbhaile an Tulaigh Álainn ó acomhal athailínte leis an R168 go láithreacha tuirlingthe, áiteanna páirceála agus cosáin lastall den scoil agus an t-acomhal le Bóthar an Ghleanna. Soláthríodh an scéim cosáin nua agus cosáin uasghrádaithe agus naisc do choisithe ó Lána an Uisce agus ó Bhóthar Collainn go lár an tsráidbhaile. Soláthrófar cosáin in áiteanna mar a raibh easpa cosáin go dtí seo agus rachaidh siad ar aghaidh in aon líne tríd an tsráidbhaile. Soláthrófar soilsiú poiblí agus draenáil trí cheartlár an tsráidbhaile. Tabharfar an dromchla chun críche sa bhliain 2009 agus beidh comharthaíocht nua ann agus marcálacha nua ar na bóithre.

AN BÓTHAR GLAS

Tógadh leagan amach acomhail nua chun an R171 a nascadh leis an LT117020. Cuireann an t-acomhal ar chumas d'fheithiclí a chasann amach as an mbóthar áitiúil dul isteach ar an mbóthar réigiúnach go sábháilte agus tógfaidh sé áit an acomhail fhochaighdeánaigh a bhí cheana ann. Tá na línte radhairc agus sábháilteacht ag acomhail i bhfad níos fearr ar an acomhal uasghrádaithe agus is amhlaidh i gcás leithead agus dromchla na mbóithre.

CROS BHAILE BHÁILTÉIR

Rinneadh oibreacha ag an acomhal chun suaitheantas a bhaint

den acomhal deo ar an N52, a chuir feabhas ar shofheictheacht ag an acomhal agus ar an achar radhairc chun stopadh ag an mbealach isteach thuaidh chuig an acomhal. Cabhróidh na hoibreacha seo chun sábháilteacht a fheabhsú ag an acomhal.

TEACHT AR AN BPORT ÓN GCROSBHEALACH THUADH (DROICHEAD ÁTHA)

I ndiaidh éisteacht ó bhéal, d'fhaomhaigh An Bord Pleanála EIS agus dhearbhaigh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh don scéim seo, ar dlúthchuid é de Limistéar Mháistirphlean Dhroichead Átha é mar a thagraítear dó i Roinn Pleanála na Tuarascála seo Lean oibreacha i gcaitheamh na bliana chun scéim a dhearadh agus oibreacha cóiríochta agus comhaontuithe a réiteach le húinéirí talún. Forbróir is ea atá ag cistiú na scéime agus athchisteofar é trí Alt 48 den Scéim Ranníocaíochta Forbartha a glacadh ar son Phurláin Dhroichead Átha sa bhliain 2007.

CLÁIR EILE BÓITHRE

SCÉIM LIS 2008

Leithdháileadh deontas de €113,000 ar Chomhairle Contae Lú sa bhliain 2008 chun an Scéim Feabhsúcháin Áitiúla a oibriú. Fuarthas Ranníocaíocht Áitiúil de €23,660.00 ó iarrthóirí ar éirigh leo. Cuireadh ceithre scéim i gcrích i gcodanna éagsúla den chontae agus feabhsaíodh 1.52 cileaméadar de bhóithre. Bhain sé theaghlach ar fhichead, lena n-áirítear úinéirí talún talmhaíochta, tairbhe as an scéim.

SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTAÍ ÁITIÚIL

Sholáthair Comhairle Contae Lú €200,000 sa Chlár Oibreacha Bóthair 2008 don scéim seo. Thug iarrthóirí ar éirigh leo ranníocaíochtaí de 50% i leith chostas na n-oibreacha. Cuireadh aon scéim déag i gcrích i gcodanna éagsúla an chontae agus ar na hoibreacha a rinneadh bhí athnuachan cosán in eastáit, soláthar comharthaíocht shábháilteachta ag scoileanna agus feabhas ar bhóithre Aicme 3.

OIBREACHA CHUN FEABHAS A CHUR AR SHÁBHÁILTEACHT

Fuarthas deontais íoschostais chun feabhas a chur ar shábháilteacht ón Údarás um Bóithre Náisiúnta (€50,000) agus ón Roinn Iompair (€126,000). Ar na hoibreacha a rinneadh bhí:

- Dromchlaí frith-shleamhnánach, marcanna bóthair agus draenáil ag Baile Mhic Cullach (N53).
- Línte radhairc, draenáil, comharthaíocht agus marcanna bóthair feabhsaithe ag Baile Hót (R170).
- Athailíniú acomhail, draenáil, soilsiú, comharthaíocht agus marcanna bóthair ag Droim Bile (R177), dromchla frith-shleamhnánach ag Droichead Átha na gCasán agus ag Tobertoby (R166).
- Comharthaíocht fheabhsaithe, marcanna bóthair (agus soilsiú poiblí ag roinnt láithreacha) ag Crosbhóthar de Róiste, Bóthar Ballynamoney, R178, R165 (Crosbhóthar de Corbhaile), R168 Collann, R169 Baile Ámainn.

CLÁR UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2008

I gcaitheamh 2008 chlúdaigh feachtas feachtas Chomhairle Contae Lú um shábháilteacht ar bhóithre gach duine dár

saoránaigh, idir óg agus shean, ó sheiceáil criosanna páistí i gcaranna, cur chun cinn an Chóid Sábhála agus an chlár Sirriam Crios Sábhála do pháistí óga, go clár oideachais do dhéagóirí, (Ródseó Bóithre Sábháilte agus Tiomáint don Saol), tionscnaimh ard-infheictheachta ar fud an speictrim agus fógraí maidir le sábháilteacht ar bhóithre dírithe ar an bpobal iomlán.

Spric 3 – Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiochfaidh inár ndiaidh.

RÓDSEÓ BÓITHRE SÁBHÁILTE AGUS TIOMÁINT DON SAOL

D'fhorbair Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) an Ródseó Bóithre Sábháilte leis an gcuspóir tiománaithe óga, agus iad siúd atá ar tí tosú ag tiomáint, a spreagadh chun dearcadh níos freagraí agus níos sábháilte a ghlacadh i leith na tiomána. Mí Feabhra, i ndiaidh cuireadh a fháil ón PSNI shocraíomar go bhfreastalódh 30 dalta ó Ógtheagmháil Dhún Dealgan ar Ródseó Bóithre Sábháilte ag An Sruthán, Tuaisceart Éireann, agus ba muide a d'íoc as.



I gcomhar le CAWT Tionscadal Stiúradh go Sábháilteacht agus an stáisiún áitiúil raidió LMFM, ghlac Comhairle Contae Lú páirt in eagrú, reáchtáil agus urrú an chéad Ródseó Bóithre Sábháilte riamh i gContae Lú in Ionad Pobail Bhaile Átha Fhirdhia ar 1 Bealtaine. Bhí breis is 750 dalta iarbhunscoile i láthair ag seó a measadh a bhí an-éifeachtach – ba as Contae Lú tuairim is 650 díobh agus ba as Contae Mhuineacháin don chuid eile. Stár son an ghar sin d'fhreastail tuairim is 250 dalta ó Lú ar an gcéad Ródseó Bóithre Sábháilteachta Mhuineacháin riamh.

Gníomh eile a eagraíodh le feachtas a mhéadú i dtaobh sábháilteacht ar bhóithre i measc déagóirí ná cur i láthair idirghníomhach Ag Tiomáint don Saol a mhaoinigh Comhairle Contae Lú agus sé cinn de bhunscoileanna ar fud an chontae. Cur i láthair is ea é i dtaobh sábháilteacht ar bhóithre agus conas guaiseanna a aithint, a dearadh go speisialta do scoileanna agus do choláistí.

SIRRIAM CRIOS SÁBHÁLA

Chuir Comhairle Contae Lú an clár Sirriam Crios Sábhála ar fáil do 23 bhunscoil sa bhliain 2008, i mbaile Dhún Dealgan agus i gceantar Lú thuaidh go háirithe. Léiríonn an clár do pháistí idir

7-9 bliana a thábhachtaí is atá sé criosanna sábhála a chaitheamh.

FÓMHAR 2008

Cuireadh tús lenár gclár sábháilteacht ar bhóithre san fhómhar nuair a atosáíodh an Cód Sábhála ag tús na scoilbhliana nua. Cuireadh dlúthdhiosca Brendan Grace “Cód Sábhála” agus soláthar leabharmharcanna “Cód Sábhála” – breis is 10,000 – chuig gach bunscoil sa chontae. Cúis áthais ab ea í dúinn cuidiú leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre poiblíocht a thabhairt dá ródseó criosanna sábhála do pháistí – “Féach go nOireann sé” – rinneadh tástáil ar bhreis is 150 suíochán linbh ar an lá.

FEACHTAS ARDINFHEICTHEACHTA – BÍ SLÁN, BÍ ANN

Mar chuid de fheachtas 2008 scaipeadh éadaí ardinfeictheachta ar ghúpaí seanóirí ar fud an chontae agus ar bhrainte Lú de PWDI (Daoine faoi Mhíchumas Éireann), urraithe éadaí ardinfeictheachta do pháistí a ghlacanna páirt in “bus siúil” scoile agus cur chun cinn úsáid ceannsoilse maolaithe i measc tiománaithe i gcaitheamh uaireanta an lae le linn mhíonna an gheimhridh. D'urraíomar Seachtain Dhroichead Átha um Dhul in Aois go Dearfach (Meán Fómhair) trí éadaí ardinfeictheachta a sholáthar le scaipadh ar rannpháirtithe.

LÁ CUIMHNEACHÁIN DOMHANDA D'ÍOSPARTAIGH DE BHARR TIMPISTÍ AR BHÓITHRE

D'aibhsigh Oifigeach Sábháilteacht ar Bhóithre Lú, i gcomhar lena comhghleacaithe sa Mhí, i Muineachán agus sa Chabhán Lá Cuimhneacháin Domhanda d'Íospartaigh de bharr Timpistí ar Bhóithre trí fhograí maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chraoladh sna ceithre lá roimh an Lá Cuimhneacháin Domhanda (16 Samhain) ar an stáisiún raidió áitiúil LMFM, a d'urraigh na fógraí. As an tionscnamh seo chuir raidió LMFM agallamh ar mháthair duine a cailleadh i dtimpiste bóthair ó Chontae na Mí agus fuarthas glaonna ó bhaill den phobal ar fud na tíre ina dhiaidh.

CLÁIR COISCTHE IMBHUAILTÍ

Bhí cruinnithe foireann na n-údarás áitiúil agus ag comhaltaí de Chór Tráchtá an Gharda le linn 2008 ar choistí den Chlár Coiscthe Imbhuailtí Lú Thuaidh, Láir agus Theas (CPP).

TIONSCADAIL TRASTEORANN

Bhí an Stiúirthóireacht Iompair, i gcomhar le comhghleacaithe i gComhairlí Ceantair an Iúir agus Mhóirne agus údarais áitiúla eile i dTuaisceart Éireann, páirteach i seachadadh roinnt tionscadal a cistíodh faoin gclár Interreg IIIA.

Sa bhliain 2008, tugadh tionscadal “Bain Taitneamh as Loch Chairlín” chun críche le feachtas poiblíochta chun cuairteoirí a mhealladh chuig an cheantar. Faoin tionscadal cuireadh feabhas ar shaoráidí muirí ag Cairlín, Ó Méith agus Greer's Pier. Faoin tionscadal “Fís dár gCósta” rinneadh oibreacha ag Áth na gCasán chun saoráidí taitneamhachta ag an gcalafort a fheabhsú.

IONAD SEIRBHÍSÍ LÁR LÚ DON SAORÁNACH

D'oscail an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí n t-ollionad nua a bheidh comhdhéanta de shaoráidí oifige agus ceardlainne le haghaidh Comhairle Contae Lú agus Oifig na nOibreacha Poiblí, thseomra cúirte don tSeirbhís Chúirteanna agus seomra cruinnithe le haghaidh Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia.

Chuir an t-ollionad nua feabhas ar sheachadadh seirbhísí i lárcheantar Lú agus cuireadh feabhas ar an bpáirc phoiblí i mBaile Átha Fhirdhia a bhfuil an-tóir air cheana féin.

AN RANNÓG PLEANÁLA & FORBARTHA

Spric 2 – Forbairt eacnamúil a éascú agus ár suíomh straitéiseach ag lárphointe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a uasmhéadú.

AN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA D'FHORBRÓIRÍ – CEANTAR CHOMHAIRLE CONTAE LÚ

Ghlac an Chomhairle Scéim Ranníocaíochtaí faoi fhoráil Alt 48 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 ar an 16 Feabhra 2004, agus tá sé i bhfeidhm ó shin. Leagtar amach go soiléir sa scéim d'fhorbróirí an leibhéal ranníocaíochta a bheidh ag teastáil i gcás gach cineál forbartha, mar aon leis an mbonn ar a ngearrtar an ranníocaíocht. Cisteoidh ranníocaíochtaí ón scéim soláthar an bhonneagair a bheidh riachtanach chun forbairt agus fás a inbhuanú sa Chontae feasta.

Féadfar ranníocaíocht speisialta a ghearradh chomh maith i dtaca le forbairt ar leith mar a bhfuil costais eisceachtúla ar leith nach gclúdaítear faoin scéim ghinearálta le híoc i dtaca le bonneagar agus saoráidí poiblí a rachaidh chun tairbhe na forbartha beartaithe.

Fuarthas tuairim is €3,175,178 in ioncam ón scéim seo (seachas ranníocaíochtaí a gearradh roimh thabhairt isteach na scéime) le linn 2008.

stLena chois sin, bhí €5,124,435 eile dlite faoin scéim seo agus faoin scéim roimhe d'fhorbairtí a tógadh iarbhí nó a bhí á dtógáil faoi 31 Nollaig 2008. Figiúr de €5,880,560 atá ann nuair a chuirtear bannaí gan íoc san áireamh.

B'ionann agus €1,295,671.00 an caiteachas caipitil d'airgead a fuarthas mar ranníocaíochtaí forbartha faoin scéim nua sa bhliain 2007.

Nóta: Tá Scéim Ranníocaíochtaí ar leithligh i bhfeidhm do Phurláin Dhroichead Átha Thuaidh a ghlac an Chomhairle mí Iúil 2007.

SCÉIM FHORLÍONTACH RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA – BONNEAGAR IOMPAIR DHÚN DEALGAN THJAR

De réir Alt 49 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000, glacadh Scéim Fhorlíontach Ranníocaíochtaí Forbartha ag Bail Chomhairle Contae Lú agus Chomhairle Baile Dhún Dealgan i

nDeireadh Fómhair 2008 chun soláthar Bhonneagar Iompair Dhún Dealgan Thiar a éascú. Beidh feidhm ag an scéim maidir le forbairtí a bheidh lonnaithe laistigh d'achar na scéime agus a thairbhíonn go díreach ón tionscadal.

RIALÚ FORBARTHA

TEACHT AR FHOIREANN AGUS DOICIMÉID NA HOIFIGE PLEANÁLA

I gcaitheamh 2008 leanadh de scéim a d'fhéach chuige go mbeadh a mhéad pleanálaithe agus ab fhéidir ar fáil chun déileáil le ceisteanna ginearálta ar an bhfón. Bíonn Pleanálaithe Dualgais ar fáil chun ceisteanna ginearálta a fhreagairt ar an Máirt agus ar an Déardaoin le cois a bheith ar fáil de ghnáth le coinne Dé Céadaoin le haghaidh clinici réamhphleanála. Lena chois sin, ó dheireadh 2007, tá doiciméid ó chomhaid reatha agus stairiúla pleanála ar fáil don phobal ar an Idirlíon.

PLEANÁIL DON TODHCHAÍ

FORAMHARC

Rinneadh athrú ar Phleanáil don Todhchaí sa bhliain 2008 nuair a cruthaíodh leagadh cúram ar aonad ar leith pleananna forbartha agus straitéisí gaolmhara a chur i dtoll a chéile don Chontae. Ag tús na bliana thosaigh an t-aonad nua ag tógáil ar an ullmhúchán a rinneadh sa bhliain 2007 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae. Rachaidh an Plean Forbartha Contae reatha in éag sa bhliain 2009 agus de réir na reachtaíochta pleanála agus forbartha caithfear an t-athbhreithniú a thosú dhá bhliain roimh an dáta éaga. Is ionann nach mór an tréimhse ama athbhreithnithe i gcás Phlean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin agus i gcás Phlean an Chontae agus dá réir sin, lean an obair ar an dá phlean go comhthreomhar ar feadh 2008.

Is iomaí gné atá sa trí Phlean Forbartha reachtúla a bhaineann leis an gcontae ar fad. Soláthraíonn Pleananna Forbartha gormchló fisiceach go príomha le haghaidh pleanáil agus forbairt limistéir thíreolaíche. Is é a bhíonn sa phlean forbartha cuspóir an údarais áitiúil maidir le húsáid talún i gcás limistéar ar leith. Féadfaidh limistéar a bheidh ceaptha d'úsáid chónaitheach, thionsclaíoch, thráchtála, thalmhaíochta nó do mheascán úsáidí mar shampla. Mionsonraíonn an Plean Forbartha oibreacha beartaithe a bhfuil sé i gceist ag an údarás áitiúil a chur i gcríche i dtréimhse ama an phlean. D'fhéadfadh a bheith san áireamh anseo cuspóirí agus beartais a bhaineann le feabhsuithe ar bhóithre, feabhsuithe comhshaoil, athnuachan limistéar tréigthe agus feabhsú taitneamhachtaí i measc rudaí eile.

I mórchuid cásanna, socróidh an láthair, tréimhse agus an bealach atá ceaptha chun an bonneagar riachtanach a sholáthar (m.sh. uisce, séarachas, bóithre, srl.) an tréimhse ama agus láthair na hinfheistíochta príobháidí. Treoir is ea na Pleananna, mar sin, d'fhorbróirí agus d'infheisteoirí maidir leis an fhoirm, an cineál agus an méid forbartha ar dócha a bheidh inghlactha ag láithreacha éagsúla.

MÁISTIRPHLEAN DO PHURLÁIN THUaidH DHROICHEAD ÁTHA

Glacadh Plean Limistéir Áitiúil do Phurláin Dhroichead Átha ag an gComhairle Contae in Iúil 2004, chun soláthar a dhéanamh do raon úsáidí forbartha i bpurláin thuaidh Dhroichead Átha, a mbeidh daonra de 20,000 iontu laistigh de 20 bliain. Clúdaíonn an Máistirphlean don limistéar na tailte atá críosaithe mar thailte cónaithe laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil agus glacadh é mar éagsúlú ar an bPlean Limistéir Áitiúil ag an gComhairle Contae ag a cruinniú den 15 Bealtaine 2006.

I ndiaidh dul i gcomhairle go forleathan roimh an phleanáil leis an Údarás Pleanála i gcaitheamh 2007, measúnaíodh líon mór iarratas ar chead pleanála d'fhorbairt an limistéir ag Grúpa Forbartha Dhroichead Átha, comhdhéanta d'fhorbróirí agus d'úinéirí talún. Deonaíodh cead pleanála i gcaitheamh na bliana i gcás naoi gcinn de na hiarratais seo, a fhorlann le haghaidh páirceanna poiblí, scol agus breis is 4,000 aonad cónaithe.

Leanfar den mheasúnú ar iarratais phleanála d'fhorbairt limistéar an Mháistirphlean le linn 2009.

CRUINNITHE CBS 2008

BONNEAGAR CBS 2008

Tionóladh cúig cinn de chruinnithe CBS Bonneagair i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear athbhreithniú ar theorainneacha luais, réiteach Dréachtphlean Forbartha, cuimhneacháin ar thaobh an bhóthair, tógáil i gcúram eastát agus an Scéim Fheabhsúcháin Áitiúil 2009.

CBS PLEANÁLA

I gcaitheamh 2008 bhí an Coiste Beartais Straitéisigh Pleanála páirteach i gceardlanna éascaithe inar aithníodh

saincheisteanna a bheidh le breithniú san athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae. Lena chois sin, tugadh mionteagasc don Choiste maidir leis na dréacht-threoirlínte comhairliúcháin a d'eisigh an Roinn Comhshaoil i dtaobh:

- An chórais phleanála agus bainistiú rioscaí ó thuille;
- Tuarascáil ar ailtireacht na Príomhshráide, Na Creagacha Dubha;
- An Dréachtphlean Bithéagsúlachta ar son Contae Lú; agus
- An tAthbhreithniú ar an Straitéis Mhiondíola.

DÁMHACHTAINÍ A FUAIR IOMPAR & PLEANÁIL

BAINISTIÚ COMHSHAOIL ISO 14001

Rinneadh iniúchadh seachtrach ar an Stiúirthóireacht Iompair i gcaitheamh 2008; bronnadh caighdeán ISO 14001 as Córais Bhainistíochta Comhshaoil ar an Stiúirthóireacht cheana. D'éirigh leis an Stiúirthóireacht an creidiúnú a choimeád d'fheidhm na mbóithre.

BRONNADH TEASTAS MARC CÁILÍOCHTA

Tar éis iniúchadh neamhspleách ar ár mbeartais, próisis agus nósanna imeachta mí na Nollag 2007, bhí Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Lú ar an gcéad Rannóg Pleanála san oirthuaisceart a fuair creidiúnú an Mhairc Cháilíochta. Tá moladh ag dul d'fhoireann na rannóige, idir phleanálaithe gairmiúla agus lucht riaracháin, as a ndíogras agus a dtréaniarracht ullmhúcháin sna seachtainí roimh an iniúchadh, as a lean an bronnadh teastais.

Coimeádadh caighdeán an phróisis Mharc Cáilíochta agus cuireadh feabhas orthu i gcaitheamh na bliana mar a d'fhóraigh an t-iniúchadh seachtrach a rinneadh mí Eanáir 2009.

Stiúrthóireacht Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Spric 4 – Rannpháirteachas pobail a spreagadh, ceannaireacht saoránachta a thabhairt agus mórtas saoránachta a chur chun cinn.

AN COMHSHAOL

FEACHTAS NÁISIÚNTA NA MBAILTE SLACHTMHARA

Ba í 2008 an bhliain ba rathúla go dtí seo i bhfeachtas Bailte Slachtmhara an chontae. Bhí Lú ar an t-aon chontae in Éirinn a bhuaigh ceithre Bhonn Óir – Baile an Tallúnaigh, Droichead an Chnoic, Dún Dealgan agus Droichead Átha ab ea na bailte ar éirigh leo. Bhí sé d'onóir ag Baile an Tallúnaigh, a ghnóthaigh an Iontráil ab Fhearr i Réigiún Turasoireachta Lár na Tíre Thoir na Duaiseanna Réigiúnacha a óstáil mí na Samhna nuair a thaistil coistí ó ocht réigiún contae chuig an tsráidbhaile ar an oíche chun a nduais a ghlacadh ó John Gormley, TD, agus Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ba léir ar an oíche an rath a bhí ar rannpháirtíocht Lú: ar na duaiseanna a bronnadh bhí an Duais Réigiúnach (Baile an Tallúnaigh); An Duais Réigiúnach Banc Beir Leat (Baile an Tallúnaigh); An Duais Réigiúnach d'Aird ar an Dúlra (Baile an Tallúnaigh); An Duais Forbartha Inbhuanaithe (Oifigí Cathrach Bhaile Átha Fhirdhia); Duais 'Can It' (Bus Athchúrsála V. & W.) agus Duais Iarrachta (Tigh Beannáin) chomh maith leis na Duaiseanna Bonn Óir.

Cuireadh tuilleadh le dea-cháil an chontae nuair a ainmníodh Droichead an Chnoic ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun ionadaíocht a dhéanamh ar son a chatagóir daonra i nDuaiseanna Uile-Éireann don Bhaile is Fearr Slachta agus b'iad an buaiteoir foriomlán sa chatagóir sin; choimeád siad teideal a bhuaigh Baile an Tallúnaigh an bhliain roimhe.



Dea-scéal eile ab ea ainmniú Bhaile an Tallúnaigh mar ionadaí na hÉireann sa Chomórtas Idimáisiúnta Entente Florale a d'fhág gur mheasúnaigh giúiré idimáisiúnta cuartaíochta an tsráidbhaile pictiúrtha seo i mí Lúnasa. Ba iontach an ceiliúradh i mí Mheán Fómhair nuair a bhí Baile an Tallúnaigh ar cheann de thrí shráidbhaile amháin a bhuaigh an Duais Óir cáiliúil.





COMÓRTAS ÁITIÚIL NA MBAILTE SLACHTMHARA

Athbheithníodh an Feachtas um Eastáit/Ceantair Shlachtmhara a d'fhóin go maith don chontae le fiche bliain nó geall leis agus cuireadh eagar nua air sa bhliain 2008 a d'fhág gur seoladh duaiseanna ar an stíl nua dar teideal Duaiseanna Lú Ag Breathnú Go Maith a aithníonn i gcónaí iarrachtaí grúpaí Bailte Slachtmhara agus Cumann Cónaitheoirí ag leibhéal áitiúil. Gné rí-thábhachtach a d'fhág go bhféadfaí an feachtas seo a bhfuil próifíl níos airde aige a thabhairt isteach ab ea an plean urraíochta leis an eamáil phríobháideach, go háirithe Quinn Energy, Daniel O'Connell and Son, McCabes Plant Hire, Oxigen Environmental agus Sheils Construction a chiallaigh gur dúbliáidh méid an chiste duaise. Cuireadh an-spéis go deo i gcéad bhliain an chomórtais agus bronnadh na duaiseanna ag bronnadh duaiseanna mór a eagraíodh sa Crowne Plaza i nDeireadh Fómhair.

Bailte Slachtmhara Dhroichead Átha
Bronnadh 286 marc ar Dhroichead Átha i gComórtas na mBailte Slachtmhara – buaiteoir an Bhoinn Óir



CLÁR COMHSHAOIL NA SCOILEANNA

Bhí an bhliain ba rathúla go dtí seo ag Scéim na nDámhachtainí Comhshaoil do Bhunscoileanna nuair a chuaigh 47 iontráil san iomaíocht le hiarrachtaí den scoth. Bronnadh duaiseanna ó Phlathanam go Cré-umha ar scoileanna ag brath ar an gcéatadán de na marcanna iomlána a bronnadh i ngach cás agus ba leir go bhfuil feasacht ar an gcomhshaoil agus tiomantas dó níos airde anois ná riamh.

Cuireadh borradh mór faoi rannpháirteachas Lú i scéim an Bhrataigh Ghlais nuair a bronnadh 23 cinn de bhratacha breise a d'fhág gur dúbliáidh líon na mBratacha Glasa sa chontae go 47 ag deireadh 2008, rud nár mhiste a cheiliúradh.



Eagraíodh an Díospóireacht Mhór, comórtas díospóireachta comhshaoil do scoileanna iarbhunoidreachais agus ba rí-mhaith a d'éirigh léi. Bhuaigh foireann ó Mheánscoil Naomh Uinseann i nDún Dealgan an Duais Iomlán a bhuaigh siad i gcéad bhliain an chomórtais.



GLANTACHÁN EARRAIGH NÁISIÚNTA

Chuaigh breis is 4,000 saorálach i mbun glantacháin ar bhóithre móra is beaga an chontae le linn mhí Aibreáin chun a bheith páirteach sa Ghlantachán Earraigh Náisiúnta, an tionscnamh frithbhruscair is forleithne in Éirinn. Bhí an rannpháirteachas ba mhó riamh ag Lú. D'eagraigh scoileanna, Cumainn Chónaitheoirí, grúpaí pobail, gnónna agus eagraíochtaí spóirt breis is 220 glantachán le tacaíocht ó gach ceann de na trí údarás áitiúil.



FEACHTAIS GHINEARÁLTA CHOMHSHAOIL

D'oibrigh Roinn Comhshaoil na Comhairle i bpáirt le Cumainn Chónaitheoirí, grúpaí Bailte Slachtmhara agus scoileanna ar roinnt feachtas eile i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear Seachtain Náisiúnta na gCrann, Paráid Lá Fhéile Pádraig agus Comórtas Athchúrsála Maisiúchán Nollag a thuill ardmholadh ón bpobal i gcaitheamh na bliana.



Spríoc 3 – Cailíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiofadh inár ndiaidh.

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Lean Comhairle Contae Lú de bheith páirteach le húdaráis eile bainistithe dramhaíola sa réigiún i gcur chun feidhme an bhirt a leagadh amach i bPlean Bainistithe Dramhaíola an Oirthuaiscirt. Gníomh mór sa bhliain 2008 ab ea an oiriúnú na bhfodhlithe um Chur i Láthair agus Bailiú Dramhaíola Teaghlaigh agus Dramhaíola Tráchtála ar fud an réigiúin. Faoi na fodhlithe seo caithfidh ginteoirí dramhaíola dramhaíl a leithroinnt i gcóras trí araid le haghaidh bailiú. An príomhchúis leis an gcóras bailiúcháin trí araid ná an gá dramhaíl orgánach a atreorú ó láithreáin líonta talún mar chomhlíonadh ar Threoir Líonta Talún an AE.

Rinne dul chun cinn eile maidir le cur chun feidhme rialachán WEEE, agus bailíodh 1374 tona de WEEE ar fud an chontae sa bhliain 2008. D'eagraigh Comhairle Contae Lú Scéim Bailithe

Plastigh Fheirme i gcaitheamh 2008, ar éirigh go rí-mhaidh leis. Bailíodh 356 tona plaisteach san iomlán.

ATHCHÚRSÁIL

Baineadh an úsáid ba mhó riamh as Ionaid Athchúrsála Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha i gcaitheamh na bliana, ó thaobh méid agus éagsúlacht na sruthanna dramhaíola. Soláthraíonn na saoráidí seo ar thús cadhnaíochta, mar aon le líonra Beir Leat an chontae, deis iontach do shealbhóirí tí an oiread dramhaíola agus is féidir a athchúrsáil. Athchúrsáladh 15,338 tona dramhaíola teaghlaigh i gcaitheamh 2008 sna saoráidí seo (méadú de 5% ar fhigiúr na bliana 2007), agus nuair a shuimítear an figiúr sin leis an 10,683 tona a bailíodh/a athchúrsáladh ón mbailiúchán ar cholbha an chosáin, chífear gur athchúrsáladh go héifeachtach an méid dramhaíola teaghlaigh agus ab fhéidir.

Toisc suntasach eile i scéal na hathchúrsála ab ea an tús leis an tseirbhís Araidí Donna ar bhonn trialach i nDún Dealgan, Baile Átha Fhirdhia agus Na Creagach Dubha a chumasaigh do shealbhóirí tí an dramhaíl inbhithmhíllte teaghlaigh a leithscaradh mar chuid den bhailiúchán ar cholbha an chosáin.

I ngeall ar an gclár cuimsitheach athchúrsála thuas mar aon le rannpháirteachas rathúil na Comhairle i gClár na Scoileanna Glasa, i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus gníomhaíochtaí laghdaithe dramhaíola le pobail, gnónna agus scoileanna, cuireadh Comhairle Contae Lú ar an ngearrliosta uair amháin eile do Dhuaiséanna Athchúrsála Repak. Díríodh tuilleadh airde ar chlár athchúrsála na Comhairle i gcaitheamh na bliana nuair a osclaíodh an chéad ionad Beir Leat faoi thalamh i lár na bliana i mBaile an Tallúnaigh, a bhuaigh an Duais Réigiúnach Beir Leat i gComórtas na mBailte Slachtmhara.

LÍONADH TALÚN

Tugadh Oibreacha Forbartha Chéim 5 ag láithreán Líonta Talún an Abhainn Bháin chun críche nach mór i gcaitheamh na bliana. Tá súil go soláthróidh na hoibreacha seo acmhainn líonta talún go dtí an bhliain 2013. Tá acmhainn cheadúnaithe de 96,000 tona sa bhliain ag an láithreán.

FORFHEIDHMIÚ DLÍTHE DRAMHAÍOLA

Tugadh aird shuntasach ar fhorfheidhmiú na ndlíthe dramhaíola i gcaitheamh na bliana. Ceapadh beartas nua forfheidhmiúcháin chun dul i mbun gnímh in aghaidh gníomhaíocht neamhdhleathach dramhaíola. Eagraíodh seicphointí bóthair le comhar an Gharda Síochána, chun géilliúlacht do rialacháin na gceadanna bailithe dramhaíola a chinntiú. Rinneadh iniúchtaí ar shaoráidí dramhaíola agus iniúchtaí agus cigireachtaí breise ar shealbhóirí ceadanna bailithe dramhaíola.

Cláraíodh ceithre tháirgeoir ar fhichead sa bhliain 2008 faoi na Rialacháin um Fheithicilí Deireadh Saoil. Bhí 219 áitreabh san iomlán cláraithe le Repak ag deireadh mhí na Nollag agus tríú fhéinghílleoirí cláraithe leis an gComhairle Contae faoi na



Rialacháin Phacáistithe. Fuarthas 214 gearán i dtaobh dramhaíola sa bhliain 2008 agus bhí 51% díobh réitithe ag deireadh bliana.

BAINISTIÚ BRUSCAIR

Choimeád Lú a ionad mar cheann de phríomhfhorfheidhmithe an Achta um Thruailliú ó Bhruscar sa bhliain 2008 nuair a d'eisigh an Fhoireann Maor Bruscair de sheachtar iódh 1,055 fineáil.

Leanadh de chlár fheasacht ar bhruscar le cuairteanna ar scoileanna, ar ospidéal agus le fograíocht ar bhusanna, pósteair agus comharthaíocht aire do bhruscair chomh maith leis an gCraobhchomórtas Bruscair a mheall an líon iontrálacha ba mhó go dtí seo. Bhí feabhas ar rátálacha glaineachta gach ionaid.

CÁLÍOCHT AN UISCE

Bhí Comhairle Contae Lú rannpháirteach go hiomlán in ullmhú Dréachtphleana Bainistíochta Abhantraigh le haghaidh abhantraigh nEathach, an Bhanna agus an Réigiúin Thoir. Tugadh na pleananna seo chun críche agus cuireadh ar taispeánt don phobal iad sa Nollag 2008.

Lean an obair i gcaitheamh na bliana chun bearta faoin Treoir um Nítreáití, faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce a chur chun feidhme agus doirteadh eisiltigh a cheadúnú agus a iniúchadh. Rinneadh 259 suirbhé feirme sa bhliain 2008.

Lean an obair ar chur chun feidhme an Chláir um Mhonatóireacht ar Aibhneacha faoin gCreat-Treoir Uisce. Glacadh 532 gnáthshampla abhann san iomlán. Fuarthas sé ghearán is nócha mar gheall ar thruailliú uisce sa bhliain 2008 agus bhí 97% díobh réitithe ag deireadh bliana.



SCÉIM AN BHRATAIGH GHOIRM

Choimeád Lú an Bratach Gorm cáiliúil dá thránna ag An Port agus ag Baile an Teampaill agus onóir ab ea é gur roghnaíodh é mar óstach do bhronnadh Duaiseanna Náisiúnta an Bhrataigh Ghoirm nuair a bhronn an tAire John Gormley an Bratach Gorm ar gach rannpháirtí ar éirigh leis nó léi go náisiúnta ag searmanas os comhair slua mhóir ag Trá Bhaile an Teampaill. D'ardaigh an tAire Bratach Gorm 2008 ag Baile an Teampaill le linn a chuarite.

SÁBHÁILTEACTH UISCE

Sholáthair Comhairle Contae Lú gardaí tarrthála ag trána Bhaile an Teampaill, An Phoirt agus Cheann Chlochair le linn sheasúr an tsamhraidh.

Rinneadh cothabháil ar threalamh tarrthála ag láithreacha móréilimh ó cheann ceann na bliana.

Rinne an Chomhairle idirchaidreamh leis an gcoiste áitiúil sábháilteacht uisce tríd an Oifigeach Forbartha Shábháilteacht Uisce chun oiliúint a sholáthar in ardeicnící snámha, tarrthála agus athbheochana go seachtainiúil ó Mheán Fómhair go Bealtaine ag linnte i nDún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Mhic Ghormáin. Eagraíodh seachtainí oiliúna lasmuigh in uisce oscailte i gcaitheamh an tsamhraidh ag Trá Cheann Chlochair agus ag Cé Gyles. Bhí an-tóir ar na himeachtaí seo agus meallann siad líon mór rannpháirtithe gach bliain.

Tacaíonn an Chomhairle le hobair na seirbhíse áitiúla báid tarrthála, RNLI, chomh maith.

SEIRBHÍSÍ UISCE

ATHSTRUCTÚRADH NA SEIRBHÍSÍ UISCE

Tá tionscadal leanúnach ar bun chun soláthar seirbhísí uisce i gContae Lú a athstruchtú. Ar deireadh is éard a bheas i gceist ná Comhairle Contae Lú ag tógáil gach gné de sheirbhísí uisce i gcúram ar fud an chontae. Go dtí seo bhainistigh an Chomhairle Contae tionscadail chaipitiúla agus an Tionscadal Caomhnaithe Uisce agus aistriodh freagracht as gléasraí táirgthe uisce ag Dún Dealgan agus Droichead Átha ar 1 Eanáir 2009. Meastar go n-aistrefar freagracht as oibríocht gach muirear uisce tráchtála go Comhairle Contae Lú le linn 2009.

GLÉASRA CÓIREÁLA UISCE STEACH LUÍNE

Críochnaíodh Céim 1 de na hoibreacha athchóirithe agus tá Céim 2 le dul go conradh sa bhliain 2009. Is éard atá i gceist sna hoibreacha seo ná uasghrádú ar na saoráidí pumpála agus cóireála atá anois ann chun géilliúlacht a chinntiú do na Rialacháin Uisce Óil.

UASGHRÁDÚ GHLÉASRA CÓIREÁLA UISCE CHNOC AN CHABHÁIN

Soláthrófar acmhainn bhreise cóireála ag Cnoc an Chabháin a pháirtmhaoiníofar ag an IDA chun an suíomh straitéiseach ag Mullaigh Chairlinn a sheirbhísiú. Tapóidh an Chomhairle an deis seo chun scagairí agus an córas aighabhála dramhuisce atá anois ann a athchóiriú agus na saoráidí díghalraithe a uasghrádú. Tá oibreacha tógála le tosú i lár 2009.

FEABHSÚ UISCE OIRTHEAR AN MÍ/LÚ THEAS

Rachaidh an tionscadal seo, atá á threorú ag Comhairle Contae na Mí, i gceann riachtanas uisce sa toadhcháí i gceantair Dhroichead Átha agus Lú theas. Tá réamhthuarascáil le cur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go luath sa bhliain 2009.

SCÉIM RÉIGIÚNACH SOLÁTHAIR UISCE CHUAILLE – CÉIM II

Tugadh réamhthuarascáil chun críche agus cuirfear faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil é go luath sa bhliain 2009. Tá an Chomhairle ag lorg formheasa chun réamhoibreacha a dhéanamh chun síneadh a chur le líonra Chuaille mar atá sé fad le hÓ Méith.

SCÉIM RÉIGIÚNACH UISCE LÁR LÚ

Tá mionteagasc le haghaidh ceapadh comhairleach chun doiciméadú conartha a réiteach don thaiscumar nua i nDún Léire agus feabhsuithe gaolmhara ar an líonra tugtha chun críche. Tá súil tosu ar an tógáil i lár/ag deireadh 2009 ach formheas a bheith faighte. Tá súil chomh maith formheas a fháil chun comhairligh a cheapadh chun dul i ngleic le soláthar ar Ghléasra Cóireáil Uisce Lár Lú sa bhliain 2009.

CAOMHNÚ UISCE

Tá Céim 2 den tionscadal caomhnaithe uisce tugtha chun críche nó geall leis. I gceist anseo bhí oibreacha gníomhacha braite ligean uisce a rolladh amach i ngach ceann den 89 Ceantar Méadaraithe Dúiche sa chontae. Braitheadh 1100 ligean uisce go dtí seo agus tá siad á ndeisiú ag foireann na Comhairle agus ag foireann ar conradh. Tá an dara céim i bhfeidhm anois agus nuair a fhoilseofar na Rialacháin nua um Chaomhnú Uisce 2008 beidh ar ár gcumas déileáil le ligean uisce ar réadmhaoin phríobháideach. Baineadh amach laghdú de 20% nach mór in ionchur uisce chuig an gcóras dáilte. Rinneadh iarratas ar mhaoiniú chun oibreacha athshlánaithe a dhéanamh ar roinnt príomhlíonraí uisce i gceantar Dhún Dealgan agus tá súil go dtosóidh an tógáil sa bhliain 2009 chun trunclíonra uisce nua a shuiteáil ar na Céanna Thuaidh i nDroichead Átha. Tá bunachar sonraí curtha i dtoll a chéile i gcomhar le comhairligh a chabhróidh chun ár gclár deisithe a bhainistiú agus teacht ar eolas.

MÉADARÚ UISCE NEAMHTHEAGHLAIGH

Rinneadh dul chun cinn in aithint agus méadarú na gceangail seirbhíse uisce neamhtheaghlaigh le linn 2008. Tá ár n-uathchórais léimh agus billeála i bhfeidhm go hiomlán anois agus tá an spriocaga slánúcháin de 8 seachtain chun bille a eisiúint á baint amach i gcás 90% dár gcustaiméirí. Laghdaigh uimhir mhór custaiméirí a n-úsáid uisce trí dheireadh a chur le ligean uisce agus cur amú.

CLÁR UISCE TUAITHE

Tugadh méid suntasach oibreacha chun críche faoi choimirce an chláir thuas sa bhliain 2008. Orthu sin bhí:

- Soláthar teileaméadaireacht agus córais monatóireachta clóirín feabhsaithe ag láithreacha táirgthe uisce.
- Uasghrádú na líonraí uisce ag Mullaigh Chairlinn, Tulach Álainn, Baile Átha Fhirdhia, Collann agus Cuaille.
- Síneadh ar an scéim séarachais chuig na Creagracha Dubha.
- Príomhlíonra uisce nua in áit príomhlíonra luaidhe i mBaile Átha Fhirdhia.
- Oibreacha feabhsúcháin ag Gléasra Cóireála Steach Luíne.
- Oibreacha uasghrádaithe ag Scéim GWS Drybridge agus Ghráinseach na gCaorach.

- Scéim nua GWS ag Glaic, Baile Átha Fhirdhia.
- Tógáil i gcúram GWS Shean Lios agus Tigh an Iúir.

STAIDEÁR STRAITÉISEACH AR UISCE DHÚN DEALGAN

Tá an tuarascáil seo, a scrúdaíonn ceisteanna soláthar uisce i nDún Dealgan agus sa cheantar máguaird thar thréimhse 30 bliain tugtha chun críche agus foilseofar í go luath sa bhliain 2009.

CEANGAIL SEIRBHÍSE LUAIÐHE

Braitheadh luaidhe i roinnt scéimeanna ar fud an chontae sa bhliain 2008. Téann luaidhe isteach sa soláthar uisce ó cheangail luaidhe i seantithe. Cé gurbh fhéidir an fhadhb seo a réiteach i bhformhór na láithreacha trí sheirbhísí a athsholáthar go háitiúil i gcomhar le sealbhóirí tí, ba léir i nDún Dealgan go raibh fadhb an-mhór ann ós rud é go meastar go bhfuil píobáin seirbhíse luaidhe ag dul i isteach i mbreis is 2,000 réadmhaoin. Tá obair idir lámha ag an gComhairle chun cóireáil a dhéanamh ina gcuirfear aigéad fosfarach leis an uisce agus tá súil é a chur i bhfeidhm in Aibreán 2009. I gcomhar le cóiríu uisce, laghdóidh sé sin an comhchruinniú luaidhe go leibhéil inghlactha.

BUNACHAR SONRAÍ CEANGAL UISCE

Tá bunachar sonraí um bainistiú ceangal uisce tiomsaithe ag foireann na Comhairle, i gcomhar le conraitheoir, atá le rolladh amach go luath sa bhliain 2009. Éascóidh sé sin seirbhís do chustaiméirí trí rianú a dhéanamh ar an sreabhadh oibre agus cabhróidh chun ceangail neamhdaraithe agus neamhdhleathacha leis an líonra uisce a bhainistiú.

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA UISCE

Tá córas dearbhaithe cáilíochta uisce deartha agus curtha i bhfeidhm ag an gComhairle chun dul i ngleic go héifeachtach le ceisteanna géilliúlachta maidir leis na Rialacháin Uisce Óil 2007.

GLÉASRAÍ CÓIREÁLA DRAMHUISCE CHOLAINN, BHAILE AN TALLÚNAIGH, LÚ AGUS CHNOC AN DROICHID

Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an tionscadal thuas agus tá súil iad a chríochnú faoi lár na bliana 2009. Méadaíodh acmhainn na ngléasraí agus soláthraíodh saoráidí stoirmuisce agus cóireála treasaí chun cáilíocht an doirte isteach in uisce glactha a fheabhsú.

SCÉIM SHÉARACHAIS BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Cuireadh réamhthuarascáil maidir leis an scéim seo faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus cuireadh Ráiteas maidir leis an Tionchar ar an gComhshaoil i gcás an Ghléasra Chóireála chuig An Bord Pleanála. Ach formheas a bheith faighte, tá i gceist tabhairt faoi athshlánú an líonra agus faoin mhír fheabhsúcháin den scéim i dtosach agus síneadh a chur leis an nGléasra Cóireála ina dhiaidh sin chun soláthar a dhéanamh do mhéadú ar éileamh sa cheantar.

DRAENÁIL THEAS AGUS THOIR – DÚN DEALGAN/NA CREAGACHA DUBHA

Tá dhá cheann den trí chéim sa tionscadal seo a sholáthraíonn bonneagar draenála do cheantar Bhaile Hagaird/Mhullaigh

Chairlín tugtha chun críche agus tá Céim 3 ullamh le dul chun Céim Bhronnadh an Chonartha.

SEÁRACHAS NA GCREAGACHA DUBHA CÉIM 3

Ceapadh comhairligh agus tá an obair idir lámha chun réamhthuarascáil a ullmhú don scéim seo. Téann an tionscadal seo i gceann sholáthar amhainn dramhuisce d'fhorbairt bhreise ar cheantar na gCreagacha Dubha mar aon le hoibreacha athshlánúcháin agus feabhsúcháin ar líonraí atá anois ann agus tá dlúthbhaint aige leis an Scéim Dhraenála Theas agus Thoir.

DRAENÁIL THEAS AGUS THAIR

Tugadh lán-athbhreithniú dearaidh chun críche ar an mhír dramhuisce den scéim thuas chun í a chomhordú leis an mbonneagar bóthair beartaithe sa cheantar. Cuireadh réamhthuarascáil faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Aitiúil dá bhfaomhadh.

D'fhéach tionscadal comhthreomhar ar Phleananna um Dhraenáil Uisce Dromchla don cheantar agus moladh cur chuige bunaithe ar stóráil chun uisce tuilte a bhainistiú in abhantracha na Rampar. Ar a fheidhmiú éascóidh sé forbairt na dtailte suite laistigh de dhobharccheantar an Phlean Limistéir Áitiúil chomh maith le cosaint níos fearr a sholáthar ar thuilte do réadmhaoine níos faide síos an abhainn a bhí i mbaol tuilte. Réiteofar Ráiteas maidir leis an Tionchar ar an gComhshaoil sa bhliain 2009 agus ach cistiú a bheith ar fáil rachaidh an tionscadal ar aghaidh go céim an dearaidh.

LEITHROINNT UISCE DROMCHLA BHAILE AN GHEARLÁNAIGH

Tá dearadh tugtha chun críche do leithroinnt roinnt mhaith den uisce dromchla ón líonra draenála. Tá i gceist conradh a bhronnadh sa bhliain 2009, ach ceisteanna cead slí a bheith socraithe.

LEATHNÚ GHLÉASRA CÓIREÁLA DRAMHUISCE DHROICHEAD ÁTHA

Tá Céim 2, a leathnaigh acmhainn cóireála ag an ngléasra go hionann is 101,000 de dhaonra tugtha chun críche agus go hiomlán i bhfeidhm. Forbraíodh céim bhreise feabhsaithe próisis sa bhliain 2008 chun acmhainn a mhéadú go hionann is 125,000 de dhaonra sa ghearrthearma agus rachaidh sé ar aghaidh ach na ceadanna reachtacha a bheith faighte agus ceisteanna éilimh a bheith breithnithe.

Tá tús á chur le staidéar straitéiseach dearaidh sa bhliain 2009 a fhéachfaidh ar chéim eile forleithnithe a chaithfear a bhreithniú le déileáil le brú ó fhorbairt fhadtéarmach i gceantar Lú theas/Dhroichead Átha/na Mí thoir.

STAIDEAR AR LÍONRA SEÁRACHAIS DHROICHEAD ÁTHA

Tá an staidéar seo ag mapáil agus ag féachaint ar staid an líonra séarachais i gceantar baile Dhroichead Átha. Tionscadal leanúnach atá ann agus tá céim an tsuirbhé le bheith críochnaithe i lár na bliana 2009 agus beidh tuarascáil ar fáil ag deireadh na bliana 2009.

STÁISIÚN PUMPÁLA BHÓTHAR UÍ CHOFAIGH

Tá an t-uasghrádú ar an Stáisiún Pumpála le déanamh mar chuid de thionscadal de chuid an IDA chun láthair straitéiseach a fhorbairt ag Mullaigh Chairlín, Dún Dealgan agus tá an maoiniú ag teacht ón IDA. Tógfar na hoibreacha sa bhliain 2009.

CEADÚNÚ SAORÁIDÍ CÓIREÁLA DRAMHUISCE

Rinneadh iarratais ar cheadúnas i dtaca le Gléasraí Cóireála Dramhuisce Dhún Dealgan, Dhroichead Átha, Bhaile Átha Fhirdhia, Na gCreagacha Dubha agus Dhún Léire chuig an Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil de réir Rialacháin Doirte Dramhuisce 2007. Déanfar iarratais maidir leis na scéimeanna eile sa chontae sa bhliain 2009. Beidh tionchar nach beag ag ceadúnais, ar a n-eisiúint, ar leibhéal cheadaithe forbartha i láithreacha éagsúla.



FUINNEAMH

Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ag Údarás Áitiúla Lú agus feabhas á chur ar thíosacht ar fhuinneamh trí ghníomhaíochtaí an Choiste Fuinnimh, a oibríonn go dlúth le Fuinneamh Inmharthana Éireann. Comhordaítear na gníomhaíochtaí seo faoin Mhapa Fuinnimh, tionscnamh de chuid Fuinnimh Inmharthana Éireann bunaithe ar IS 393.

Cheadaigh cumasc de thionscnaimh agus de thionscadail i dtéimhse 18 mhí d'Údarás Áitiúla Lú laghdú fuinnimh de bhreis is 550,000 kW/h a shroicheadh, rud a chiallaigh spáráil iomlán CO₂ de 280,000 tona. Mar thoradh ar an méid a spáráladh d'ainmnigh BSL Údarás Áitiúla Lú do na Duaiseanna Náisiúnta Fuinnimh 2008 agus bhí siad mar iomaitheoir sa chomórtas ceannais i gcatagóir na nÚsáideoirí Móra Fuinnimh.

STEM

Seo an tionscadal a sholáthraíonn agus a chothabhálann caighdeán comhshaoil ISO 14001 i gComhairle Contae Lú. Tar éis iniúchadh seachtrach dhá lá i nDeireadh Fómhair d'éirigh le Lú an caighdeán a choimeád le haghaidh dhá cheann de na seirbhísí a bhí cheana ann, Bonneagar agus Seirbhísí Uisce, chomh maith le seirbhís nua, tógáil Halla an Chontae, a chur leis an liosta seirbhísí a creidiúnaíodh go ISO 14001.

SEIRBHÍSÍ TRÉIDLACHTA

LEAS AINMHITHE

Bhí bliain ghnóthach eile ag an bpóna madraí; chaith suas le 1,000 madra seal sa phóna. Cúis áthais is ea é go bhfuil an ráta ath-theaghlachú i measc na rátaí is fearr sa tír agus tá sé fós os cionn 80%. Cruthúnas is ea é sin ar cháilíocht an phóna agus na dtionscnamh éagsúla atá i bhfeidhm, ar nós pictiúr de gach madra sa phóna a uaslódáil ar an láithreán gréasáin chun gur féidir leis an bpobal iad a fheiceáil agus baile nua a thairiscint dóibh, más féidir. Feidhm eile de chuid an phóna is ea smacht

agus leas capall agus urghabhadh cúig chapall sa bhliain 2009 ach bhailigh a n-úinéirí iad nó tugadh d'úinéirí nua iad.

SÁBHÁILTEACTH BIA

D'fhan an líon monarachana feola a ndearna Comhairle Contae Lú cigireacht orthu ag an leibhéal céanna de sheamlas amháin agus deich gcinn de mhonarchana feola. Dúnadh monarcha feola amháin i gcaitheamh na bliana agus ceadaíodh monarcha feola nua. Bhí deireadh na bliana thar a bheith gnóthach mar thoradh ar an eachtra dé-oscaine nuair ab éigean gach táirge muiceola a athghlaoch. Bhí ceithre cinn den deich mhonarcha feola faoi mhaoirsiú Chomhairle Contae Lú bainteach leis ach de thoradh beart éifeachtach ó fhoireann tréidliachta na Comhairle a d'oibrigh go dlúth le húinéirí na monarchana d'éirigh leo táirgí nár raibh bainteach leis an eachtra a chur ar ais ar an margadh in am do mhargadh na Nollag atá chomh tábhachtach sin.



Stiúrthóireacht Pobail & Fiontraíochta

Spríoc 1 – An tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí agus dár gcliaint.

CUIMSIÚ SÓISIALTA

PLEAN ARD

Lean Foireann Fheidhmithe Lú um an Phlean Frithchíochais agus Éagsúlachta (ARD) de bheith ag cur aidhmeanna an Phlean Frithchíochais agus Éagsúlachta 2008-2010 chun cinn. Plean gníomhaíochtaí idirghníomhaíochta trí bliana don chontae ar fad is ea Plean ARD Lú chun treoir agus ceannaireacht straitéiseach a sholáthar chun dul i ngleic le ciníochas agus chun sochaí níos cuimsithí agus níos idirchultúrtha a fhorbairt i Lú. Eagraíodh imeachtaí i mí an Mhárta mar cheilúradh ar an tSeachtain Idirchultúrtha agus i Samhain le Seachtain um Fhrithchíochas san Ionad Oibre.

Ar an himeachtaí faoi Dhúshlán an Athraithe a eagraíodh sa bhliain 2008 bhí:

- Lá Feasachta Idirchultúrtha don fhoireann inmheánach (Iúil).
- Seachtain um Fhrithchíochas san Ionad Oibre (Deireadh Fómhair).
- Comhdháil Éagsúlachta (Deireadh Fómhair).
- Oilíúint i bhFeasacht Toghthóirí (Samhain).
- Lá na hAfraice (Bealtaine).
- Oilíúint um Fheasacht Idirchultúrtha (Márta, Aibreán, Bealtaine, Meitheamh).

TIONSCADAL DHÚSHLÁN AN ATHRAITHE

Leanadh leis an Tionscadal um Dhúshlán an Athraithe i gcaitheamh 2008. Tionscadal é seo a mhaoiníonn an tAE faoi Shíocháin II agus is tionscadal comhpháirtíochta é idir Údarás Áitiúla Lú agus Comhairle Ceantair an Iúir agus Mhoirne a dhíríonn ar sheirbhísí níos fearr a sholáthar do ghrúpaí mionlaigh eitneacha. Lean an tOifigeach Tionscadail Dhúshlán an Athraithe agus foireann Aonaid Cuimsiú Sóisialta de bheith ag cur gníomhartha i bhfeidhm faoin tionscadal sa bhliain 2008.



Ar thorthaí an tionscadail sa bhliain 2008 bhí bunú seirbhísí ateangaireachta in Údarás Áitiúla Lú, feachtas réigiúnach frithchíochais, seisiúin oiliúna do thoghthóirí d'ionadaithe pobail agus feachtas chun feasacht na bpobal mionlaigh eitneach a dhíriú ar na toghcháin áitiúla.

D'éirigh go rí-mhaith le Comhdháil Dhúshlán an Athraithe trasteorann a eagraíodh ar an 18 Meán Fómhair ag Óstán an Crowne Plaza, Dún Dealgan. Ba é an Dr. Terry Waite, CBE, an príomhchainteoir agus mheall an chomhdháil lucht éisteachta leathan ó phobail agus cleachtóirí ó dhá thaobh na teorann.

MAOINIÚ NÁISIÚNTA MÍCHUMAIS

Tugadh Plean Feidhmithe Míchumais Údarás Áitiúla Lú chun críche sa bhliain 2008 agus ghlac Comhairle Contae Lú leis ina dhiaidh sin.

Tá Údarás Áitiúla Lú tiomanta do chabhrú le daoine faoi mhíchumas teacht a fháil ar sheirbhísí na n-údarás áitiúil agus fuair Cistiú ón Straitéis Míchumais Náisiúnta sa tsuim €425,000 sa bhliain 2008. Ba iomaí tionscadal agus tionscnamh a d'éascaigh an cistiú seo, lena n-áirítear oilúint foirne, bunú láithreán Gréasáin fíorúil turasóireachta, iniúchtaí maidir le teacht ar shráideanna, ar chosáin agus ar chalafoirt, ceannach córas lúb agus oibreacha ar fhoirgnimh agus ar shráideanna.

TIONSCNAIMH EILE CHUIMSIÚ SÓISIALTA

Is í aidhm an Aonaid i gcónaí cistiú a fháil do thionscnaimh cuimsiú sóisialta agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taighde agus idirchaidreamh le heagraíochtaí seachtracha chun dul i ngleic le eisiámh sóisialta. Tugadh próifíl sóisialta Chontae Lú cothrom le dáta le figiúirí dhaonáireamh na bliana 2008 agus lean Scéim Sparántachta Oideachais Údarás Áitiúla Lú ar aghaidh le linn 2008.

Spríoc 5 – Comhaontais agus comhpháirtíochta oibre a fhorbairt, laistigh den eagraíocht agus le heagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse eile chun spriocanna agus tosaíochtaí eagrúcháin a shroicheadh.

BORD FORBARTHA CONTAE

Fócas de chuid bhaill an Bhoird Forbartha Contae i gcónaí ab ea cur chun feidhme bearta na Straitéise Comhtháite um Chultúr, Forbairt Shóisialta agus Eacnamaíochta i Lú. Tá naoi

bhfoghrúpa i gclár oibre an Bhoird, lena n-áirítear:

1. Talmhaíocht agus Forbairt na Tuaithe
2. An Earnáil Pobail agus Deonach
3. Grupa Fhoghlaim ar feadh an tSaoil
4. Grúpa na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIM)
5. Fiontraíocht agus Infheistíocht/Bonneagar agus Pleanáil
6. Caighdeán na Beatha
7. Turasóireacht
8. Cúram Leanáí
9. Cultúr

Ar na tionscnaimh a d'eagraigh na foghrúpaí bhí:

- Straitéis Spóirt & Gaitheamh Aimsire an Chontae.
- Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú.
- Tionscadal um Oifigeach Forbartha Cuimsiú Spóirt.
- Forbairt Siúlán – Straitéis Chuaile agus feabhas ar Bhealach na Tána.
- Deontais agus dámhachtainí ealaíon.
- Cláir Ealaíon – i gceist sna cláir tá raon leathan féilte ealaíon a thionscnaíonn, a bhainistíonn nó a fhaigheann tacaíocht ó Údarás Áitiúla Lú.
- Ealaíona Forbartha agus Pobail.
- Glacadh agus cuireadh chun feidhme Phlean Oidhreacht 2007-2011.
- Ceadaíodh an Dréachtphlean Gníomhaíochta Éagsúlachta.
- Bunaíodh Foghrúpa Taistealaithe trí Choiste SIM.
- Taistealaithe – eagraíodh Tionscadal an Bhosca Bréagán.
- Coiste Frithchiníochais agus Éagsúlachta bunaithe (Tionscadal Dhúshlán an Athraithe tugtha chun críche).
- Forbairt Straitéis Áitiúil um Fhéinmharú a Chosc.
- D'eagraigh RAPID agus FSS "Staidéar ar Andúileachas sa Phobal".
- Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta píolótach le haghaidh Droichead Átha.
- Cuireadh an Clár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanáí i bhfeidhm.
- Cuireadh clár oibre cáilíochta chun cinn trí Chreat Náisiúnta Cáilíochta Síolta.
- Poiblíocht agus cur chun cinn an tsaorálachais agus Biúro na Saorálaithe ar fud an chontae.
- Fuarthas cead pleanála do shaoráidí bio-pharma agus rachaidh sin chun tairbhe Lú nuair a thiofadh an borradh.
- Rinneadh infheistíocht leanúnach ríthábhachtach i mbonneagar poiblí agus príobháideach.
- Bunaíodh Comhaontas Ardoideachais & Breisoideachais an Oirthuaiscirt.
- Aitheantas do Fhoghlaim Roimh Ré.
- Forbairt Ghleann na Bóinne mar Thionscadal Oidhreacht Speisialta de chuid Fáilte Ireland.
- Plean Gníomhaíochta Turasóireachta an Chontae 2008-2013 tugtha chun críche.
- Bunaíodh Coiste Bainistíochta na Tuaithe.

D'ullmhaigh Cathaoirligh na bhfoghrúpaí i gcomhar leis an rúnaíocht le haghaidh athbhreithniú ar Straitéis an Bhoird agus tá súil é a bheith críochnaithe in Aibreán 2009.

Spríoc 2 – Forbairt eacnamúil a éascú agus ár suíomh straitéiseach ag lárphointe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a uasmhéadú.

GRÚPA DHÚN DEALGAN UM FHORBAIRT EACNAMÚIL

Lean an tionscadal comhpháirtíochta trí bliana, Grúpa Dhún Dealgan um Fhorbairt Eacnamúil, faoi cheannas Mr. Peter Malone, de bheith ag cur Dún Dealgan chun cinn mar áit den scoth chun infheistíochta a dhéanamh ann, chun cur faoi ann, chun dul i mbun oibre ann, chun dul ag staidéar ann agus chun dul i mbun caidrimh shóisialta ann. Ag tógáil ar sheoladh rathúil bhanda nua Dhún Dealgan agus dáileadh an DVD "Dundalk: Life and Leisure" d'eagraigh an grúpa seachtain tionscanta ar raidió náisiúnta ar éirigh go han-mhaith leis agus bronnadh duaiseanna lena n-áirítear deirí seachtaine i nDún Dealgan ar rannpháirtithe ar éirigh leo i dtionscnaimh um fheasacht ar Dhún Dealgan a bhí le cloisteáil ar seó raidió iarnóin 102FM, a mbíonn an-tóir air.

Léiríonn an rath a bhí ar thascfhórsa seo na n-earnála príobháidí agus poiblí an rath is féidir a bheith ar chomhar idir an earnáil fiontraíochta, gníomhaireachtaí um fhorbairt shóisialta agus an pobal gnó.

FÁILTEACHAS LÚ AGUS AN TURASÓIREACHT

Sholáthair Fáilteachas Lú plean gníomhaíochta cúig bliana a leagan amach fás na turasóireachta sa chontae sa toadhchá. Is é ráiteas misin an choiste turasóirí a mhealladh go Lú trí eispéireas ar ardchaighdeán a sholáthar.

Ar na cláir oibre don bhliain 2008 bhí forbairt agus feabhas ar Shiúlán Lúbtha Shliabh Feá agus Cosán Náisiúnta Bhealach na Tána, freastal ar sheónna trádála sa RA, tabhairt chun críche Chláir na Sráidbhailte Tuaithe de chuid Chomhpháirtíochta Turasóireachta Réigiún na Teorann Thoir, a raibh tionscadail um fheabhas ar shráidbhailte i mBaile an Tallúnaigh, i mBaile Átha Fhirdhia agus i gColann bainteach leis. Bhuaigh Leithinis Chuaile Duais EDEN 2008 (Ceann Scribe Eorpach den Scoth) agus bhí Féile Bliantúil Siúil na Tána ar chlár oibre an ghrúpa.

DÚN DEALGAN 2020/TIONSCADAL IOMLÁNAÍOCH

Comhthionscnamh Eorpach is ea an Tionscadal Iomlánaíoch idir thrí phobal – Dún Dealgan, Modling (na hOstaire) agus Neuchatel (na hEilvéise) – agus is iad na pobail bhreathnadóireachta An Iúir (Tuaisceart Éireann), Aachen (na Gearmáine) agus Aireacht na hIodáile um Comhshaol, Talamh agus Muir. Meascán de pháirtithe poiblí agus príobháideacha atá sa Tionscadal Iomlánaíoch agus maoinítear é faoi Thionscnamh Concerto an AE leis an aidhm comharsanachtaí íseal fuinnimh a bhunú mar aon le solathar fuinnimh inmharthana a chuireann chun cinn comhthátú bearta um thíosacht ar fhuinneamh agus córais fuinnimh inathnuaite. Díríonn an comhthátú seo ar ais-suiteáil agus tógáil foirgneamh atá an-tíosach ar fhuinneamh agus a mbeidh teicneolaíochtaí inathnuaite i gceist iontu. Gheofar sa Chrios Fuinnimh Inmhartha Iomlánaíoch gac mír de phobal: criosanna cónaithe, scoileanna, ospidéal, gnóanna, áiseanna caitheamh aimsire srl. agus tá sé suite sa chuid theas

de Dhún Dealgan idir Lána Uí Aodha chuig monarcha Xerox agus ón ospidéal go Páirc Ghnó Finnabair.

Is iad na spriocanna iomlánaíochta a ceapadh don chrios ná na rudaí seo a leanas a sholáthar faoin mbliain 2012:

- 20% de theas ag teacht ó fhoinsé inathnuaite;
- 20% de leictreachas ag teacht ó fhoinsé inathnuaite; agus
- a bheith 40% níos tiosaí ar fhuinneamh laistigh d'fhoirgnimh roghnaithe.

GNÓTHACHTÁLACHA IN 2008

Go dtí seo spáráil an tionsclaíocht sa Chrios breis is €1m agus laghdaigh astuithe carbóin de 5,000 tona trí Dhea-Chleachtas Fuinnimh Inmharthana a chur chun feidhme. Tá Comhairle Baile Dhún Dealgan ag soláthar córais mhalartacha téimh in 100 dá dtithe sóisialta i bhfoirm 34 sorn millíní adhmaid, 33 ó Théamh Ceantair agus 33 bruthaire gáis chomhdhlúite a suiteáladh agus déanfar monatóireacht féachaint cén córas is éifeachtaí ó thaobh costais de. Sholáthar Comhairle Baile Dhún Dealgan insliú in 100 de na tithe sóisialta a bhfuil tíosacht fheabhsaithe ar fhuinneamh de 40% aige. Athchóiríodh agus inslíodh Coláiste Uí Fhiaich agus an ospidéal agus thit a mbillí fuinnimh go mór dá bharr. Thóg an eamáil phríobháideach 100 teach a bhfuil bruthairí millíní adhmaid iontu agus beidh nasc acu leis an gcóras téimh cheantair atá ag lorg tairiscintí i láthair na huair. Suiteáladh 100 Méadar Cliste Leictreachais i dtithe sóisialta in Muirtheimhne Mór agus tá bainistiú níos éifeachtaí á dhéanamh ag na cónaitheoirí ansin ar a n-úsáid leictreachais agus is mór an méid airgid atá spáráilte acu. Rinne Duncan Steward as RTÉ clár teilifíse ar spáráil fuinnimh sa tionscadal seo. Tá taighde ar bun ag DKIT maidir le stóráil fuinnimh óna dtuirbín ghaoithe agus tá Comhairle Contae Lú ag dul chun tosaigh chun Biúró Fuinnimh a bhunú a sheirbhíseoidh an réigiún ar fad.

Sa bhliain 2008, ainmníodh Foireann Bhainistíochta Fuinnimh Údaráis Áitiúla Lú faoi Cheannas Garrett Shine don Duais Náisiúnta Bainistíochta Fuinnimh ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann agus bhuaigh an tríú duais. Heinz Dundalk is ea a bhain an chéad duais; éacht ab ea sin don dá eagraíocht.

Sprioc 3 – Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiochfaidh inár ndiaidh.

LÚ – CONTAE ATÁ CAIRDIÚIL LE SEANÓIRÍ

D'óstáil Comhairle Contae Lú seimineár de chuid Thionscnamh Lú – Contae atá Cairdiúil le Seanóirí a sheol Lú mar áit den scoth do dhaoine atá ag dul in aois. Tháinig an smaoineamh do thionscnamh cairdiúil leis an aois ó Thionscadal Eagraíocht Shláinte an Domhain um Chathracha Cairdiúla a raibh 35 cathair in 22 tír ar fud an domhain páirteach ann. Ba é Dún Dealgan an t-aon bhaile in Éirinn a bhí páirteach sa staidéar.

Is é sainmhíniú Eagraíocht Shláinte an Domhain ar phobal "cairdiúil leis an aois" ná ceann ina n-aithníonn soláthraithe seirbhíse, oifigigh phoiblí, ceannairí pobail, ceannairí creidimh,

daoine gnó agus saoránaigh i gcoitinne an éagsúlacht i measc seanóirí, ina gcuirtear a gcuid agus a gcion chun cinn i ngach réimse de shaol an phobail, ina mbíonn meas ar a gcinntí agus a roghanna faoin cineál saoil atá uathu, agus ina ndéantar réamh-mheas agus freagairt sholúbtha ar riachtanais agus ar roghanna a bhaineann le dul in aois.

Téann pobail cairdiúil leis an aois chun tairbhe do dhaoine ag gach aois. Áiteanna sábháilte le haghaidh páistí, an ógra, mná agus daoine scothaosta a bhíonn i gcomharsanachtaí slána. Is lú an imní agus an bhuaire a bhíonn ar theaghlaigh nuair a fhaigheann a seanghaolta na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá uathu. Is fusa do dhaoine faoi mhíchumas, idir óg is shean, bogadh timpeall i bhfoirgnimh agus i sráideanna atá saor ó bhacainní. Baineann an pobal ar fad tairbhe as rannpháirteachas seandaoine in obair dheonach nó in obair íoctha agus i ngníomhaíochtaí pobail. Ceann de na cineálacha cur chuige beartais is éifeachtaí chun soláthar a dhéanamh do dhul in aois an phobail ná cathracha a dhéanamh cairdiúil le haois.

D'oscail an tAire Dermot Ahern an seimineár agus ghuigh gach rath ar iarrachtaí an tionscnaimh. Labhair beirt aoichainteoirí ón iasacht mar gheall ar a dtaithe ina n-áit chónaithe féin agus in eamálacha faoi mar a bhain sé le tionscadail do sheanóirí. Comhairleoir ó Edmonton, Ceanada, ab ea Linda Sloan a thug seirbhís i bpunainn seanóirí agus comhshaoil agus treoraí corparáideacha is ea Mary McGowan, Camden, Sasana, do sheanóirí sa cheantar sin agus tá sí freagrach as chur i bhfeidhm Straitéis Cháilíocht na Beatha Camden do shaoránaigh aosta. Labhair siad beirt go neamhbhalbh faoin taithí a bhí acu faoi seach. Thug Rod Bond ó Chlár Netwell, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, foramharc ar Thionscadal Nestling i nDún Dealgan.

Eagraíodh sé cinn déag de cheardlanna i ndiaidh na gcainteoirí agus páirteach iontu bhí gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, oifigigh thofa, seanóirí agus lucht tacaíochta seanóirí. I measc na dtuarimí a tháinig mar aiseolas ó na ceardlanna bhí luach a chur le seirbhísí a bhí cheana ann, cur chuige níos comhoibrithí ó ghníomhaireachtaí, teacht níos fearr ar sheirbhísí agus ar eolas faoi sheirbhísí, bunú fóraim do sheanóirí agus polaiteoir a labhródh ar a son ag an leibhéal áitiúil. Foireann de chuid Chomhairle Contae Lú, DKIT agus LLP is ea a d'éascaigh na ceardlanna. Comhthiomsóidh Comhairle Contae Lú an t-eolas le cúnaimh ó DKIT agus beidh sé ar fáil go luath sa bhliain 2009.





STRAITÉIS SPÓIRT AGUS CHAITHEAMH AIMSIRE

Tá bearta á gcur i ngníomh i gcónaí faoi Straitéis Spóirt agus Chaitheamh Aimsire Lú agus seo mar a bhí anuraidh.

COMHPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL SPÓIRT LÚ

Ceapadh Mary Browne, Uasal, i mBealtaine 2008 mar Chomhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú a seoladh go foirmeálta in DKIT mí an Mheithimh. Lean Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú de bheith ag cothú feasachta i dtaobh a róil i gcaitheamh na bliana tríd a láithreán gréasáin (www.louthsp.ie), trí theagmháil leis na meáin áitiúla ar fad, trí chur i láthair do chruinnithe uile ÚÁ Lú, trí chruinnithe le clubanna spóirt agus eile. Earcaíodh oiliúntóirí agus oileadh iad chun an clár Buntús a sholáthar sna bunscoileanna agus fuair an chéad fhiche bunscoil an oiliúint seo agus a dtrealamh Buntús faoi dheireadh bliana. Cuireadh tús san fhómhar le roll amach cúrsaí ar Chód Eitice/Cosaint Leanaí Chomhairle Spóirt na hÉireann agus bunaíodh fóram le haghaidh Oifigeach Forbartha Spóirt atá ag obair le Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt. Leithdháileadh €12,000 i bhfoirm deontas ar Bhoird LSP faoin Scéim Deontais do Thionscnaimh Forbartha Spóirt ar 26 club/eagraíocht spóirt ar fud Lú. Cuireadh eagar foirmiúil ar struchtúir na mBord LSP agus cuireadh tús le straitéis trí bliana a cheapadh le haghaidh LSP Lú (le glacadh go luath sa bhliain 2009).

TIONSCADAL UM CHUIMSIÚ DAOINE FAOI MHÍCHUMAS I GCÚRSAÍ SPÓIRT

Chuaigh Lisa Kelly, Uasal, i mbun dualgais mí an Mhárta mar Oifigeach Cuimsithe Daoine faoi Mhíchumas, duine de 21 oifigeach dá sórt a ceapadh ar fud na tíre ar threoirscéim dhá bhliain a chistítear le hairgead ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Tá obair ar siúl ag an Oifigeach seo faoi LSP Lú chun deiseanna a mhéadú do dhaoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí rialta spóirt agus caitheamh aimsire fisicigh. Féachann an tionscadal le feasacht a mhéadú maidir le buntáistí rannpháirteachas mar é do dhaoine faoi mhíchumas. Eagraíodh seisiúin tástála spóirt in Ionad Spóirt Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan (DIFE) as a bunaíodh club ilspóirt seachtainiúil, seisiúin oiriúnaithe aeróbaice, clubanna Boccia in ionaid IWA agus traenáil i ngníomhaíochtaí fisiceacha oiriúnaithe do mhúinteoirí (mar thaca le clár Buntús). Bunaíodh Fóram Míchumais Lú agus cuireadh oiliúint maidir le feasacht ar mhíchumas ar fáil do ghrúpaí éagsúla lena n-áirítear

oiliúntóirí CLF agus Chumann Sacair na hÉireann, foireann in Ionaid Spóirt agus oibreoirí saoráidí fóillíochta tráchtála. Buaicphointe sa bhliain 2008 ab ea eagrú cheiliúrthaí Chontae Lú do na hOilimpeacha Speisialta nuair a ceiliúradh cothrom tríocha bliain na nOilimpeacha Speisialta i nDeireadh Fómhair.

INIÚCHADH AR ÁISEANNA AR FUD AN CHONTAE

Cuireadh tús le hiniúchadh ar áiseanna pobail, spóirt agus ealaíon mar chuid de iniúchadh náisiúnta agus tá súil é a chríochnú ag tosach na bliana 2009. Tá an bunachar sonraí náisiúnta a bheidh ann dá bharr ceaptha le cabhrú le ranna rialtais lena mbaineann pleanáil conas airgead a chaitheamh sa todhchaí ar sholáthar áiseanna mar iad ar bhonn náisiúnta.

FORBAIRT SPÓIRT

Oifigigh Forbartha Sacair/Pheil Ghaelaigh

Lean an comh-mhaoiniú ag Comhairle Contae Lú de Oifigeach Forbartha Sacair Phobail FAI Lú (Mick Neville) agus de Oifigeach Tacaíochta CLG (Donal McNally) i gcaitheamh 2008. Chuir an bheirt oifigeach clár ar fáil ar fud an chontae chun deiseanna breise a thabhairt do dhaoine óga agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste a bheith rannpháirteach in imeachtaí sacair agus peil ghaelaigh. Ar na gníomhaíochtaí bhí Feadaílithe Óga (cúrsa do réiteoirí CLG); Campaí Samhraidh (peil ghaelach agus sacar), tionscadail Pheil Ghaelach do Chailíní (Dún Dealgan agus Droichead Átha), Sacar Idirchultúrtha agus beidh imeachtaí peil gaelaigh a eagraíodh i bpáirt le hOifigeach Cuimsiú Sóisialta na Comhairle ar siúl go luath sa bhliain 2009.

Rugbaí

Sholáthair Comhairle Contae Lú cistiú le haghaidh cúrsa óiliúntoireachta Rugbaí Clibe agus clár do mhúinteoirí agus do bhunscoileanna a eagraíodh i gcomhar le hOifigeach Forbartha Rugbaí Laighean Wayne Mitchell.

SCÉIM DEONTAIS DO THRAENÁIL OILIÚNÓIRÍ

Bhí an scéim deontais seo dírithe ar líon na n-oiliúntóirí oilte a mhéadú i ngach ceann de raon spóirt i gCo. Lú ar fáil i gcónaí sa bhliain 2008 agus chabhraigh sé le 102 duine a bheith rannpháirteach i gcúrsaí creidiúnaithe Oilíúntoireachta/Cinnireachta don lúthchleasaíocht, don chispheil, don chamógaíocht, don chnocadóireacht, don pheil ghaelach agus don sacar.

Tionscnaimh Thrasteorann – Tionscadal Forbartha Trasteorann Um Spórt Mhionlaigh

Tionscadal dhá bhliain a bhí anseo, faoi threoir Chomhairle Ceantair an Iúir agus Mhoirne le maoiniú ó Shíocháin II agus a chríochnaigh mí na Bealtaine 2008. Réitíodh Eolaire Spóirt Trasteorann mar chuid den tionscadal agus seolfar é go luath sa bhliain 2009.

TIONSCADAL OIRIAIL 2012

Ceapadh Tionscadal Oiriall 2012 chun leas a bhaint as deiseanna féideartha don réigiún ag éirí as Cluichí Oilimpeacha Londan 2012. Ba é Ionad Seoltóireachta Chill Eoin/Loch Chairlín an t-aon ionad i gceantar an Iúir/Mhoirne a bhí san ireamh i liosta

Chluichí Oilimpeacha Londen de láithreacha campaí oiliúna go luath sa bhliain 2008. De bhun seo cuireadh iarratas ar mhaoiniú don tionscadal seo, faoi threoir na Comhairle seo, ar aghaidh faoi Interreg IV(A) – Snáith na Turasóireachta. Tá súil le cinneadh go luath sa bhliain 2009.

FORBAIRTÍ SIÚIL

Dréachtaíodh straitéise siúil a leagann amach tograí le haghaidh forbairt agus feabhsú cheantair Chuaille agus Ghleann na bhFiach mar cheantar siúil le haghaidh siúlóirí de gach cineál. Leanfaidh an obair ar an straitéis seo ar aghaidh sa bhliain 2009.

BEALACH NA TÁNA

Baineadh cuid de Bhealach na Tána de bhóthar Chairlinn – Uí Mhéith a bhíonn lán tráchta go minic in oibreacha feabhsúcháin a rinneadh le linn 2008. Cuireadh comharthaíocht nua agus strapáí nua ar fáil ar an mbealach agus cuirfear comharthaí in airde do shiúláin nua lúbtha sa bhliain 2009.



SLÍ NA SLÁINTE

Thacaigh Comhairle Contae Lú le soláthar bhealach nua fíorúil Shlí na Sláinte ag Lochán Bhaile Lias. Seoladh bealach nua Shlí na Sláinte ag Cairlinn go foirmeálta mí na Nollag 2008. Tá pleananna ann don bhliain 2009 chun dhá bhealach eile den tslí a chur ar fáil agus iad a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. Thacaigh an Chomhairle chomh maith le líon beag siúlóidí áitiúla a ghlac páirt in Oiliúint do Cheannairí Siúil Fhoras Croí na hÉireann i gcaitheamh na bliana.

FÉILE SIÚIL NA TÁNA

In ainneoin na drochaimsire, mheall dara Féile Siúil na Tána i gCairlinn go luath i mí an Mhárta líon méadaithe rannpháirtithe don ócáid dhá lá. Tá féilte leathnaithe trí lá beartaithe don bhliain 2009 ina mbeidh tuilleadh siúlóidí éagsúla agus siúlóidí a bheith dírithe ar theaghlaigh.

ÁISEANNA SPÓIRT

Limistéir Chluichí Il-Úsáideoirí (MUGAanna)

Tugadh dhá cheann de Limistéir Chluichí Il-Úsáideoirí chun críche ag Club Dornálaíochta Dhroichead Átha (Ráth Maoláin agus An Mhónaidh Mhór) i gcaitheamh 2008 agus tá oibreacha ar MUGAanna ag Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, agus Tobberona, Dún Dealgan, le críochnú mí Eanáir 2009. Sholáthair

an FAI agus an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta cúnamh deontais dóibh seo.

SIÚLÁN FOLLÁINE

Tá Comhairle Contae Lú ag féachaint ar bhféidir dul chun cinn a dhéanamh maidir le Siúlán Folláine a sholáthar timpeall ar bhealach fíorúil Shlí na Sláinte ag Ollionad Oiliúna Darver i gcomhar le CLG. Dhíreodh an fhorbairt seo ar bhail aosta an phobail agus ar bhail is lú corpacmhainne agus tá sé sceidealta le hoscailt go luath sa bhliain 2009.

CLÓSANNA SÚGARHA

Tugadh an clós súgartha nua ag Baile na gCailleach, Ceann Chlochair chun críche ag deireadh 2008. Tugadh clós súgartha nua chun críche chomh maith ag Club Dornálaíochta Dhroichead Átha ag An Mhónaidh Mhór mar chuid d'fhorbairt MUGA ansin.

Ceannaíodh láithreacha do chlóis súgartha ag Kilkerry agus ag Cill an Churaidh agus tá sé beartaithe na clóis súgartha nua sin a bhrostú go luath sa bhliain 2009. Brostófar clóis súgartha ag Na Creagacha Dubha, Linn Snámha Dhún Dealgan agus Tobberona, Dún Dealgan le linn 2009.



SÁBHÁILTEACHT UISCE

Sholáthair Comhairle Contae Lú gardaí tarrthála ag trána Bhaile an Teampaill, An Phoirt agus Cheann Chlochair le linn shéasúr an tsamhraidh. Rinneadh cothabháil ar threalamh tarrthála ag láithreacha mórélímh ó cheann ceann na bliana.

Rinne an Chomhairle idirchaidreamh leis an gcoiste áitiúil sábháilteacht uisce tríd an Oifigeach Forbartha Shábháilteacht Uisce chun oiliúint a sholáthar in ardeicnicí snámha, tarrthála agus athbheochana go seachtainiúil ó Mheán Fómhair go Bealtaine ag linnte i nDún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Mhic Ghormáin. Eagraíodh seachtainí oiliúna lasmuigh in uisce oscailte i gcaitheamh an tsamhraidh ag Trá Cheann Chlochair agus ag Cé Gyles. Bhí an-tóir ar na himeachtaí seo agus meallann siad líon mór rannpháirtithe gach bliain.

Tacaíonn an Chomhairle le hobair na seirbhíse áitiúla báid tarrthála, RNLI, chomh maith.

Sprioc 4 – Rannpháirtíocht phobail a spreagadh, ceannaireacht saoránachta a thabhairt agus mórtas saoránachta a chur chun cinn.

COMHAIRLE NA NÓG

Reachtáil Comhairle na nÓg a thoghcháin mí Mheán Fómhair 2008. Ghlac dhá scoil déag sa phróiseas toghchánaíochta agus toghadh beirt ionadaithe ó gach scoil. Eagraíodh toghcháin i ngach scoil leis an gcóras ionadaíochta cionmhaira a úsáidtear i dtoghcháin na Dála agus i dtoghcháin áitiúla. Bailíodh na boscaí vótaí agus tugadh iad chuig dhá ionad comhairimh, Ionad Pobail Dhún Léire agus Lochán Bhaile Lias, Droichead an Chnoic. Rinne na daltaí canbhasáil ina scoileanna féin agus tháinig go dtí an toghchán i bhfochair a bpáirtí toghchánaíochta agus róiséid á gcaitheamh acu. Mhéadaigh an floscadh de réir mar a tháinig na comhairimh chun críche agus ba iomaí óráid buachana a rinneadh.

Is é cuspóir Chomhairle Contae Lú agus Choiste Gairmoideachais Lú Comhairle na nÓg a fhorbairt chun Seirbhísí don Óige a chur san áireamh ann agus sin an treoir a shocraigh Oifig an Aire Gnóthaí Leanaí agus Daoine Óga.

Bunaíodh Sainghrúpa Comhairleach sa bhliain 2008 chun forbairt a dhéanamh ar Chomhairle na nÓg. Tá an grúpa comhdhéanta de Sheirbhísí don Óige, múinteoirí agus comhaltaí tofa. Éascaíonn oifig Fhorbairt Phobail agus Eacnamúil, Comhairle Contae Lú agus Coiste Gairmoideachais Lú faoi choimirce an Oifigigh Ógra Comhairle na nÓg agus tacaíonn leo. Fuair Lú deontas chun Comhairle na nÓg a fhorbairt faoi chlár gníomhaíochtaí feabhsaithe Oifig an Aire do Ghnóthaí Leanaí agus Daoine Óga.

Ag an gcéad chruinniú den Chomhairle toghadh Dubhaltach Mulvenna mar chathaoireacht, Áine Kirwan mar leaschathaoireach, agus Katie Bailey mar rúnaí na Comhairle. San áireamh sa chlár gníomhaíochtaí a chuir an Chomhairle i ngníomh sa bhliain 2008 bhí iniúchadh míchumais a rinne comhairleoirí ina scoileanna féin. Bhí an fheidhmeannacht an-ghníomhach sa seimineár a d'eagraigh Tionscnamh Lú mar Chontae Cairdiúil le hAois i mí na Samhna agus fuair fáilte mhór ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Dermot Ahern. Tá na comhairleoirí ag féachaint chomh maith ar chártaí lascaire a fháil do dhaltaí os cionn sé bliana déag nach bhfuil fós sa tríú leibhéal. Rinne sé scoil suirbhé chun féachaint cad iad na siopaí arbh fhearr le daoine lascaire a fháil uathu. Bunaíodh foghrúpa chun an beart seo a threorú agus aontaíodh plean gníomhaíochta atá á chur i bhfeidhm cheana féin. Bíonn cruinnithe i Halla Contae Lú, Comhairle Baile Dhroichead Átha agus Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire ina seal.

Thogh na Comhairleoirí seisear ionadaithe ó Chomhairle na nÓg Chontae Lú chun ionadaíocht a dhéanamh do Lú ag Dáil na nÓg 2009. Rithfear toghchán ina dhiaidh sin i measc na

gcomhairleoirí seo chun ionadaí a thogadh do chomhairle Dháil na nÓg. Tá na comhairleoirí óige ag tnúth le páirt ghníomhach a bheith acu sna próisis daonlathacha áitiúla agus glór a thabhairt do mhuintir óg Chontae Lú.

Sprioc 4 – Rannpháirtíocht phobail a spreagadh, ceannaireacht saoránachta a thabhairt agus mórtas saoránachta a chur chun cinn.

CLÁIR SHÍOCHÁNA

LEATHNÚ AR SHÍOCHÁIN II

Táscfhórsa Chlár Leathnaithe Shíocháin II faoi stiúir Chomhairle Contae Lú

Thairbhígh 22 tionscadal de dhíreach faoi bhun €1.5m go deireadh 2008 faoi Chlár Leathnaithe Shíocháin II i dteannta 50 tionscadal eile a thairbhígh den chlár bunaidh Shíocháin II. Tá na tionscadail seo ar fad tugtha chun críche anois agus soláthraíonn siad acmhainn taitneamhachta a raibh géarghá leis sna pobail a bhfónann siad dóibh agus don daonra i gcoitinne ar dhá thaobh na teorann.

SÍOCHÁIN III

Fógraíodh tranche eile cistithe i gcaitheamh na bliana faoi Interreg IV á comh-mhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus ag an Roinn Airgeadais.

Bunaíodh Comhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais le hionadaíocht ón earnáil dheonach, pobail agus ó ghníomhaireachtaí reachtúla mar bhallaíocht faoi cheannas an Bhainisteora Contae le foireann ón Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontraíochta ag gníomhú mar rúnaíocht.

Tiomsaíodh Plean Síochána agus Athmhuintearais Chontae Lú 2007 – 2010 tar éis dul i gcomhairle go forleathan leis an bpobal sa bhliain 2008. Ghlac an Chomhpháirtíocht leis i mí na Bealtaine agus fuair faomhadh ó Foras Thionscadail Speisialta an Aontais Eorpaigh (SEUPB) i Meán Fómhair. Gheofar sa phlean srac-chuntas ar cé mar a fheidhmeoidh Comhpháirtíocht Shíochána agus Athmhuintearais Chontae Lú tosaíochtaí Clár Shíochána III a bhfuil cúram air ina leith.

Ar na tosaíochtaí:

- Dúshlán a chur faoi Réamhchlaonadh ar mhaithe leis an tSíocháin.
- Dúshlán a chur faoi dheartháir trí imeachtaí spóirt agus ealaíon trasna na teorann.
- Samhlacha claochlaitheacha do phobail atá ag fágáil na coimhlinte taobh thiar dóibh.
- Dul i gceann seicteachais agus ciníochais in institiúidí.
- Meas a chothú ar luach na héagsúlachta.
- Tuiscint idirghluine a chur chun cinn chun síocháin a bhuanú.
- Oidhreacht i bPáirt a Fhorbairt.
- Líonraíocht ar mhaithe leis an tsíocháin.
- Comhpháirtíocht ar mhaithe leis an tsíochán a neartú agus a chur i mbéal an phobail.

Cuireadh tús leis an obair ar chéim fhorbartha an Phlean go déanach sa bhliain 2008 agus tá súil é a chur chun feidhme go luath sa bhliain 2009.

Leithdháileadh buiséad de €2.8 milliún, agus bronnfar céatadán de sin i bhfoirm Chlár Deontas Beag.

Spric 4 – Rannpháirtíocht phobail a spreagadh, ceannaireacht saoránachta a thabhairt agus mórtas saoránachta a chur chun cinn.

SEIRBHÍS CHARTLANN CHONTAE LÚ

Ceann den dá phríomhthionscadal ar thug an tSeirbhís Chartlann fúthu sa bhliain 2008 ab ea an 'Tionscadal Cartlann Trasteorann' i gcomhar le Músaem an Iúir agus Mhoirne a tugadh chun críche i mí an Mheithimh. Fuair an tionscadal €140,146 de chistiú ón AE tríd an gClár Interreg IIIA a bhainistíonn Comhpháirtíocht Interreg IIIA Réigiún na Teorann Thoir ar son Fhoras Chláir Speisialta an AE. Ba í aidhm an tionscadail teacht a thabhairt bealach láithreán Gréasáin nasctha ar chartlanna agus ar eolas maidir le forbairt stairiúil an réigiúin. Chun an aidhm seo a bhaint amach d'oibrigh beirt chartlannaithe ar chatalóg de bhailiúcháin a bhaineann leis an réigiún trasteorann lena n-áirítear bailiúcháin Reside san Iúir, agus an bailiúchán Roden, bailiúchán Paddy Mallon – GNR(I), agus bailiúchán McArdle Moore i Lú. Cruthaíodh láithreán Gréasáin nua – www.louthnewryarchives.ie – ina bhfuil roinnt taispeántas cartlainne ar líne agus gníomhaíochtaí oideachasúla agus cuireadh acmhainn oideachasúil ar fáil ar CD do scoileanna.

Ceann de na taispeántais ar láithreán gréasáin an tionscadail is ea an taispeántas 'Úinéirí Talún Chontae Lú'. Taispeánann sé suíomh ginearálta roinnt de na heastáit talún ba mhó sa chontae, agus léiríonn méid na n-eastát a bhí ag úinéirí talún roghnaithe sa bhliain 1854. Gheofar ann léarscáil idirghníomhach de Chontae Lú mar ar féidir leat cliceáil ar ainm teaghlaigh chun sonraí a fháil ar thalamh an teaghlaigh sin. Beidh an acmhainn seo úsáideach do mhic léinn, do staraithe, do ghairmigh agus do dhuine ar bith eile a chuireann spéis in úinéireacht talún.

Ar láithreán gréasáin an tionscadail gheofar chomh maith nasc chuig catalóg nua cartlainne ar líne a seoladh mí an Mheithimh. Clochmhíle mhór ab ea í seo i bhforbairt na Seirbhíse Cartlainne, go háirithe ós rud é gurb é Lú an chéad údarás áitiúil in Éirinn a bhfuil catalóg cartlainne ar líne aige. Tá sé de rogha ag úsáideoirí anois a bhfuil sa tSeirbhís Cartlainne a chuardach ar líne mar a bhfaighidh siad liostaí de namíreanna sna bailiúcháin agus cur síos orthu. Tá caighdeánú á dhéanamh ar ranna den chatalóg cartlainne i gcónaí.

Ba é an tionscadal mór eile ar thug an tSeirbhís Cartlainne faoi sa bhliain 2008 ná óstáil taispeántais ar Mhór-Iarnród an Tuaiscirt (Éire) ó Aibreán go Meán Fómhair mar chomóradh ar chothrom caoga bliain dhúnadh oibreacha ollmhóra GNR(I) i nDún Dealgan. Lena chois sin, thug siad an taispeántas ar cuairt

ar Ospidéal Lae Naomh Oilibhéar agus d'óstáil Deireadh Seachtaine Oscailte i mí an Mheithimh ina raibh mion-iarnród den scoth de na hoibreacha iarnróid a sholathar Cumann na nIarnród. Bhí Lá Oscailte ann i mí Mheán Fómhair mar cheann de raon imeachtaí áitiúla chun an dúnadh a chomóradh ó ba é 30 Meán Fómhair 1959 an lá ar forceannadh Bhord Mhór-Iarnród an Tuaiscirt. Mharcáil sé deireadh ionad Dhún Dealgan mar bhaile mór innealtóireachta iarnróid agus ba iomaí post a cailleadh.

Bhí an taispeántas bunaithe ar bhailiúchán cartlainne 'Paddy Mallon – Great Northern Railway (Ireland)' a bhronn Margaret Mallon, iníon Paddy Mallon (1920-2002) ar an taispeántas. D'oibrigh Paddy ag Oibreacha Dhún Dealgan ó lár na 1930idí go dtí na 1960idí luatha agus bhain céim an tsoiste amach i siopaí tógála na n-oibreacha. Sa bhailiúchán tá mórchuid líníochtaí innealtóireachta agus ábhar a bhaineann leis na hoibreacha innealtóireachta agus cuireadh cuid díobh ar taispeántaí in linn an taispeántais. Tháinig tuairim is 1500 cuairteoir ag triail ar an taispeántas i gcaitheamh an tsamhraidh chun léargas a fháil ar stair na cuideachta iarnróid ba mhó ratha riamh in Éirinn.

Bronnadh roinnt bailiúchán cartlainne eile ar an tSeirbhís Cartlainne i gcaitheamh na bliana. Ina measc bhí bailiúchán cartlainne Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Droim Ineasclainn a próiseáladh agus a caomhnaíodh ar mhicreascannán; páipéir Bernard Rice (1890-1963); méid áirithe míreanna GNR(I); agus bailiúchán grianghraf Sheanchumann Dhún Dealgan. Shocraigh an tSeirbhís go ndéanfaí cóireáil caomhnaithe ar roinnt cartlann le linn 2008 agus bhí méid áirithe Léarscáileanna Ordnaís ó 1836-1846 ina measc. An Chomhairle Oidhreachta is ea a chistigh an obair a chlúdaigh méid áirithe de chartlanna Dhroichead Átha lena n-áirítear cairt de chuid an Rí Shéamais I, agus trí cinn de léasleabhair ón seachtú haois déag.

Spric 4 – Rannpháirtíocht phobail a spreagadh, ceannaireacht saoránachta a thabhairt agus mórtas saoránachta a chur chun cinn.

AN TSEIRBHÍS OIDHREACHTA

Tá Údarás Áitiúla Lú faoi chomaoin ag an gComhairle Oidhreachta as a dtacaíocht, idir airgeadais agus eile, do phost an oifigigh oidhreachta agus do mhórchuid tionscadal eile.

OBAIR THIONSCADAIL SA BHLIAIN 2008

Ba iad na príomh-mhíreanna de chlár oibre na hoifige oidhreachta sa bhliain 2008, a bhfuarthas cistiú lena n-aghaidh ón gComhairle Oidhreachta:

- Suirbhé a dhéanamh ar 'suíomhanna bithéagsúlachta' roghnaithe agus pleananna bainistíochta, nascachta agus feabhsúcháin a cheapadh do na suíomhanna seo. Bhí suíomhanna de chuid na nÚdarás Áitiúil agus suíomhanna arna mbainistiú ag grúpaí áitiúla Bailte Slachtmhara san áireamh anseo.
- Bainistiú 'Ceantar Speisialta Caomhantais' ag Ceann Chlochair comhdhéanta de fhraochmhá beag cósta.

- Suirbhé, pleanáil agus tionscadail phraiticiúla caomhantais ar Bhalla an Bhaile i gCairlín agus i nDroichead Átha, chomh maith le himeachtaí mór a reáchtáil mar chuid de Lá na mBailte Múrtha agus de Sheachtain na hOidhreachta (arna chistiú ag Líonra Bhailte Múrtha Éireann). Rinne Baile Átha Fhirdhia iarratas ar bhallaíocht i Líonra Bhailte Múrtha Éireann.
- Comhairleach ón eamail phríobháideach a fhostú chun úinéirí Séadchomharthaí Allamuigh a chomhairliú le conas an acmhainn neamhathnuaite seo a chaomhnú.

Tionscadail Eile

- Tionscadal mór oidhreachta trasteorann i dturasóireacht oidhreachta ab ea réiteach leabhar agus láithreán Gréasáin 'Borderlands', a chistigh INTERREG trí Réigiún na Teorann Thoir. Féach www.borderlands-ireland.com.
- Bhí obair ar siúl i gcónaí ar mhórstaidéar caomhantais ag Mainistir na Buithe, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le NMS de chuid an Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
- Tionscadal beag ach an-sofheicthe ab ea cothabháil agus feabhsú an ghairdín bithéagsúlacht os comhair Halla an Chontae.

ÁISEANNA FAIRTHEOIREACHT ÉAN

Chuathas i mbun oibre ar láithreacha féideartha chun cró folaigh fairtheoireacht éan a thógáil i gCairlín nó láimh leis agus chun féachaint arís an bhféadfaí limistéar caomhantais éan idirnáisiúnta a fhorbairt áit éigin ar Bhá Dhún Dealgan.

FORBAIRTÍ LE HAGHAIDH TIONSCADAL AMACH ANSEO

Le hais na tionscadail ar fad thuas a bhainistiú bíonn oifigeach oidhreachta Lú ag faire amach i gcónaí ar thionscadail fhéideartha don todhchaí a chabhródh le Lú leas a bhaint as a 'dhíbhinn oidhreachta' sna bliana romhainn trí chaighdeán na beatha a fheabhsú agus cuairteoirí agus cónaitheoirí nua a mhealladh. Ba é an mórtionscadal a bhí 'ar gor' sa bhliain 2008 ná togra chun oidhreachta gheolaíoch réigiún (trasteorann) Loch Chairlín (Lú thuaidh, Ard Mhacha theas agus An Dún theas) a chur chun cinn, le cistiú Interreg.

Sprioc 5 – Comhaontais agus comhpháirtíochtaí oibre a fhorbairt, laistigh den eagraíocht agus le heagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse eile chun spriocanna agus tosaíochtaí eagrúcháin a shroicheadh.

RAPID

DROICHEAD ÁTHA

Bhliain ar leith ab ea 2008 do Phlean RAPID Dhroichead Átha a cuireadh i láthair den chéad uair sa bhliain 2002. Tugadh gach mórbheart caipitiúil chun críche agus osclaíodh go hoifigiúil Ionad Oideachais Blianta Luatha an Gharráin agus Ionad Pobail an Teaghlaigh Ró-Naofa ag Garrán Bál. Suiteáladh dhá cheann de limistéir cluichí ilúsáideora agus clós súgartha ag An Mhónaidh Mhór i mbliana a rabhthas ag feitheamh air le fada an lá. Bhí trí cinn d'eastáit RAPID – Garrán Bál, Páirc na bPiarsach agus An Bóthar Búí – mar neasaigh sa Chomórtas Áilleacht ar an mBóinn a léiríonn an obair dhian a rinne

cónaitheoirí agus Tionscnamh Comhshaoil Pobail RAPID arna chistiú ag FÁS.

Beidh clár RAPID i mbun forbartha i gcónaí laistigh de chreat na sé téama straitéiseacha, .i. sábháilteacht an phobail agus iompar frithshóisialta; oideachas; an timpeallacht fhisiceach; sláinte; tacaíocht teaghlaigh; agus an óige, oiliúint agus fostaíocht. Bíonn gach téama díobh faoi stiúir ranna ar leith, agus is air sin a bhunaítear an méid a dhéanann gach gníomhaíocht ag an leibhéal áitiúil i dtaca le póilíní, timpeallacht, sláinte, oideachas, tacaíocht teaghlaigh, agus mar sin de. Trí mheán na bhfoghruipí faoi cheannas ionadaithe gníomhaireachtaí téitear i mbun oibre i gcomhar leis an bpobal chun bearta a chur i gcrích ar eastáit RAPID.

Tá éifeacht an-mhór ag an gcur chuige seo. Fad a bhaineann sé leis an bhfoghruipa um shábháilteacht an phobail faoi cheannas an Gharda Síochána, mar shampla, rinne foireann ghlantacháin Chomhairle Baile Dhroichead Átha an-iarracht i gcomhar leis an nGarda Síochána a chuaigh in éineacht le foireann na Comhairle chuig láithreacha éagsúla stórála dramhaíola agus bonn do dhóiteáin, i gcomhar le V&W Recycling, an tSeirbhís Dóiteáin, cónaitheoirí agus Tionscnamh Chomhshaoil Phobail FÁS chun líon na n-ábhar indóite a bhí carntha ó shamhradh 2008 a laghdú agus a rialú. Bailíodh breis is 4.22 tona bonn le hathchúrsáil. Chuaigh toscaireachtaí comhdhéanta de bhaill foirne ó Chomhairle Baile Dhún Dealgan, An Garda Síochána agus Rannóg Comhshaoil Chomhairle Baile Dhroichead Átha ar cuairt chuig scoileanna.

Samplaí eile de thionscnaimh eile ar éirigh leo ná clár de Thacaíocht do Thuismitheoireacht Éifeachtach a fhorbrófar tuilleadh sa bhliain 2009 agus feidhmiú Chlár Náisiúnta Bhaint Graifítí in eastáit RAPID agus ag foirgnimh phoiblí ar fud lár an bhaile. Feicfead toradh ar chruinnithe comhairlithe sláinte sa bhliain 2009.

Uair amháin eile, díriodh ar sheanáirí sa Chiste nua Giarála Sláinte agus tá bearta le cur i bhfeidhm sa bhliain 2009 agus leathnú eile le déanamh ar an scéim slándála baile i gcás 28 seanóir breise. Ar cheann eile an speictream, seoildh Líonra Ógra Dhroichead Átha. Leanfaidh an obair sin isteach sa bhliain 2009 agus ar aghaidh.

Tá líon mór daoine rannpháirteach i gclár RAPID i gcónaí agus cuireadh dreach foirmeálta air sin sa bhliain 2008 nuair a bunaíodh Fóram RAPID a fhorbrófar tuilleadh sa bhliain 2009.

DÚN DEALGAN

Meitheal mór gníomhaíochta ab ea Clár RAPID Dhún Dealgan le cúig bliana anuas agus is ar chomhtháthú seirbhísí, cinnireacht agus infheistíocht nua a dhíríonn sé. Brostaíodh roinnt bearta, a bhí ar obair Fhoireann Feidhmithe Cheantar RAPID Dhún Dealgan, sa dá cheantar RAPID i nDún Dealgan, Diméin Cox agus Muirtheimhne Mór. An fóram eile a éascaíonn comhordaitheoir RAPID ná Grúpa Chomhairle Drugaí Dhún

Dealgan atá ag obair go gníomhach ar bhearta cuimsithe sóisialta i gceantair RAPID.

Ar na príobhbhearta a cuireadh i ngníomh sa bhliain 2008 bhí:

- Cistiú faighte agus críochnú oibreanna Scéimeanna Giarála RAPID (Feabhsú Eastát, Clóis Súgartha & Maolú Trácht) i gceantair RAPID – €200,000.
- Suiteáil agus seoladh ag Cathairleach Chomhairle Baile Dhún Dealgan, Seamus Keelan, Clós Súgartha nua in Muirtheimhne Mór.
- Cistiú faighte faoi chiste Giarála FSS do Sheanáirí – Ceadaíodh gach tionscadal RAPID a cuireadh ar aghaidh – 100,000.
- Scéim Ghraifítí Pobail curtha ar fáil go rathúil i gceantair RAPID – €30,000 faighte faoin tionscnamh seo.
- Forbraíodh Straitéis Rannpháirteachais Pobail i gcomhar le Pobail RAPID agus tá moltaí á gcur chun feidhme i láthair na huaire ag leibhéal áitiúil i gcomhar le pobail RAPID.
- Chinntigh tarraingt anuas cistithe ó Chiste na gCuntas Díomhaoin – sa bhreis ar ghrúpaí/eagraíochtaí faoi chlár RAPID 2007 – €200,000.
- Cuireadh Scéim Fheabhsúcháin ar an gComhshaol Fisiceach arbh fhiú €180,000 ar aghaidh le haghaidh faomhadh do cheantar RAPID. Tar éis dul i gcomhairle le pobail RAPID tugadh tosaíocht do réimsí oibre faoin scéim seo. Tógann an clár oibre seo ar agus cuireann feabhas ar obair an oifigigh Aththógála faoi "Buanna Luatha" do cheantair RAPID a fógraíodh sa bhliain 2008.

Eisíodh treoirlínte ar fud na tíre maidir le rannpháirteachas pobail agus gníomhaireachtaí chomh maith le téamaí straitéiseacha. Bhí súil go gcuirfeadh clár RAPID áitiúla na treoirlínte seo i bhfeidhm sa bhliain 2008.

Bunaíodh na foghrúpaí téamacha seo a leanas sa bhliain 2008 agus tá gach grúpa díobh faoi cheannas príomhghníomhaireachta a bhaineann leis an téama sin agus tá an bhallaíocht comhdhéanta de ionadaithe pobail agus ionadaithe gníomhaireachtaí. Ceapfar pleananna gníomhaíochta gach fhoghrúpa téamaigh mar phlean oibre an chlár RAPID sna blianta romhainn.

- Cur i bhfeidhm Théama Straitéiseach RAPID – ‘Sláinte’ trí fhoghrúpa téamach, straitéis agus plean gníomhaíochta a bhunú do cheantair RAPID.
- Cur i bhfeidhm Théama Straitéiseach RAPID – ‘Sábháilteacht an Phobail’ trí fhoghrúpa téamach, straitéis agus plean gníomhaíochta a bhunú do cheantair RAPID.
- Cur i bhfeidhm Théama Straitéiseach RAPID – ‘Tacaíocht Teaghlaigh’ trí fhoghrúpa téamach, straitéis agus plean gníomhaíochta a bhunú do cheantair RAPID agus iad a chur faoi bhráid NMC.
- Cur i bhfeidhm Théama Straitéiseach RAPID – ‘Comhshaol Fisiceach’ trí fhoghrúpa téamach, straitéis agus plean gníomhaíochta a bhunú do cheantair RAPID.
- Cur i bhfeidhm Théama Straitéiseach RAPID – ‘Oideachas’ trí fhoghrúpa téamach, straitéis agus plean gníomhaíochta a bhunú do cheantair RAPID.

Gníomhaíochtaí Eile de Chuid Chlár Rapid Dhún Dealgan

Chomisiúnaigh Grúpa Comhairleach Drugaí Dhún Dealgan Tuarascáil ar Mhí-úsáid Drugaí agus ar Sholáthar Seirbhíse Drugaí i nDún Dealgan ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, chun féachaint ar “Feabhas a chur ar fhreagairt an phobail”. Tá moltaí na Tuarascála á gcur chun feidhme i láthair na huaire.

Eagraíodh ócáid Scléip Lár an tSamhraidh ar oíche Thinte Cnámh an 29 Meitheamh (traidisiún áitiúil) i bPáirc Oiriaila i gcomhar le Comhairle Baile Dhún Dealgan, Club Peile Dhún Dealgan agus an FAI. Tionscnamh ab ea é seo chun daoine a dhíspreagradh ó thinte cnámha a lasadh ar eastáit údarás áitiúil. D’fhreastail breis is 300 ógánach a an ócáid seo agus d’éirigh go rí-mhaith leis. Bhronn Cathairleach Chomhairle Baile Dhún Dealgan duais ar Imreoir an Chraobhchomórtais, agus ócáid bhliantúil a bheidh ann as seo amach.

Clár Traenála Rapid Kick Start 1 d’Oiliúnóirí

Dearadh an cúrsa seo chun cuidiú le tuismitheoirí agus le traenálaíthe chun páistí idir 6 agus 9 bliain d’aois a chur ag imirt cluichí sacair agus ag foghlaim bunscoilleana gluaiseachta i dtimpeallacht dea-struchtúrtha, spreagúil agus sábháilte. D’fhreastail 16 as ceantair RAPID ar an gcúrsa.

Coiste Bainistíochta Eastát

Bunaíodh coiste bainistíochta eastát i gcomhar le Comhairle Baile Dhún Dealgan, le tionscadail Forbartha Pobail agus ionadaithe pobail i gceantair RAPID. Bíonn cruinnithe ag an ngrúpa seo chun beartas rannpháirteachta tionóntaí Údarás Áitiúil Lú a chur chun feidhme agus caidreamh dearfa a chur chun cinn idir údarás áitiúla agus pobail.

Sprioc 5 – Comhaontais agus comhpháirtíochtaí oibre a fhorbairt, laistigh den eagraíocht agus le heagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse eile chun spriocanna agus tosaíochtaí eagrúcháin a shroicheadh.

FÓRAM POBAIL & DEONACH AN CHONTAE

Bhí cruinnithe rialta ag Fóram Pobail & Deonach an Chontae sa bhliain 2008 agus lean an obair ar aghaidh chun obair an fhóraithe a chur chun cinn agus baill nua a mhealladh isteach ann. Is é an Fóram Contae an fhoinsé i gcónaí as a roghnaítear baill pobail agus dheonacha chun bheith mar bhaill ar Choistí Beartais Speisialta agus ar Choistí Beartais Chathrach.

Rinne baill den fhóram ionadaíocht ar son an phobail agus an hearnála deonaí ag:

- CDB Lú.
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí.
- Comhchoistí Póilíneachta.
- Coiste Chúraim Leanáí Chontae Lú.
- An Fóram Pobail Náisiúnta.
- Fóram Teorann Chomhlacht Leader Lú.

Bhí cruinnithe rialta ag na trí Fhóram Limistéar Áitiúil sa bhliain 2008 agus tá siad ag déanamh a ndíochill i gcónaí gach grúpa pobail ina gceantar a mhealladh le bheith páirteach.

Comhairle Baile Dhún Dealgan

Spric 3 – Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiofadh inár ndiaidh.

TITHÍOCHT & TÓGÁIL

Chuathas i mbun oibre ar Scéim Tithíochta Líontach i gCoill an Ghleanna agus tá súil é a chríochnú faoi Aibreán 2009. Síníodh conradh le haghaidh scéim tithíochta theicneolaíocht Nestling ag Sráid na Beairice agus thosaigh an obair i mí Mheán Fómhair 2008. Comhionscadal mór is ea é seo idir an Chomhairle, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus FSS chun saoráidí cónaí feadh an tsaoil a sholáthar láimh le lár an bhaile. Chuathas i mbun oibre ar fhorbairt 42 teach réidh le dul isteach iontu ag Bóthar na gCreagacha Dubha i mí Lúnasa 2008 agus tá súil é a bheith críochnaithe faoi Dheireadh Fómhair 2009. Lena chois sin, thug an Chomhairle chun críche ceannach scéim 17 treach ag Cúirt Lennon Melia i nDeireadh Fómhair 2008. Thug an Chomhairle 61 teach san iomlán ar ais chuig an soláthar tithíochta i gcaitheamh na bliana agus rinneadh breis is 2,000 deisiú tithíochta. Lena chois sin, cuireadh tús i gcaitheamh na bliana le céim dheiridh shuiteáil an téimh lárnaigh i soláthar tithíochta na Comhairle, agus suiteáladh breis is 700 san iomlán.

ATHBHEOCHAN

Thug an Chomhairle oibreacha suntasacha chun críche in eastáit Mhuirtheimhne Mór agus Dhiméin Cox faoin gclár Athbheochana. Ar na hoibreacha a chríochnaíodh bhí leagan tithseandaoine, múchadh ceart slí poiblí, tírdhrechtú, plandáil crann, bearta maolaithe tráchta agus ceapadh comhairleach chun doiciméad físe uirbí a réiteach. Lena chois sin, tugadh máistirphleananna don dá cheantar chun críche.

Spric 2 – Forbairt eacnamúil a éascú agus ár suíomh straitéiseach ag lárphointe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a uasmhéadú.

BÓITHRE & IOMPAR

Ba é críochnú Scéim Fheabhsúcháin Bhóthair an Sciobóil Dheirg an mhórscéim a chríochnaíodh sa bhliain 2008. Is éard a bhí i gceist anseo ná 1.65m de charrbhealach singil, mar aon le dhá thimpeallán nua, soilsiú poiblí, cosáin, baint línte lastuas agus tógáil 1.45km de raon rothar. Lena chois sin, bhí tírdhrechtú, plandáil agus cóireáil teorann mar chuid den scéim. Chistigh Scéim do Ranníocaíocht Forbartha na Comhairle an tionscadal ina iomláine.

I measc na n-oibreacha eile a tugadh chun críche i gcaitheamh na bliana bhí dromchlaí nua, athnuachan marcanna bóthir, uasghrádú soilsiú poiblí, soláthar ardáin do bhusanna agus cruthú lánáil breise rothar.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Bhainistigh an Chomhairle agus chuir chun feidhme clár laghdaithe luaidhe i ndiaidh gur braitheamh leibhéil ró-arda luaidhe i soláthar uisce poiblí. I gceist sa chlár bhí tástáil fhorleathan ar sholáthairtí uisce, soláthar uisce buidéalaithe do chustaiméirí a bhí buailte ag fadhbanna uisce, sciúradh príomhlíonraí uisce agus athsholáthar píobáin luaidhe i mórán áiteanna. Thairg an Chomhairle, i gcomhar le Comhairle Contae Lú, comhairle do chustaiméirí maidir le píobáin luaidhe a athsholáthar agus cuirfidh clár i bhfeidhm sa bhliain 2009 chun aigéad fosfarach a chur leis an uisce chun na leibhéil luaidhe a laghdú.

Lean an Chomhairle dá thionscadal caomhnaithe uisce i gcomhar le Comhairle Contae Lú. Braitheadh agus deisiú ligeann uisce sa líonra agus príomhlíonraí uisce a raibh athshlánú de dhíth orthu a aithint.

PLEANÁIL & FORBAIRT

ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN FORBARTHA DHÚN DEALGAN AGUS A PHURLÁIN 2003-2009

Réitíodh páipéir saincheisteanna go luath sa bhliain agus cuireadh ar taispeáint é go poiblí ó 30 Aibreán 2008 go 27 Meitheamh 2008 agus an dá dháta san áireamh. Tionóladh roinnt cruinnithe poiblí agus cur i láthair le linn mhí an Mheithimh chun an pobal a chur ar an eolas mar gheall ar na príomhcheisteanna a bhí i gceist san athbhreithniú agus chun deis cainte agus plé a sholáthar. Scaipeadh Tuarascáil an Bhainisteora maidir leis na haighneachtaí réamhhdhréachta ar bhail Chomhairle Chontae Lú agus Chomhairle Baile Dhún Dealgan an 22 Lúnasa 2008 agus bhreithnigh Baill é ag cruinnithe i mí an Mheán Fómhair 2008. Iarradh ar an mBainisteoir dul ar aghaidh le réiteach an Dréachtphlean ina dhiaidh sin.

CREATHPHLEAN DHEARADH UIRBEACH DHÚN DEALGAN

D'ullmhaigh Keith Simpson & Associates thar ceann Chomhairle Baile Dhún Dealgan creatphlean dearaidh uirbigh do lárcheantair Dhún Dealgan. Soláthraíonn an phlean treoir shoiléir

maidir le forbairt sa toadhchá i Lár Bhaile Dhún Dealgan lena n-áirítear príomhláithreacha forbartha a aithint a d'fhéadfadh athruithe a spreagadh i gceantair áirithe. Gheofar ann smaointe agus coincheapanna a gineadh trí sraith ráiteas dearaidh a réiteach bunaithe ar dhul i gcomhairle, ar thaighde agus ar anailís.

MÁISTIRPHLEAN ASCAILL AN MHÓTA

Tá ceantar Ascaill an Mhóta comhdhéanta de tuairim is 302 heicteár (746 acra) ar talamh neamhfhorbartha a fhorhmhór. Choimisiúnaigh Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae Lú an Máistirphlean i bpáirt lena chéile. An cuspóir atá leis an máistirphlean fíis straitéiseach a sholáthar le haghaidh forbairt inbhuanaithe cheantar Ascaill an Mhóta. Chuaigh Dréacht-Mháistirphlean Ascaill an Mhóta ar taispeántú go poiblí ó 3 go 30 Meán Fómhair 2008.

GRÚPA DHÚN DEALGAN UM FHOBAIRT EACNAMÚIL

Lean an tionscadal comhpháirtíochta trí bliana, Grúpa Dhún Dealgan um Fhorbairt Eacnamúil, faoi cheannas Mr. Peter Malone, de bheith ag cur Dún Dealgan chun cinn mar áit den scoth chun infheistíochta a dhéanamh ann, chun cur faoi ann, chun dul i mbun oibre ann, chun dul ag staidéar ann agus chun dul i mbun caidrimh shóisialta ann. Ag tógáil ar sheoladh rathúil Bhrenda nua Dhún Dealgan agus dáileadh an DVD "Dundalk: Life and Leisure" d'eagraigh an grúpa seachtain tionscanta ar raidió náisiúnta ar éirigh go han-mhaith leis " agus bronnadh duaiseanna lena n-áirítear deirí seachtaine i nDún Dealgan ar rannpháirtithe ar éirigh leo i dtionscnaimh um fheasacht ar Dhún Dealgan a bhí le cloisteáil ar seó raidió iarnóin 102FM, a mbíonn an-tóir air.

Léiríonn an rath a bhí ar thascfhórsa seo na n-earnála príobháidí agus poiblí an rath is féidir a bheith ar chomhar idir an earnáil fiontraíochta, gníomhaireachtaí um fhorbairt shóisialta agus an pobal gnó.

SCÉIM DO RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA CHOMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN

Ba é méid iomlán na ranníocaíochtaí a fuair an Chomhairle Baile sa bhliain 2008 €3,224,826.66. Ba é méid na ranníocaíochtaí a bhí fós amuigh ag 31 Nollaig 2008 €13.2 milliún nó geall leis.

Ar na tionscadail ar tugadh fúthu sa bhliain 2008 bhí atógáil Bhóthar an Sciobóil Dheirge, páirc chéadfaíoch Gairdíní Naomh Lionaird, Páirc Cheantair Mhuirtheimhne Mór agus Bealach Rothar agus Siúil Abhann Chaisleán Dhún Dealgan.

SCÉIM DO RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA FORLÍONTACHA – BONNEAGAR IOMPAIR DHÚN DEALGAN THIAR

De réir Alt 49 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000, ghlac Bailiú Chomhairle Contae Lú agus Chomhairle Baile Dhún Dealgan Scéim do Ranníocaíochtaí Forbartha Forlíontacha i nDeireadh Fómhair 2008 chun soláthar bhonneagar iompair Dhún Dealgan Thiar a éascú. Beidh feidhm ag an scéim maidir

le forbairt suite laistigh de cheantar na scéime a thairbhíonn go díreach den tionscadal.

Tugadh próiseas pleanána Chuid 8 chun críche sa bhliain 2008 i gcás Túr agus Sleamhnán Fluma ag Linn Snámha & Ionad Caitheamh Aimsire Dhún Dealgan.

ATHCHÓIRIÚ AR CHEARNÓG AN MHARGAIDH

Tugadh chun críche sa bhliain 2008 próiseas soláthair an idirphlé iomaíche chun tairgeoir a roghnú i gcás tionscadal athchóirithe Chearnóg an Mhargaidh. Ní dheachaigh an fhorbairt bheartaithe ar aghaidh toisc gur vótáil an Chomhairle nach gcuirfí de lámh an talamh ag Cearnóg an Mhargaidh don tairgeoir roghnaithe.

Sprioc 3 – Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh.

COSAINT CHOMHSHAOIL

BAILTE SLACHTMHARA

Bhuaigh Dún Dealgan Bonn Óir den chéad uair i gComórtas na mBailte Slachtmhara 2008 tar éis céim in airde a ghlacadh go 295 pointe, arb ionann é sin agus méadú de 15 pointe ar 2007. De réir na moltóirí chuir fiontair nua amhail siúlbealaí nua cois abhann agus bealaí rothair feabhas mór ar an mbaile. Bhí sé le rá ag an moltóirí chomh maith "gur baile é Dún Dealgan a bhfuil an-chaoi air agus ar léir go bhfuil borradh faoi" agus maidir le glaineacht "go bhfuil toradh soiléir ar an obair dhian a bhí i gceist sa phlean bainistíochta bruscair mar is beag bruscair a chonaic mé ar mo chuartheanna". Bhí sé le rá ag an moltóirí chomh maith "gur baile é Dún Dealgan a bhfuil an-chaoi air agus ar léir go bhfuil borradh faoi" agus maidir le glaineacht "go bhfuil toradh soiléir ar an obair dhian a bhí i gceist sa phlean bainistíochta bruscair mar is beag bruscair a chonaic mé ar mo chuartheanna".

Tá an Chomhairle buíoch den chúnamh a fuarthas ó Choiste na mBailte Slachtmhara, ó chónaitheoirí agus ón bpobal gnó chun gur éirigh leis an mbaile an duais seo a bhuanachan. Mar thoradh ar an éacht seo roghnaíodh Dún Dealgan mar ionadaí na hÉireann sa chomórtas clúiteach Entente Florale Eorpach sa bhliain 2009.

POBAL GNÓ NA HÉIREANN IN AGHAIDH BRUSCAIR (IBAL)

Cé gur shleamhnaigh Dún Dealgan síos an tábla an tsraithchomórtais sa bhliain 2008, tá an baile ag déanamh go maith i gcónaí agus choimeádann a stádas mar bhaile saor ó bhruscair agus glan de réir norm na hEorpa. Fuair an baile "trí shuirbhé den scoth" i gcaitheamh na bliana agus is fiú a thabhairt ar aird gur beag difear atá idir na bailte is fearr.

GLANTACHÁN EARRAIGH NÁISIÚNTA 2008

Rinneadh glantachán ollmhór ar an mbaile le cúnamh ó tuairim is 750 saorálaí ó chumann chónaitheoirí, grúpaí spóirt, scoileanna agus mar sin de in Aibreán na bliana 2008. Tugadh breis is 40 tona dramhaíola ar shiúl ón mbaile de bharr na n-

iarrachtaí deonacha seo agus tacaíocht an údaráis áitiúil. Sa phictiúr tá baill de Chumann Peile Dhún Dealgan mar aon le Cathaoirleach na Comhairle Jim D'Arcy agus Joe Berrill as Comhairle Baile Dhún Dealgan.



DUASEANNA UM FHEABHAS A CHUR AR AN MBAILE S'AGAINNE 2008

Reáchtáladh na Duaiseanna bliantúla um Feabhas a Chur ar an mBaile S'Againne i nDeireadh Fómhair agus bronnadh trí dhuais is trí scór ar chumainn chónaitheoirí, grúpaí pobail, teaghlaigh aonair agus baill den phobal gnó ar son a n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar dhreach a gceantar nó a ngnó féin. Uair amháin eile, bhí slua mór i láthair ar an oíche agus is fiú na buaiteoirí seo a leanas a lua go speisialta:

An tEastát ab Fhearr:

- Catagóir A: Súil na Mara
- Catagóir B: Garrán na Sailí
- Catagóir C: Clós Manydown

An Tithíocht Údaráis Áitiúil & Dheonach ab Fhearr:

An Chearnóg

An Gairdín Aonair ab Fhearr:

Kevin McKenna, Garrán Dhún Uí Dhúill

An Teach Tábhairme ab Fhearr:

The Jockeys

An tÁitreabh Miondíola ab Fhearr:

Jacqueline Woods Interiors

An tÁitreabh ba mhó Feabhais:

F.J. Murphy, Sráid na Páirce

Duais na Moltóirí:

Creis an tSlánaitheora

Duais Feasachta Bruscair:

Diageo, Bóthar na Carraige

SCÉIM NA NDEONTAS TAITNEAMHACHTA

Tacaíonn Comhairle Dhún Dealgan i gcónaí le cumainn chónaitheoirí ina n-iarrachtaí a gceantair féin a choimeád ar ardchaighdeán. Bronnadh €77,500 de dheontais san iomlán ar bhreis is ochtó cumann cónaitheoirí agus grúpa pobail sa bhaile.

IONAD ATHCHÚRSÁLA DHÚN DEALGAN

Tá an méid ábhar a athchúrsáiltear ag dul i méid an t-am ar fad. Fuarthas 9,780 tona ábhair sa bhliain 2008. I dteannta an méid a athchúrsáiltear i líonra na n-ionad beir leat sháraigh an baile 10,000 tona don dara bliain as a chéile. Soláthraíonn an tIonad a mhúirín féin anois do Chomhairle an Bhaile le húsáid ar fud an bhaile.

CAITHEAMH AIMSIRE & TAITNEAMHACHT NA HEALAÍONA

Ghléas Gailearaí an Íoslaigh, a riarann agus a bhainistíonn an tSeirbhís Ealaíon, ocht gcinn de thaispeántais mhóra, a raibh clár de chainteanna agus de cheardlanna le healaíontóirí ag gabháil leo.

Mar thoradh ar chur chun feidhme na Scéime Céatadain don Ealaín lonnaíodh cúig shaothar ealaíne eile i láithreacha poiblí ar fud an chontae. Ainmníodh ceann de na míreanna a coimisiúnaíodh faoin scéim seo agus ghnóthaigh áit ar an ngearrliosta do Dhuais náisiúnta LAMA. Fuair "Clutch" le Rachel Joynt a spreagadh ó neadacha a rinne geabhróga beaga ar Inbhir na Bóinne láimh le Baile Trá, agus léiríonn an mhír saibhreas na hoidhreachta nádúrtha sa cheantar.

Ceapadh líon mór tionscadal ealaíon sa phobal i gcaitheamh na bliana. Ceann de na cinn ba mhó suntais ná an Chónaitheacht do Cheoltóirí Traidisiúnta i nDroichead Átha a bhfuil ag éirí go han-mhaith leis. D'eagrah Seán Corcoran raon gníomhaíochtaí a thug an ceol agus an amhránaíocht thraidisiúnta chuig lucht féachana nua agus a cheiliúr ceol agus amhráin ó Dhroichead Átha agus ó Lú Theas. Ba é buaicphointe na Cónaitheachta foilsíú "Sing Out", leabhar ina bhfuil focail, ceol agus eolas cúlra mar gheall ar amhráin an cheantair.

AMHARCLANN NA TÁNA

Tháinig méadú mór ar lucht féachana na Tána agus díoladh gach ticéal i roinnt de na léirithe. Bhí léirithe san amharclann i mbliana ó fhormhór chompántais mhóra amharclainne na tíre, amhail Amharclann an Gheata, Opera Theatre Company agus Ballet Ireland. Léiríodh The Dead School i gcomhar le láithreacha amharclainne eile sa réigiún agus ba iontach an éacht é ó thaobh cur i láthair agus ó thaobh lucht critice de. Bhí cuid de na ceoltóirí ab fhearr sa tír le cloisteáil ann chomh maith, leithéidí The High Kings, Jack L, Cathy Davey and Interference agus ceoltóirí nárbh iad.

Buaicphointe de chuid an tsamhraidh, uair amháin eile, ab ea Féile an tSamhraidh, agus bhí slua mór i láthair a bhí an-sásta leis a bheag nó a mhór. Cuireadh spéis ar leith sa Lá Mór Faoin Spéir agus i gClár na Leanaí.



The Dead School.



Waiting for Godot.

MÚSAEM AN CHONTAE

Bliain ghnóthach ab ea 2008 i Músaem an Chontae. Gléasadh dhá thaispeántas mhóra – i dtaobh an taiscéalaí Artaigh, Francis Leopold McClintock, a rugadh i nDún Dealgan, agus i dtaobh saothrú breochloiche réamhstairiúil sa Pholainn – agus ina theannta siúd bhíomar páirteach i gcónaí i *Clár Chaighdeán Mhúsaem na hÉireann* de chuid na Comhairle Oidhreachta agus bhí fás agus forbairt á dhéanamh ar an mbailiúchan an t-am ar fad.

TAISPEÁNTAIS

Cuireadh an-spéis sa taispeántas i dtaobh McClintock (ar fearr cuimhne air mar an té a fuair amach cad é a bhain do thuras Franklin a chuaigh ar seachrán sa Artach i gCeanada gan tasc ná tuairisc sa bhliain 1847 nó mar sin) agus eagraíodh comhdháil, athinsint ar an stair agus láithreán Gréasáin ionas go raibh rud éigin ann don uile dhuine. Eagraíodh an chomhdháil thar dheireadh seachtain i mí Eanáir, idir and 18ú agus an 20ú lá. Chuala toscairí páipéir ar an gcéad dá lá i dtaobh raon topaicí ó údair inní maidir le sláinte agus sábháilteacht i dturais Vichteoireacha go stair na taiscéalaíochta in Éirinn. As sin chuaigh slua ar aghaidh go Droichead na mBann chun freastal ar sheirbhís chuimhneacháin in onóir an Francis Crozier, taiscéalaí Artach a rugadh ar an mbaile sin, a bhí mar dhuine d'fhoireann Franklin. Leag sliochtaigh Crozier

Ernie Coleman, Prof. Russell Potter agus an Comhairleoir Jim D'Arcy ag Scoil Gheimhridh McClintock.



bláthfhleasc i lár an bhaile i ndiaidh na seirbhíse. Rinne siad bronnadh oifigiúil ansin ar mhuintir McClintock as an méid a rinne sé chun fáil amach céard a bhain do Crozier féin.

Bhí na scoileanna rannpháirteacha an-tógtha leis an gcaoi a eagraíodh athinsint scéal an turais. Le pearsanta na staire beo ó Stáblaí Phálás Ard Mhacha d'fhoghlaim daltaí mar gheall ar na blianta tábhachtach a chaith McClintock i nDún Dealgan agus mar gheall ar léamh léarscáileanna agus na fadhbanna a ghabh le taiscéalaíocht san Artach Ceanadach.

Tá an láithreán gréasáin fós ann mar oidhreacht ar an taispeántas. Chífeadh iomhanna ar an láithreán ón taispeántas féin chomh maith leis na painéil téacs a bhí ann. Gné thábhachtach den tionscadal ab ea agus is ea an láithreán agus bainfeadh an-úsáid as sna blianta romhainn.

Sraith deiseanna an-difriúil don Mhúsaem ab ea an taispeántas de shaothrú breochloiche sa Pholainn: Sholáthair an taispeántas turais, a d'eagraigh Músaem Seandálaíochta an Stáit sa Pholainn, seans chun an chaoi a táirgeadh an bhreochloch a fheiceáil ar an láthair agus é sin a chur i gcomparáid le modhanna táirgthe in Éirinn. Níos tábhachtaí fós, deis ab ea an taispeántas chun naisc a chothú agus a fhorbairt le Músaem náisiúnta agus tá súil againn go mbeidh deiseanna ann chun taispeántais a mhalartú sna blianta romhainn. Gaol a bhláthfaidh sna blianta romhainn, tá súil againn.

I measc bhuaicphointí eile na bliana bhí taispeántais bhliantúla Chumann Grianghráfadóireachta Dhún Dealgan, agus Ealaíontóirí Lú Thuaidh, chomh maith le taispeántas a cheiliúir ceangal mhuintir Bronte le hÉirinn. Lena gcois sin, bunaíodh Club na dTaiscéalaithe Óga (do pháistí idir 7 agus 11) i mí Feabhra, eagraíodh sraith léachtaí ar stair na hÉireann ón gClochaois anonn go dtí an lae inniu i míonna Dheireadh Fómhair agus Samhain; agus eagraíodh sraith ghníomhaíochtaí Nollag do bhunscoileanna mar a dhéantar gach bliain.

BAILIÚCHÁN

Cinntíonn beartas bailiúcháin an Mhúsaem go gcuirtear raon leathan míreanna a bhaineann le saol cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta an chontae leis an mbailiúchán gach bliain. Is ilghnéitheach an meascán atá ann go dtí seo ina fhianaise sin, ó mhótarcharr Heinkel go bosca snaoise a bhain le Napper Tandy. Bhí an méid a cuireadh leis an mbailiúchán i gcaitheamh na bliana chomh éagsúil céanna. Gan amhras ba í an bhreis ba mhó agus ba throime sa bhliain 2008 ná bád lomáin a fuarthas amach ó chósta Bhaile Mhic Gormain agus píblíne nua gáis á thógáil. Bhí an bád tuairim is 2,500 bliain d'aois, mheáigh sé breis is 500 cileagram agus bhí sé 4.5 méadar ar fad. Comhlánfaidh sé míreanna seandálaíochta agus muirí agus is iomaí duine a chuirfidh spéis ann. Tá súil an mhír seo a chur ar taispeántas phoiblí roimh dheireadh an tsamhraidh.

Breis eile ar an mbailiúchán ab ea míreanna a fuarthas ó Chónaidhm Grianghráfadóireachta na hÉireann. Ceamaraí,



trealamh (scagairí, lionsaí), lámhleabhair agus grianghraif a bhí sa bhailiúchán. Lena chois sin, soláthróidh sé léargas uathúil ar fhorbairt na grianghráfadóireacht le linn na fichiú haoise ní amháin i nDún Dealgan agus i gCo. Lú, ach ar fud na hÉireann. Ní bheadh aon cheann de na himeachtaí seo ann gan iarrachtaí leanúnacha fhoireann an Mhúsaeim agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a gcuid tacaíochta i gcaitheamh na bliana.

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHONTAE LÚ

Tá cúig leabharlann bhrainse i Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú: Dún Dealgan, Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia, Dún Léire agus Cairlinn. Tá seirbhís Leabharlainne Taistil ar fud an chontae agus cuireadh stopanna breise leis i gcaitheamh na bliana ag creiseanna, ionaid cúraim lae agus tithe altranais.

I gcaitheamh 2008 méadaíodh uaireanta oscailte na leabharlanna chun teacht níos fearr a thabhairt do shaoránaigh Chontae Lú.

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE DO SCOILEANNA

Soláthraíonn Roinn Leabharlann Scoile Lú raon iomlán seirbhísí do 80 bunscoil ar fud an chontae.

D'fhoilsigh foireann na leabharlainne "Treoir ar an Leabharlann do Pháistí" nua a scaipfear ar bhunscoileanna an chontae. Beidh sé ar fáil sna brainsí ar fad.

Seoladh Dúshlán "Léamh Foire" i ngach ceann de na leabharlanna i rith an tsamhraidh chun páistí a spreagadh chun tabhairt faoi léitheoireacht agus grá a mhúscailt iontu feasta don léitheoireacht. Ag deireadh na tréimhse dhúshláine ag deireadh Lúnasa, socraíodh imeachtaí ceiliúrtha i ngach leabharlann agus bronnadh teastais ar na páistí chun a ngnóthachtáil a aithint.

FORBAIRT BRAINSÍ

Cuireadh pleananna forbartha do Leabharlann Chairlinn ar taispeánt i Halla an Chontae agus i Leabharlann Chairlinn le linn mhí na Nollag 2008. Chuirfeadh an fhorbairt seo go mór leis an tseirbhís don phobal áitiúil.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TFC

Bhí teacht phoiblí ar an Idirlíon á soláthar sna leabharlanna ar fad le linn 2008. Tá catalóg na leabharlainne ar fáil ar an Idirlíon agus tá sé á nuashonrú an t-am ar fad.

SCIMEÁLAI THE SCOTHAOSTA

Eagraíodh ranganna ríomhaireachta seachtainiúla i leabharlann Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan chun deis a thabhairt do dhaoine os cionn 55 bunscoileanna ríomhaireachta agus Idirlín a bhreith leo. Paul Smith, Oifigeach Forbartha TF san Oifig Pobail & Fiontraíochta a sholáthair na ranganna. Soláthraíonn an tionscnamh seo timpeallacht shuaimhneach foghlama inar féidir le húsáideoirí TFC céaduaire taithí a fháil ar na gnéithe de TFC a bheadh úsáideach dóibh féin.

GRIANGHRAFADÓIREACHT DHIGITEACH

Reáchtáladh ranganna grianghráfadóireachta digití i Leabharlanna Chontae Lú i gcomhar le Comhpháirtíocht Leader Lú.

BAILIÚCHÁN STAIDÉIR ÁITIÚIL

Leanfaidh Leabharlanna Chontae Lú de bheith ag ceannach ábhar a bhaineann le stair agus le hoidhreacht chultúrtha an Chontae.

TAIGHDE AR GHINEALAS

Tairgeann Leabharlann Dhún Dealgan seirbhís ginealais do dhaoine i gcéin is i gcóngar. Is é bunachar sonraí Thaifid na hEaglaise Caitlicí i gContae Lú an príomhfhoinsé taighde. An tréimhse 1700 – 1900 is ea a chlúdaíonn an bunachar sonraí.

IMEACHTAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Eagraíodh an líon imeachtaí for-rochtana ba mhó i ngach ceann de na brainsí mar cheiliúradh ar imeachtaí amhail Féile Leabhar na bPáistí, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain na Gaeilge agus Féile Bhealtaine. Ar na gníomhaíochtaí sin bhí:

- Cuairteanna agus scéalaíocht ó údair idirnáisiúnta do pháistí.
- Seisiúin cheoil agus scéalaíochta.
- Seónna draíochta.
- Comórtais dathaithe.
- Comórtais gearrscéalta.
- Am Scéalaíochta do Mháithreacha agus Leanaí.
- Scéalaíocht Dhátheangach.
- Ceoltóirí Beaga.
- Ceadlanna eolais mar gheall ar an dúlra agus ainmhithe le hulchabháin, nathracha agus toirtóisí beo.
- Ceadlanna Staidéar Áitiúil.
- Clubanna Leabhar.
- Cór Ghuthanna na bPáistí.
- Ceistneoirí Boird.

TAISPEÁNTAIS

D'eagraigh Harry Owens taispeántas de na Gaeil i gCogadh Cathartha na Spáinne, dar teideal "Cosantóirí Phoblacht na Spáinne" i mí Aibreán. Cuireadh fístéip ar fáil agus eagraíodh seisiún comhrá mar gheall ar na Briogáidí Éireannacha a throid

sa Spáinn, le tagairt ar leith do Charles Donnelly arb as Dún Dealgan dó.

I leabharlann Dhroichead Átha, bhí seisiún ag an gClub Grianghráfadóireachta agus eagraíodh Taispeántas Ceamaraí. Cuireadh an-spéis sa taispeántas ceamaraí agus trealamh grianghráfadóireachta idir nua agus shean.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE EILE

Ionad Foghlama

Ar na grúpaí a bhain úsáid rialta as an Ionad Foghlama ná FÁS, Rehab, An Coiste Gairmoideachais, Slán Abhaile, Seirbhísí Bharr an Chnoic agus an Líonra Náisiúnta Foghlama. Bunaíodh grúpa scríbhneoirí cruthaitheacha i gcomhar leis an Oifig Ealaíon agus úsáideann sé an tIonad Foghlama mar áit chruinnithe.

Turais

Eagraíodh turais i ngach ceann de na brainsí leabharlainne do ghrúpaí amhail bunscoileanna, grúpaí súgartha, daltaí meánscoile, agus grúpaí ó eagraíochtaí éagsúla sna bailte.

IONAD SPÓIRT DHÚN DEALGAN

Bliain an-mhaith ab ea 2008 d'Ionad Spóirt Dhún Dealgan nuair a chonacthas toradh ar infheistíochtaí a rinneadh sa bhliain 2007 (earcú Comhordaitheora Spóirt agus urlár nua adhmaid sprionga sa phríomh-halla) i dtaca le seirbhísí a cuireadh ar fáil, leibhéil seilbhe agus ioncam.

Leathnaíodh clár intí chun na himeachtaí seo a leanas a chur san áireamh ann: clár gníomhaíochtaí samhraidh ocht seachtaine (ilspóirt, mionchampa, cispheil, leadóg, badmantan), campaí meántearma, campaí Cásca, lá gníomhaíochtaí seachtainiúla do sheanáirí, clár gníomhaíochtaí iar-scoile (cispheil, leadóg, sacar), comórtas badmantain scoile do mheánscoileanna Lú, blitz cispheile bunscoile Lú.

Leathnaíomar ár gClár Gníomhaíochtaí Riachtanas Speisialta (Seirbhísí Malta, REHAB, Naomh Eoin Dé, An Líonra Náisiúnta Foghlama, Naomh Bríd, Líonra Míchumais Lú agus Foireann Chispheile Náisiúnta Chumann Cathaoir Rotha na hÉireann) chomh maith le páistí a bhfuil riachtanas speisialta acu a imeascadh isteach i ngníomhaíochtaí rialta.

Tá Clár For-rochtana forbartha againn a chlúdaíonn: Corpoideachas i seacht gcinn de bhunscoileanna, laethanta spóirt scoile, oiliúnoireacht (cispheil, peil agus corpacmhainne). Tá an clár críochnaithe scoile á reachtáil againn chomh maith i gcomhar leis an gCoiste Gairmoideachais.

Bhunaigh Ionad Spóirt Dhún Dealgan Club Cispheile an Fhiaich Dhuibh I.S. Dhún Dealgan i mí Iúil 2007 agus tá deich gcinn d'fhoirne ann anois (faoi 12, faoi 14, faoi 16, faoi 18 – buachaillí agus cailíní agus foireann shinsearach d'fhir agus do mhná) agus breis is 100 ball. Tá sé cheana féin ar cheann de na clubanna is mó in Éirinn.

PÁIRC CHEANTAIR MHUIRTHEIMHNE MÓR

D'oscail an Cathaoirleacht, an Comhairleoir Seamus Keelan Páirc Cheantair Mhuirtheimhne Mór go hoifigiúil i mí na Nollag 2008. Sa tsaoráid anois gheofar cúirteanna leadóige agus cispheile, clós súgartha nua, cosáin siúil/bogshodair i gcuideachta, tírdhrechtú agus plandáil forleathan agus bóthar nua isteach ó Ascaill Tom Bellew agus carrpháirceáil bhreise. Cistíodh an tionscadal faoi scéim An Deontais Chaipitil Spóirt, an Deontas Náisiúnta do Chlósanna Súgartha agus scéim na Comhairle do Ranniocaíochtaí Forbartha.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

COISTÍ BEARTAIS CHATHRACH (MPC)

Bhí ceithre chruinniú ag CBC Chomhshaol Chomhairle Baile Dhún Dealgan i gcaitheamh na bliana agus ba iad seo a leanas na ceisteanna beartais ar déileáladh leo:

- Athbhreithniú ar dhréachtphlean cúig bliana Choiste na mBailte Slachtmhara do Dhún Dealgan.
- Forbairt agus cur chun feidhme tionscadal um chosc ar thinte ealaíne.
- Breithniú chlár Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil Lú.

Bhí trí chruinniú ag CBC um Phleanáil agus Forbairt Chomhairle Baile Dhún Dealgan i gcaitheamh na bliana. Ar na príomhcheisteanna a réitíodh bhí:

- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin 2003-2009.
- Cosaint crann/sceacha uirbeacha ar láithreacha forbartha.
- Nuashonraú ar phleananna/straitéisí reatha.

Ní raibh aon chruinniú ag CBC Thíochtaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan le linn 2008 toisc gur theip air cuóram a shroicheadh ar dhá ócáid agus cuireadh an tríú cruinniú ar ceal chun slí a thabhairt do chruinniú speisialta den Chomhairle.

Bhí ceithre chruinniú ag CBC Bhonneagar Chomhairle Baile Dhún Dealgan i gcaitheamh na bliana agus ba iad seo a leanas na ceisteanna beartais ar déileáladh leo:

- Trasnuithe coisithe in aice le scoileanna.
- Athbhreithniú úsáid an Líonra Ceantair Cathrach.
- Athbhreithniú ar Thuarascáil an Iniúchta Fuinnimh.

FÁILTITHE SAORÁNACHTA

Sholáthair an Chomhairle fáiltiú saoránach d'fhoireann buachaillí scoile Dhún Dealgan ar son Corn na Breataine faoi 16 a bhuanach sa bhliain 2007.

Leag an Cathaoirleacht bláthfhleasc ag Séadchomhartha Uí Cheallaigh i bPlás Roden mar chomóradh ar chothrom céad caoga bliain na bhfear a cailleadh ag iarraidh long an Mary Stoddard a tharrtháil sa bhliain 1858. I láthair ag an searmanas bhí ionadaithe na dteaghlach, an tSeirbhís Gharda Cóta, Cuideachta Phort Dhún Dealgan agus Cumann na mBád Tarrthála. Chríochnaigh an searmanas le seirbhís urnaí agus ceol ó Bhanna Práis Dhún Dealgan.

Comhairle Baile Dhroichead Átha

Sprioc 3 – Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiochfaidh inár ndiaidh.

IONAD DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA DHROICHEAD ÁTHA

D'oscail an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, John Gormley, T.D. Ionad Dóiteáin agus Éigeandála go hoifigiúil an 9ú Meitheamh 2008.

Fuinneamh gréine, geoiteirmeach, gaoithe agus bithmhaise is ea a úsáideann an stáisiún mar aon le teicneolaíocht fómhar uisce báistí a chiallaigh, nuair a chuirtear a dhearadh ailtireachta cairdiúil leis an timpeallacht san áireamh, go raibh sé ar an stáisiún dóiteáin ba inbhuanaithe in Éirinn. Soláthraíonn an tsaoráid €5.1 milliún, arna chistiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil áiseanna ar thús cadhnaíochta don 20 ball lánaimseartha agus 16 ball coimeádtha de Sheirbhís Dóiteáin Dhroichead Átha. Gnéithe de chuid an ionaid 7 gcuas is ea tús traenála nua-aimseartha 4 stór, áiseanna uasghrádaithe cothabhála agus ceardlainne, áiseanna tiomanta corpacmhainne agus fóillíochta don fhoireann agus córais uisce, téimh agus soilsithe tíosach ar fhuinneamh agus ar thús cadhnaíochta.

Soláthraíonn Ionad Dóiteáin & Éigeandála Droichead Átha ní amháin Seirbhís Dóiteáin tiomanta don cheantar le háiseanna feabhsaithe, ach leagann síos tagarmhac nua do dhearadh agus do thógáil Stáisiún Dóiteáin. Toisc go mbíonn siad ar fáil 24 uair an lae, is minic a bíonn tomhaltas fuinnimh saoráidí mar iad go mór as compás – spárálfar breis is 100,000 kWh san uair sa bhliain i ngeall ar dhearadh cairdiúil leis an timpeallacht Ionad Dóiteáin agus Éigeandála Dhroichead Átha. Sholáthair Fuinneamh Inmharthana Éireann 40% de chostais chaipitil na gcóras fuinnimh inathnuaite seo.

Sa bhliain 2008, ní amháin go mbeidh seirbhís níos éifeachtaí ann de bharr an Ionaid Dóiteáin agus Éigeandála nua ardteicneolaíochta ach beidh sé níos fusa oiliúint leanúnach a chur ar fáil don fhoireann, a bhui ar na háiseanna feabhsaithe oiliúna.

Sprioc 2 – Forbairt eacnamúil a éascú agus ár suíomh straitéiseach ag lárphointe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a uasmhéadú.

PLEANÁIL

Phróiseáil Comhairle Baile Dhroichead Átha 245 iarratas

pleanála sa bhliain 2008. Soláthraíonn Comhairle Baile Dhroichead Átha seirbhís réamhphleanála chun iarrthóirí féideartha a éascú. Féadfaidh baill don phobal coinne a dhéanamh le pleanáilithe gach Máirt chun ceisteanna réamhphleanála a phlé. Bain an Chomhairle Baile an úsáid is fearr is féidir as láithreán Gréasáin na Comhairle chun eolas pleanála a scaipeadh.

B'éigean aire ar leith a thabhairt do réimse na forfheidhmithe pleanála sa bhliain 2008 agus leanfaidh an Roinn Pleanála de bheith ag cur reachtaíocht sa réimse seo chun feidhme sa bhliain 2009.

PURLÁIN THUAIHDH DHROICHEAD ÁTHA

Glacadh Plean Limistéir Áitiúil do Phurláin Dhroichead Átha ag an gComhairle Contae in Iúil 2004, chun soláthar a dhéanamh do raon úsáidí forbartha i bPurláin Thuaidh Dhroichead Átha, a mbeidh daonra de 20,000 iontu laistigh de 20 bliain. Clúdaíonn an Máistirphlean don cheantar na tailte criosaithe mar thailte cónaithe laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil agus ghlac Comhairle Contae Lú é mar éagsúlú ar an bPlean Limistéir Áitiúil ag a chruinniú ar an 15 Bealtaine 2006.

Tar éis dul i gcomhairle go forleathan leis an Údarás Pleanála roimh chéim an phleanála sa bhliain 2007, measúnaíodh uimhir shuntasach iarratas pleanála do fhorbairt an cheantair. Deonaíodh cead pleanála i gcás naoi gcinn de na hiarratais seo i gcaitheamh na bliana agus déanann na hiarratais sin soláthar le haghaidh páirceanna poiblí, scoil, agus breis is 4,000 aonad cónaithe.

Leanfar de bheith ag measúnú iarratas pleanála d'fhorbairt cheantair an Mháistirphlean sa bhliain 2009.

STRAITÉIS FORBARTHA EACNAMÚLA DHROICHEAD ÁTHA

D'fhostaigh Comhairle Baile Dhroichead Átha Comhairligh Idirnáisiúnta Eacnamúla Indecon chun Straitéis Forbartha Eacnamúla a réiteach do Dhroichead Átha agus dá Phurláin don tréimhse 2009-2015. Ainneoin na dúshláin eacnamúla atá romhainn i láthair na huair, tá meon dearfach le sonrú sa Straitéis a aithníonn nearta comparáideacha Dhroichead Átha agus a Phurlán agus aibhsíonn na príomhcheisteanna agus na deiseanna d'fhorbairt eacnamúil a d'fhéadfaí a thapú idir seo agus 2015.

An fhís iomlán atá ann do Dhroichead Átha agus dá Phurláin ná réigiún a bheidh níos mó agus níos gníomhaí ó thaobh na heacnamaíochta de sa bhliain 2015 agus a mbeidh a lár faoi bhláth agus pobail bheoga ina gcónaí ar dhá thaobh Abhainn na Bóinne. Meastar go mbeidh daonra de 85,000 nó geall leis sa cheantar sa bhliain 2015, arb ionann é agus 22,000 duine sa bhreis ar líon Dhaonáireamh 2006. Meastar go dtarlóidh formhór an bhorrtha seo i bpurláin thuaidh agus theas Dhroichead Átha.

Cuirfear Fóram Eacnamúil Dhroichead Átha beartaithe ina mbeidh na páirtithe leasmhara ar fad sa cheantar páirteach i bhfeidhm anois chun an Straitéis a chur chun feidhme agus chun forbairt eacnamúil Mhórchearntar Dhroichead Átha a chinntiú sa tréimhse 2009-2015 agus ina dhiaidh.

BÓITHRE

SCÉIM FHEABHSÚCHÁIN CHOMHSHAOIL SHRÁID AN IARTHAIR

Athosclaíodh Lár Bhaile Dhroichead Átha, a uasghrádaíodh le hinfheistiú de bhreis is €8 milliún, go hoifigiúil an 30 Bealtaine 2008 ag Méara Dhroichead Átha, an Comhairleoir Anthony Donohoe.

Ba í Comhairle Baile Dhroichead Átha a sholáthair an cistiú ar fad do Scéim Fheabhsúcháin Chomhshaoil Shráid an Iarthair agus rinneadh feabhsuithe ar Sráid Chúng an Iarthair chuig acomhal Shráid Pheadair agus Shráid na Siopaí chun spás áisiúil do choisithe a chruthú i lár an bhaile.

Bhí moill ar na hoibreacha, a thosaigh mí an Mheithimh 2006. i ngeall ar chastachtaí nach raibh coinne leo. Go gearr tar éis tús a chur le Céim a hAon, fuarthas amach go raibh droch-chaoi ar an talamh agus b'éigean leasú mór a dhéanamh ar na modhanna oibre. Socraíodh gurbh éigean tochailt dhomhain a dhéanamh chomh maith chun príomhdhraenáil a sholáthar ar an tsráid.

Le linn na n-oibreacha a bheith dá ndéanamh, bhí cruinnithe ag Comhairle Baile Dhroichead Átha agus trádálaithe Lár Bhaile Dhroichead Átha chun iad a choimeád ar an eolas maidir leis an mhoill ar na hoibreacha agus deis a thabhairt dóibh a n-ábhar inní a phlé. Bhí an Chomhairle Baile i dteagmháil laethúil chomh maith leis na hailtirí, Mitchell & Associates i mBaile Átha Cliath, agus na conraitheoirí, SIAC Construction, le cinntiú go n-íoslaghdófaí éifeacht na n-oibreacha.

Infheistiócht shuntasach ab ea na feabhsuithe i dtaca le Comhairle Baile Dhroichead Átha de agus tá dreach nua-aimseartha curtha acu ar thírdhreach uirbeach lár an bhaile, ag cur le tarraingteacht fhisiceach an bhaile agus ag cur feabhais chomh maith ar ghluaiseacht tráchta agus coisithe sa tsráid.

SCÉIM ATHSHLÁNÚCHÁIN NA CROSLÁNAÍ R166

Bhí súil oibreacha bóthair ar roinn de na Crosanáí a thabhairt chun críche le cistiú ón Scéim Deontais um Fheabhsuithe ar Leith.

SCÉIM ATHSHLÁNÚCHÁIN & NEARTAITHE BHÓTHAR BHAILE TRÁ R167

Neartaíodh Bóthar Bhaile Trá agus cuireadh dromchla nua air le cabhair cistithe ón Scéim Deontais um Fheabhsuithe ar Leith.

Ghníomhaíochtaí Eile

Rinneadh Oibreacha Speisialta Bóthair ar láithreacha éagsúla, lena n-áirítear Sráid Shéamais, Na Crosanáí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Acomhal Sráid an Pháláis agus Sráid Liam, Eastát Ráth Maoláin, An Cé Thuaidh, Lána Ascaill na Sceiche Duibhe.

I measc na n-oibreacha míchumais bhí ardú tábla agus saoráidí trasnaithe do choisithe ag Bóthar an Dathadóra, acomhal Mhargadh an Fhéir, cosáin íslithe agus cosán nua ag Sráid Phádraig, marcanna ar chuasanna do dhaoine faoi mhíchumas ag láithreacha éagsúla.

Athnuadh marcanna agus comharthaíocht bóthair ag láithreacha éagsúla nó soláthraíodh é den chéad uair.

Cuireadh bearta maolaithe tráchta a chur chun feidhme ag Crosbhealach Bhaile Bhriain agus ag Eastá Ráth Maoláin.

Leanadh de bhearta bainistíochta tráchta agus de bheith ag cothabháil comharthaí tráchta. Bhí an Staidéar Bainistíochta Tráchta á chur chun feidhme i gcónaí le leathnú ar an scéim pháirceála íoc & taispeáin agus tabhairt isteach córais nua tráchta aon bhealaigh ag Bóthar an Mhuilinn Ghaoithe agus Sráid an Teampaill.

Athbhreithníodh Fodhlíthe Dhroichead Átha um Sheastáin Cheaptha (Feithiclí Seirbhíse Sráide).

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar chostas íseal ag acomhal Shráid Bolton agus Shráid Phádraig, R132 An Bóthar Thuaidh agus R132 Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh deisithe ar bhóithre agus ar chosáin agus soláthraíodh cosáin íslithe do dhaoine faoi mhíchumas ag láithreacha éagsúla.

Soláthraíodh agus cothabháladh soilsiú poiblí ar fud an Bhaile. Rinneadh uasghrádú ar shoilsiú poiblí laistigh d'eastáit agus de cheantair chónaithe éagsúla.

Leanadh de chur chun feidhme Chairt Sábháilteachta Bóthair na hEorpa le feabhsuithe ar bhóithre agus bearta bainistíochta tráchta ag Geata Rí an Domhnaigh, Ascaill na Comhdhála, Lána Uí Mhearthaile agus Bóthar Thíg Liobáin.

COSAINT CHOMHSHAOIL AGUS RIALÚ AR THRUAILLIÚ

Beart um Chosaint Chomhshaoil agus um Rialú ar Thruaillí, idir iad siúd atá tugtha chun críche agus iad siúd atá fós ar siúl, mar seo a leanas:

- Tá monatóireacht gháis ar siúl i gcónaí ag an tseanláthair líonta talún ar Bóthar Collainne.

- Bronnadh deontais taitneamhachta arbh fhiú €38,000 iad ar 45 cumann cónaitheoirí/pobail/deonacha ar fud an bhaile chun cabhrú le huasghrádú agus le hoibreacha feabhsúcháin ina gceantair.
- Ceannaíodh na míreann trealamh seo a leanas chun trealamh glantacháin a uasghrádú – inneall glas 414, inneall glas 424, mionscuabóir bóthair 636 agus dhá cheann de lomairí féir tiomáinte.
- Tá suirbhéanna á dhéanamh ag Comhairle Baile Dhroichead Átha i gcónaí don Chóras Monatóireachta Náisiúnta um Truailliú ó Bhruscar.
- Oibreacha Feabhsúcháin ar Reilig Cord agus tugadh Céim II chun críche sa bhliain 2008.

SEIRBHÍSÍ UISCE

GLÉASRA CÓIREÁLA UISCE STEACH LUÍNE

Críochnaíodh Céim 1 de na hoibreacha athchóirithe agus tá céim 2 le dul go conradh sa bhliain 2009. Is éard atá i gceist sna hoibreacha seo ná uasghrádú ar na saoráidí pumpála agus cóireála atá anois ann chun géilliúlacht a chinntiú do na Rialacháin Uisce Óil.

LEATHNÚ GHLÉASRA CÓIREÁLA DRAMHUISCE DHROICHEAD ÁTHA

Tá Céim 2, a leathnaigh acmhainn cóireála ag an ngléasra go hionann is 101,000 de dhaonra tugtha chun críche agus go hiomlán i bhfeidhm. Forbraíodh céim bhreise feabhsaithe próisis sa bhliain 2008 chun acmhainn a mhéadú go hionann is 125,000 de dhaonra sa ghearrthearma agus rachaidh sé ar aghaidh ach na ceadanna reachtacha a bheith faighte agus ceisteanna éilimh a bheith breithnithe.

Tá tús á chur le staidéar straitéiseach dearaidh sa bhliain 2009 a fhéachfaidh ar chéim eile forleithnithe a chaithfear a bhreithniú le déileáil le brú ó fhorbairt fhadtearmach i gCeantar Lú Theas/Dhroichead Átha/na Mí Thoir.

STAIDEAR AR LÍONRA SÉARACHAIS DHROICHEAD ÁTHA

Tá an staidéar seo ag mapáil agus ag féachaint ar staid an ghréasáin séarachais i gceantar baile Dhroichead Átha. Tionscadal leanúnach atá ann agus tá céim an tsuirbhé le bheith críochnaithe i lár na bliana 2009 agus beidh tuarascáil ar fáil ag deireadh na bliana 2009.

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Suiteáladh dlúthóir ag an tSaoráid Athchúrsála ar Bhóthar Collainn le haghaidh dramhaíl chathartha agus cuireadh suas ceannbhrat chun earraí leictreacha a stóráil faoi.

Spric 3 – Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiochfaidh inár ndiaidh.

AN COMHSHAOL

Bronnadh Bonn Óir ar Dhroichead Átha i gComórtas na mBailte Slachtmhara den chéad uair. Feabhas mór a bhí ansin agus d'aithin sé obair dhian agus tiomantas fhoireann Chomhairle

Baile Dhroichead Átha agus Choiste na mBailte Slachtmhara.

FEABHAIS CHOMHSHAOL DHROICHEAD ÁTHA

- Duaiseanna Áilleacht ar an mBóinn réachtáilte don dara bliain as a chéile i gcomhar le Coca Cola, V & W Recycling, Scotch Hall agus an d Hotel.
- Eagrú Sheachtain Náisiúnta na gCrann agus Ghlantacháin Náisiúnta an Earraigh.
- Cur chun feidhme thionscnamh Thinte Cnámh Oíche Shamhna chun na méideanna dramhaíola a bhí á ndó agus costas an ghlantacháin a laghdú.

SLÍ CHATH NA BÓINNE – SIÚLÁN NA RAMPAR

D'oscail an Méara Anthony Donohoe an siúlán uasghrádaithe 2.4 cileaméadar ó Dhroichead na Síochána go Ráth Maoláin a nascann Droichead Átha le Láthair Chath na Bóinne go hoifigiúil an 21ú Aibreán 2008. Meastar go spreagfaidh an siúlán uasghrádaithe líon níos mó siúlóirí cosán na staire a shiúl agus taitneamh a bhaint as na bláthanna agus na hainmhithe feadh abhainn iontach na Bóinne ar an mbealach.

Tá dhá cheantar feadh na habhann a bhfuil gnéithe difriúla i gceist iontu sa dearadh: siúlán uirbeach 400m ar ardchaighdeán cois abhann ag Páirc San Doimínic atá comhdhéanta de chosán coincreíte sé méadar ar leithead le soilsiú agus ráillí ailtireachta.

Roghnaíodh an dromchla do theocht a dhatha, dá fhadsaol agus dá éascaíocht chothabhála. Dearadh na ráillí feadh na habhann os comhair Pháirc San Doimínic ionas go mbeadh an abhainn agus an fiadhúlra ann le feiceáil ón bpáirc. Cuirfidh an soilsiú a suiteáladh ar imeall an tsiúláin le sábháilteacht agus laghdóidh an riosca go mbeadh iompar frithshóisialta ann. Meastar le himeacht aimsire go gcuirfear binsí agus crainn teile breise ar fáil feadh an tsiúláin.

Dearadh an cosán cois abhann 2 cileaméadar a thosaíonn ag deireadh Pháirc San Doimínic chun a bheith báúil leis an timpeallacht nádúrtha ina bhfuil sé suite agus chun go mbeadh slí ann do gach cineál úsáideora – coisithe, rothaithe, bugaithe agus cathaoireacha rotha.

Is iomaí duine a úsáideann an siúlán críochnaithe agus tá ardmholadh faighte aige ó gach cearn den phobal. Sholáthair Comhairle Baile Dhroichead Átha, Fáilte Ireland agus Forbairtí Creatha Talún/Grúpa Niall Mellon an cistiú don tionscadal.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

FÁILTITHE SAORÁNACHTA

Fáiltiú Saoránacta – 15 Bealtaine 2008

Bord Ghrúpa Forbartha Stíl Bheatha:

- Pat Kelly
- Bridie Durnin
- Aileen Maher
- Frances Meade
- Nancy O'Mordha

- Mary Conneely
- Sr. Ann Brady
- Angela Donagh
- Mary Shortt
- Noelina Bell

Bronnadh Duaiseanna Saoránachta orthu seo a leanas:

- Jacinta Walsh, Abacas School
- John Smith, Airíoch, Ionad Pobail Garrán Bál (30 bliain).
- Nicky Kelly, Airíoch, Ionad Pobail Garrán Bál (30 bliain).

Fáiltiú Saoránachta – 19 Samhain 2008

- Wolfetones GFC, buaiteoirí Sheaimpíneacht Peile Sóisearach 2B Lú 2008.
- St. Nicholas GFC, buaiteoirí Sheaimpíneacht Peile Sóisearach Lú 2008.
- The Dreadnots GFC, buaiteoirí Sheaimpíneacht Peile Idirmheánach Lú 2008.
- Newtown Blues GFC, buaiteoirí Sheaimpíneacht Peile Shinsearach Lú 2008.

Fáiltiú Saoránachta – 9 Nollaig 2008

- Newtown Blues GFC, Mná Faoi-16, buaiteoirí Sheaimpíneacht Peile na mBan Lú Faoi-16B 2008.

IARRATAIS FAOIN ACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Fuair Comhairle Baile Dhroichead Átha 7 n-iarratas sa bhliain 2008.

COMHCHOISE PÓILINEACHTA

Bhí trí chruinniú ag an gComhchoiste Póilíneachta sa bhliain 2008 agus bhrostaigh tograí faoina Phlean Oibre sna réimsí seo a leanas:

- Soláthar Córas Teilifíse Ciorcaid Iata i lár an bhaile.
- Leathnú an Chórais Teilifíse Ciorcaid Iata pobalbhunaithe agus forbairt prótacail.
- Leathnú na Scéime Slándála Baile do Sheanoírí.
- Iarratas rathúil faoin gClár Náisiúnta Baint Ghraifítí.
- Ullmhú agus cur chun feidhme Straitéis Sábháilteachta Pobail d'Oíche Shamhna.
- Cur chun feidhme na bhfodhlíthe alcóil in áiteanna poiblí.

Tá an Comhchoiste Póilíneachta faoi cheannas an Chathaoirligh J. Mulroy comhdhéanta de bhaill de Chomhairle Baile Dhroichead Átha, an Ceannfort G. Smith agus an Cigire M. Cowley den Gharda Síochána, Ms. Nuala Early, Ms. Marie Russell agus Mr. Kevin Callan thar ceann na hEarnála Pobail agus Deonaigh, Na Teachtaí Dála F. O'Dowd, S. Kirk agus A. Morgan agus Mr. Conn Murray, Bainsteoir Contae, Mr. D. Foley, Stiúrthóir Seirbhísí/Cléireach an Bhaile, Ms. Mary T. Daly, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach agus Ms. Valerie Artherton, Comhordaitheoir RAPID thar ceann Chomhairle Baile Dhroichead Átha.

AN OIFIG EALAÍÓN

FÉILE EALAÍÓN DHROICHEAD ÁTHA 2008

D'éirigh thar cionn le Féile Ealaíon Dhroichead Átha 2008 agus

bhí lucht féachana de 17,000 nó geall leis i láthair. Seo í an ceathrú bliain don fhéile dathach ildisciplíne seo de sé lá lán imeachtaí agus gníomhaíochtaí ón gCéadaoin 30 Aibreán go Dé Luain 5 Bealtaine. Léirigh an fhéile scoth na drámaíochta agus na hamharclannaíochta sráide, radhairc, ceol, rince, amharcealaíona, scannáin, litríocht agus greann náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is í aidhm Fhéile Ealaíon Dhroichead Átha scoth na n-ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a thabhairt go Droichead Átha, chun deis a thabhairt don phobal ann taitneamh a bhaint as na healaíona agus cur le hiomrá Dhroichead Átha mar ionad d'fheabhas cultúrtha. Ó tugadh an féile isteach sa bhliain 2005 rinne an Oifig Ealaíon gach iarracht an fhéile a fheabhsú, bliain ar bhliain. Bíonn an fhéile ar siúl le linn deireadh seachtaine saoire na Bealtaine agus is deis mhór turasóireachta í chomh maith.

EALAÍONTÓIR CÓNAITHE

D'fhostaigh Comhairle Baile Dhroichead Átha Ceoltóir Traidisiúnta Cónaithe sa bhliain 2008. Ceapadh an ceoltóir cáiliúil ó Dhroichead Átha, Seán Corcoran, mar Cheoltóir Traidisiúnta Cónaithe i nDeireadh Fómhair na bliana 2007. Bhí roinnt tionscadal i gceist sa chónaitheacht a thug deis don cheoltóir dul i dteagmháil leis an bpobal.

AN TSRAITH CHEOIL IDIRNÁISIÚNTA

I measc na dtaibhithe in Eaglais na hÉireann Naomh Peadar bhí RTÉ Vanbrugh Quartet & Emer McDonough, Baltic Voices in Ireland - Avro Part, Pearls of the Opera, Hugh Tinney, Michael Nyman & his Band, Téada, Callino Quartet, Temenos O8 – ceiliúradh ar cheol Sir John Tavener agus Antti Siirala.

NA HEALAÍONA POBAIL

Lean Comhairle Baile Dhroichead Átha dá ghealltanais daoine óga a mhealladh isteach sna healaíona agus chuir na tionscnaimh seo a leanas ar fáil:

- **Compántas Rince Ógra Dhroichead Átha:** seo an tríú bliain don tionscnamh rince seo do dhaoine óga idir 10 agus 18 bliain d'aois agus is toradh é ar chlár uathúil Ealaíontóra Rince Cónaithe. Léirigh an compántas a rince féin dar teideal "Droichead Átha: Fadó agus Anois" in Ionad Ealaíon Dhroichead Átha i mí na Bealtaine.
- **An Cór Náisiúnta Aragail:** Chuir an Cór Náisiúnta Aragail ceardlanna ar fáil do Choláiste Mhuire – Na Glaschnoic.
- **Ritheadh Comórtas Filíochta na Scoileanna** arís i mbliana le bunscoileanna agus meánscoileanna agus an Scríbhneoir/Ealaíontóir Cónaithe Heather Brett, as a foilsíodh an cúigiú díolaim filíochta do dhaltaí, Pickles and Pancakes.
- **Cloisim gur Mhaith Leat Scannán a Dhéanamh?:** An tríú scoil samhraidh scannánaíochta do dhéagóirí arna eagrú i gcomhar leis an gcompántas Calipo Theatre and Picture Co. a bhfuil duaiseanna buaite aige. Ar fáil ar an gcúrsa bhí teicnící aisteoireachta don cheamra, scríobh scripteanna scannán agus scileanna léirithe scannán.
- **Chúrsa do Cheirneoirí:** Eagraíodh scoil shamhraidh cúig lá do

dhéagóirí idir 14 agus 18 bliain d'aois ar spéis leo scileanna agus teicnící an cheimeora a fhoghlaim.

- **Féile Ealaíon Dhroichead Átha do Pháistí:** An cúigiú féile ealaíon rathúil do pháistí a raibh clár lán de thaibhithe agus ceardlanna spreagúla aige thar thréimhse sé lá lena n-áirítear rince, puipéid, drámaí, ceol agus na hamharcealaíona.

Thug an Oifig Ealaíon faoi thionscadal mór drámaíochta, ceardaíochta agus scéalaíochta le grúpaí Taistealaithe i gcomhar le Comhpháirtíocht Dhroichead Átha agus le hIonad Ealaíon Dhroichead Átha.

DEONTAIS EALAÍON

Sholáthair an Oifig Ealaíon sraith Deontas Ealaíon d'ealaíontóirí, do ghrúpaí agus do scoileanna i nDroichead Átha. San áireamh sna deontais bhí Acht Ealaíon (Babhtá 1 & 2), duais Tyrone Guthrie, Duaiseanna Ceoil don Óga, Scoláireachtaí sa Cheol Clasaiceach, scéim cheannach uirlisí ceoil sna scoileanna, agus sparánacht Chraobh Drámaíochta na hÉireann.

TITHÍOCHT

Tá an Roinn Tithíochta freagrach as cothabháil soláthar tithíochta an Bhaile, bainistiú eastát, bailiú cíosa agus aisíocaíochtaí iasachtaí, díol tithe faoin Scéim Cheannaigh do Thionóntaí agus an Scéim Tithíochta Úinéireacht Roinnte/Inacmhainne, soláthar iasachtaí tithíochta, deontais oiriúnaithe tithe agus cóiríocht do Thaistealaithe. Bhí 323 baile breise curtha ar fáil faoi dheireadh 2008 faoi Chlár Tógáil Tithe na Comhairle le hAghaidh aonad Sóisialta, Deonacha agus Inacmhainne.

Maintenance and repair of our rented stock (1270 dwellings) was completed throughout the year. Tugadh cothabháil agus deisithe ar an stoc ar cíos (1270 teagh) chun críche i gcaitheamh na bliana. Planned maintenance included the installation of gas central heating, attic insulation and smoke alarms into 145 dwellings and the installation of window and doors into 150 dwellings. San áireamh sa chothabháil phleanáilte bhí suiteáil téimh lárnaigh gháis, insliú áiléar agus alárim deataigh in 145 teagh agus suiteáil fuinneog agus doirse in 150 teagh.

An Clár Tógála agus Ceannaigh Tithíochta Sóisialaigh:

- Cluainte an Bhaile Nua – 71 aonad críochnaithe.
- Radharc Dhroichead Átha, Lána Uí Mheartaile – 77 aonad críochnaithe.

Affordable Housing, Part V and the Housing Strategy:

- Cluainte an Bhaile Nua – 24 aonad.
- Radharc Dhroichead Átha, Lána Uí Mheartaile – 16 aonad.

Straitéis Tithíochta:

- Ceannaíodh 20 aonad faoi Scéim Chuid V de Chomhairle Baile Dhroichead Átha.

Tithíocht Dheonach

- Cluainte an Bhaile Nua – 30 aonad arna soláthar ag Clúid.
- Radharc Dhroichead Átha, Lána Uí Mheartaile – 21 aonad arna soláthar ag Respond.
- Sholáthair Cumann Tithíochta Foscadh 36 aonad sa bhliain 2008 agus beidh an 29 eile críochnaithe faoi Mhárta 2009.

Tithíochta Riachtanas Speisialta:

- Tugadh 5 Bhaile Riachtanas Speisialta chun críche sa bhliain 2008 i mBaile Dhroichead Átha (4 Sóisialach agus 1 Deonach).

Cothabháil agus Feabhsú an tSoláthair Tithíochta:

- Tá soláthar tithíochta de 1,270 ag Comhairle Baile Dhroichead Átha.

DAOINE GAN DÍDEAN

Bhí tacaíocht á soláthar i gcónaí ag Comhairle Baile Dhroichead Átha do Chúnamh Dhroichead Átha do Dhaoine gan Dídean agus do Thearmann Ban Dhroichead Átha. Bhog Tearmann na mBan isteach in áitreabh nuathógtha go déanach sa bhliain 2008. Cúig aonad singil agus seacht n-aonad teaghlaigh atá sa bhfoirgneamh.

SCÉIM OIBREACHA ATHCHÓIRITHE PHÁIRC FHINNÉIN

Lean oibreacha ar Chéim 4 ar aghaidh ar an tionscadal seo i gcaitheamh 2008. Bhí 70 teach san áireamh i gCéim 4. I measc na n-oibreacha bhí baint na bpainéal adhmaid de thithe údaráis áitiúil agus bíomaí struchtúracha de bhloic sholadacha agus de chruach bhog a chur ina n-áit, fuinneoga agus doirse a bhaint amach agus fuinneoga agus doirse déghlinithe uPVC a chur ina n-áit. Lena chois sin, bhí soláthar sa chonradh le haghaidh oibreacha comhshaoil comhdhéanta de chosáin, geataí, ballaí teorann agus cabhsáin nua.

Rinneadh oibreacha ar thithe príobháideacha chomh maith agus rinne sealbhóirí tithe ranníocaíocht airgeadais i gcás oibreacha cáilithe ar leith.

Cuireadh tús in Eanáir 2003 leis an mbunionscadal ina raibh soláthar d'athchóiríú ar 200 teagh agus oibreacha forbartha láithreach gaolmhara agus cháiligh sé le haghaidh cistiú caipitil de tuairim is €20 milliún faoi Chlár na nOibreacha Feabhsúcháin ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Meastar go mbeidh an tionscadal lánchríochnaithe faoi Aibreán 2009.

DEONTAIS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Caitheadh €330,000 (gan CBL) san áireamh sa bhliain 2008 ar 21 teagh difriúla.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

SEIRBHÍS DÓITEÁIN	2007	2008					
F1: Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin							
A. Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin	1.7	2.17					
B. Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choiméadta) i gcás dóiteáin	4.8	3.57					
C. Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás gach éigeandála eile	-	1.82					
D. Meántréimhse tógtha, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choiméadta) i gcás gach éigeandála eile	-	3.64					
F.2 An céatadán láithreachta ag láithreacha							
A. Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhtas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad	75.9	60.93					
B. Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhtas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	22.1	34.94					
C. Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhtas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	2	4.13					
D. Céatadán na gcásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile ina rabhtas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad	-	53.41					
E. Céatadán na gcásanna dóiteáin ina rabhtas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	-	40.91					
F. Céatadán na gcásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile ina rabhtas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	-	5.68					
F.3: Cosc Dóiteáin							
A. Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas ar theastas sábháilteacht dóiteáin	371	180					
B. Líon iomlán na n-iarratas ar theastas sábháilteacht dóiteáin a próiseáladh (agus cásanna a measadh a bhí neamhbhailí san áireamh)	380	170					
C. Líon iomlán na n-iarratas a measadh a bhí neamhbhailí	-	6					
RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL							
	2007	2008					
CP.1 Rannpháirteacha i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg							
Céatadán na scoileanna agus na ngrúpaí ógra áitiúla atá rannpháirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	81.25	65.52					
CP.2 Grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach							
Líon na ngrúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	-	108					
CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA							
	2007	2008					
C.1 Laethanta Oibre a cailleadh de dheasca breoiteachta							
A. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de dheasca saoire bhreioiteachta	4.25	4.41					
B. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreioiteacha	0.9	0.97					
C.2 Oiliúint agus Forás na Foirme							
Caiteachas ar oiliúint agus ar fhorás mar chéatadán de chostas iomlána párolla:	4.75	5.23					
SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL							
	2007	2008					
UISCE							
E.1 Uisce nach bhfuil cuntas air							
Uisce nach bhfuil cuntas air mar chéatadán de mhéid iomlán an uisce a soláthraíodh faoi na scéimeanna soláthar uisce atá faoi chúram an údaráis áitiúil	-	44.19					
E.2 Anailís ar Uisce Óil							
A. Céatadán thorthaí anailíse an uisce óil a chomhlíonann na riachtanais reachtaúla i dtaca le scéimeanna poiblí			97.63	97.47			
B. Céatadán thorthaí anailíse an uisce óil a chomhlíonann na riachtanais reachtaúla i dtaca le scéimeanna príobháideacha (más cuí)			95	94.99			
BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA							
E.3 Leithscaradh Dramhaíola							
<i>* Príobháidithe CCL</i>							
A. Céatadán na dtithe a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola leithscartha d'ábhair tirime inathchúrsáilte			- *	- *			
B. Céatadán na dtithe a							

fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola leithscartha d'ábhair orgánach	- *	- *	Gloine			athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09
E4: Dramhaíl Teaghlaigh a Tugadh ar Shiúl lena Athchúrsáil			A. Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	38	37	Ábhair eile		
A. Céatadán na dramhaíola teaghlaigh a bailíodh ón gcolbha agus a tugadh ar shiúl lena athchúrsáil	20	27.59	B. Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	U. Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	43	37
B. Tonnáiste na dramhaíola teaghlaigh a bailíodh ón gcolbha agus a tugadh ar shiúl lena athchúrsáil	7802	10637	C. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	40	39	V. Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2
C. Tonnáiste dramhaíola teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó dhramhaíl bailithe ó shaoráidí athchúrsála (i. bancanna beir leat, ionaid conláiste cathartha, stáisiúin aistrithe agus saoráidí athchúrsála eile)	-	5590	D. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	1.8	1.75	W. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	39	39
E5: Dramhaíl Teaghlaigh a Tugadh ar Shiúl chuig Láthair Líonta Talún			Cannaí			X. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	2	1.75
A. Céatadán dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láthair líonta talún	80	72.41	E. Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	43	37	BRUSCAR		
B. Tonnáiste dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láthair líonta talún	31129	27911	F. Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	E7: Cosc Bruscair agus Forfheidhmiú Dlíthe Bruscair		
E6: Saoráidí Athchúrsála			G. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	45	39	A. Líon na maor bruscair lánaimseartha	7	7
Líon iomlán na Láithreacha Beir Leat i gceantar an údaráis áitiúil	38	37	H. Líon na láithreach athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	2.02	1.75	B. Líon na maor bruscair páirtaimseartha	0	0
Líon iomlán na Láithreacha Conláiste Cathartha i gceantar an údaráis áitiúil	2	2	I. Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	0	0	C. Líon na maor bruscair (idir pháirt- agus lán-aimseartha) in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.343	0.31
			J. Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	D. Líon na bhfíneálacha ar an láthair	1207	1093
			K. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	E. Líon na bhfíneálacha ar an láthair íochta	-	910
			L. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	F. Líon na gcásanna ionchúisimh tógtha i ngeall ar neamhíocaíocht		
			Cadhraí			G. Líon na gcásanna ionchúisimh a fuarthas i ngeall ar neamhíocaíocht		
			M. Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	0	0	H. Líon na bhfógraí eisithe (faoi ailt 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997)	174	145
			N. Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	I. Líon iomlán na n-ionchúiseamh tógtha (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 go 2003)	55	44
			O. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	J. Líon iomlán na n-ionchúiseamh a fuarthas (gach ionchúiseamh faoi na	-	157
			P. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09			
			Oláí					
			Q. Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	0	0			
			R. Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2			
			S. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2			
			T. Líon na láithreacha					

hAchtanna Bruscair 1997 go 2003)	-	44	i stoc an údaráis áitiúil	3160	3344	B. Líon na n-aonad cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu	-	122
K. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá neamhthruaillithe (i. saor ó bhruscar)	14	10.00	B. Líon iomlán na dteaghas, seachas iad siúd a bhfuil mórtionscadal athchóirithe de dhíth orthu		3320	C. Líon na gcigireachtaí a rinneadh	-	122
L. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá truaillithe beagán le bruscar	78	77.50	C. Céatadán foriomlán na dteaghas atá folamh (seachas iad siúd a bhfuil mórtionscadal athchóirithe de dhíth orthu)		1.17	D. Líon na dteaghas a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán na dtionóntachtaí cláraithe (i. B mar chéatadán de A)	-	2.66
M. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá measartha truaillithe le bruscar	8	11.88	D. Céatadán na n-áitreabh folamh nach bhfuil ar fáil le ligean ar cíos	96	56.41	H6: Deontais chun cóiríocht a oiriúnú do riachtanais daoine faoi mhíchumas		
N. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá truaillithe go suntasach le bruscar	0	0.63	E. Céatadán na n-áitreabh folamh atá ar fáil le ligean ar cíos	4	43.59	A. An meántréimhse a thóg sé (i seachtainí) iarratais a phróiseáil faoin Scéim Deontas um Áiseanna Gluaiseachta, lena n-áirítear aon chigireachtaí riachtanacha ó dháta fála an iarratais bhailí go dtí dáta an chinnidh maidir leis an iarratas.	-	8
O. Céatadán na gceantar san údarás áitiúil atá truaillithe go dona le bruscar	0	0.00	H2: An Meántréimhse a thógann sé teaghais atá ar fáil a athligean			B. An meántréimhse a thóg sé (i seachtainí) iarratais a phróiseáil faoin Scéim Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, lena n-áirítear aon chigireachtaí riachtanacha, ó dháta fála an iarratais bhailí go dtí dáta an chinnidh maidir leis an iarratas.	-	8
E8: Gearáin agus Forfheidhmiúchán Comhshaoil			An meántréimhse ama (i seachtainí) ó dháta scartha an teaghais go dtí an dáta ar a bhfuil na deisithe ar fad déanta a bhí riachtanach chun an teaghas a athligean	-	8			
A. Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a bhain le truailliú comhshaoil (a bhain le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú torainn, truailliú aeir)	2755	2342	An meántréimhse a thóg sé (i seachtainí) ó chríoch na n-oibreacha (thuas) go dáta an chéad chíosa	-	3			
B. Líon na ngearán a imscrúdaíodh	2625	2294	H3: Deisithe Tithíochta					
